Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

12148/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0216(COD)**

**AGRI 372**
**AGRILEG 136**
**AGRIFIN 100**
**AGRISTR 95**
**AGRIORG 91**
**CODEC 1042**
**CADREFIN 341**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>– *Téacs comhréitigh ón Uachtaránacht* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na moltaí dréachtúcháin comhdhlúite ón Uachtaránacht maidir leis an togra thuasluaite. Ag cruinniú na Comhairle "Talmhaíocht agus Iascach" an 19-20 Deireadh Fómhair 2020, dhaingnigh na toscaireachtaí gur Cur Chuige Ginearálta ón gComhairle atá sna moltaí dréachtúcháin seo, agus sna cinn maidir leis na hiarscríbhinní, maidir leis an togra thuasluaite.

I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, is i g**<u>cló trom a bhfuil líne faoi</u>** atá an téacs a cuireadh isteach agus léirítear an téacs a scriosadh le [...].

Cuirtear i dtreis go bhfuil gá le tuilleadh coigeartuithe dlíthiúla/teicniúla i ndáil leis na tagairtí do na gníomhartha atá le haisghairm (go háirithe Rialacháin Uimh. 1305/2013, Uimh. 1306/2013 agus Uimh. 1307/2013) chun a áirithiú go n-urramófar leis na tagairtí sin na prionsabail maidir le cáilíocht dréachtaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an bhfonóta a ghabhann le GAECanna 8 agus 9.

**IARSCRÍBHINN**

**MOLTAÍ DRÉACHTÚCHÁIN ÓN UACHTARÁNACHT**

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 1979, agus go háirithe mír 6 de Phrótacal Uimh. 4 maidir le cadás atá ag gabháil leis,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

---

[1] IO C , , lch. .

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

*[Pléifear na haithrisí tráth is faide anonn]*

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

2 IO C , , lch. .

# TEIDEAL I
# ÁBHAR AGUS RAON FEIDHME, FORÁLACHA IS INFHEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) na cuspóirí ginearálta agus sonracha atá le saothrú leis an tacaíocht ón Aontas atá á maoiniú as an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus as an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus, chomh maith leis sin, na táscairí gaolmhara;

   (b) na cineálacha idirghabhála agus na ceanglais choiteanna le go bhféadfaidh na Ballstáit na cuspóirí sin a shaothrú agus na socruithe airgeadais gaolmhara;

   (c) na Pleananna Straitéiseacha CBT atá le tarraingt suas ag na Ballstáit, lena leagfar síos spriocanna, [...] **lena sonrófar coinníollacha do** na hidirghabhálacha agus lena leithdháilfear acmhainní airgeadais, i gcomhréir leis na cuspóirí sonracha agus na riachtanais shainaitheanta;

   (d) comhordú agus rialachas, mar aon le faireachán, tuairisciú agus meastóireacht.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an tacaíocht ón Aontas atá á maoiniú as CERT agus CETFT le haghaidh idirghabhálacha atá sonraithe i bPlean Straitéiseach CBT arna tharraingt suas ag na [...] Ballstáit agus arna fhormheas ag an gCoimisiún, maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir 202[...]**3** go dtí an 31 Nollaig 2027 **('an tréimhse 2023-2027')**.

*Airteagal 2*

*Na forálacha is infheidhme*

1. Beidh feidhm maidir leis an tacaíocht dá bhforáiltear faoin Rialachán seo ag Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus ag na forálacha a ghlactar de bhun an Rialacháin sin.

2. [...] Beidh feidhm maidir leis an tacaíocht atá á maoiniú as CETFT faoin Rialachán seo ag **Airteagal 15**, Chaibidil II de Theideal III, agus ag Airteagail 41 agus 43 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha [...] an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'feirmeoir' duine nádúrtha nó dlítheanach, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, gan beann ar an stádas atá ag grúpa den sórt sin agus ag baill an ghrúpa faoin dlí náisiúnta, a bhfuil a ghabháltas lonnaithe laistigh de raon feidhme críochach na gConarthaí, mar a shainítear sin in Airteagal 52 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), in éineacht le hAirteagail 349 agus 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus ar duine é nó ar grúpa é atá i mbun gníomhaíocht talmhaíochta mar atá sa[...]**init**he ag na Ballstáit **i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(a) den Rialachán seo**;

(b) ciallaíonn 'gabháltas' na haonaid ar fad a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta agus atá á mbainistiú ag feirmeoir atá lonnaithe laistigh de chríoch an Bhallstáit ina bhfuil an gabháltas;

(c) ciallaíonn 'idirghabháil' ionstraim thacaíochta ina bhfuil sraith coinníollacha incháilitheachta atá sainithe ag na [...] Ballstáit sna Pleananna Straitéiseacha CBT agus atá bunaithe ar chineál idirghabhála dá bhforáiltear sa Rialachán seo;

---

[3] Rialachán (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [dáta] [teideal iomlán] (IO L ).

[4] Rialachán (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [dáta] [teideal iomlán] (IO L ).

(d) ciallaíonn 'ráta tacaíochta' ráta na ranníocaíochta poiblí le hoibríocht. I gcás ionstraimí airgeadais, tagraíonn sé don choibhéis deontais chomhláin a bhaineann leis an tacaíocht mar a shainítear sin in Airteagal 2(20) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ón gCoimisiún[5];

**(da) ciallaíonn 'caiteachas poiblí' aon ranníocaíocht le hoibríochtaí a mhaoiniú arb é foinse na ranníocaíochta sin buiséad údarás poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, buiséad an Aontais a chuirtear ar fáil do CERT agus CETFT, buiséad comhlachtaí dlí poiblí nó buiséad comhlachas d'údaráis phoiblí nó de chomhlachtaí dlí poiblí;**

(e) ciallaíonn 'ciste frithpháirteach' scéim arna creidiúnú ag [...] Ballstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta le haghaidh feirmeoirí cleamhnaithe chun iad féin a chur faoi árachas, trína ndéantar íocaíochtaí cúitimh le feirmeoirí cleamhnaithe in aghaidh caillteanais eacnamaíocha a bhaineann dóibh**, i dtéarmaí méid nó luacha, nó a thabhaíonn costais a bhaineann le bearta a chur chun feidhme chun galair ainmhithe nó orgánaigh atá dochrach do phlandaí a rialú**.

(f) ciallaíonn 'oibríocht':

(i) tionscadal, conradh, gníomhaíocht nó grúpa de thionscadail arna roghnú faoin [...] b**Plean Straitéiseach CBT** lena mbaineann;

(ii) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, [...] **an caiteachas poiblí incháilithe iomlán arna dheonú** d'ionstraim airgeadais agus an tacaíocht airgeadais ina dhiaidh sin a thugann an ionstraim airgeadais sin do na faighteoirí deiridh;

(g) ciallaíonn 'comhlacht idirmheánach' aon chomhlacht dlí phoiblí nó phríobháidigh**, lena n-áirítear comhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí forbartha réigiúnaí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha,** a ghníomhaíonn faoi chúram Údaráis Bainistíochta **nó údaráis bainistíochta ar an leibhéal réigiúnach dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 110(1)**, nó a dhéanann dualgais thar ceann údaráis den sórt sin;

[5] Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus i gceantair thuaithe comhoiriúnach don mhargadh inmheánach agus Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á gcur i bhfeidhm (IO L 193/1, 1.7.2014, lch. 1).

(h) I gcás na gcineálacha idirghabhál**a** le haghaidh forbairt tuaithe **dá dtagraítear in Airteagal 64**, ciallaíonn 'tairbhí':

(i) comhlacht dlí phoiblí nó phríobháidigh, eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, [...] duine nádúrtha **nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha**, atá freagrach as oibríochtaí a thionscnamh nó oibríochtaí a thionscnamh agus a chur chun feidhme araon;

(ii) i gcomhthéacs scéimeanna Státchabhrach, an [...] **gnóthas** a fhaigheann an chabhair;

(iii) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, an comhlacht a chuireann an ciste sealbhaíochta chun feidhme nó, i gcás nach mbeidh aon struchtúr ciste sealbhaíochta ann, an comhlacht a chuireann an ciste sonrach chun feidhme nó, i gcás inarb é an tÚdarás Bainistíochta a bhainistíonn an ionstraim airgeadais, an tÚdarás Bainistíochta;

(i) ciallaíonn 'spriocanna' luachanna réamh[...]**bhunaithe, arna socrú ag na Ballstáit faoi chuimsiú a straitéisí idirghabhála dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 95(1),** atá le baint amach faoi dheireadh na tréimhse i ndáil leis na táscairí toraidh **a úsáidtear le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta** [...];

(j) ciallaíonn 'garspriocanna' [...] **luachanna réamhbhunaithe idirmheánacha, arna socrú ag na Ballstáit faoi chuimsiú a straitéisí idirghabhála dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 95(1), do bhliain airgeadais shonrach** atá le baint amach ag tráth ar leith le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT i ndáil leis na táscairí **toraidh** a **úsáidtear le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta** [...]**;**

**(ja) ciallaíonn 'luachanna tuartha' luachanna réamhbhunaithe, arna meas ag na Ballstáit faoi chuimsiú a straitéisí idirghabhála dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 95(1), do bhliain airgeadais shonrach a mheastar a bhainfear amach ag tráth ar leith le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT agus ag a dheireadh i ndáil leis na táscairí toraidh a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ní le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta;**

(k) **ciallaíonn 'AKIS' an chomheagraíocht agus na sreabha eolais idir daoine, eagraíochtaí agus institiúidí a úsáideann agus a tháirgeann eolas le haghaidh talmhaíochta agus réimsí a bhfuil baint acu léi (Córas Eolais agus Nuálaíochta na Talmhaíochta)**.

*Airteagal 4*

*Sainmhínithe* ***agus coinníollacha*** *atá le leagan amach sna Pleananna Straitéiseacha CBT*

1. Soláthróidh na Ballstáit ina bPlean Straitéiseach CBT **ar a laghad** na sainmhínithe ar ghníomhaíocht talmhaíochta, limistéar talmhaíochta, heicteár incháilithe [...] agus feirmeoir óg, **agus na coinníollacha dóibh sin**, **ar an mbonn seo a leanas**:

   (a) **cinnfear** 'gníomhaíocht talmhaíochta' [...] i gcaoi is go n-áireofar táirgeadh táirgí talmhaíochta, **cé is moite de tháirgí iascaigh,** a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE**,** [...] **mar aon le** cadás agus adhmad as roschoillte gearruainíochta, agus cothabháil an limistéir talmhaíochta i riocht a bheidh oiriúnach d'innilt nó do shaothrú, gan gá le haon ghníomhaíocht ullmhúcháin thar na gnáthmhodhanna agus gnáthinnealra talmhaíochta;

   (b) **cinnfear** 'limistéar talmhaíochta' [...] i gcaoi is gur talamh arúil, barra buana agus féarthailte buana atá ann. Déanfaidh na Ballstáit na téarmaí 'talamh arúil', 'barra buana' agus 'féarthailte buana' a shonrú a thuilleadh faoi chuimsiú an mhéid seo a leanas:

(i) gurb é a bheidh i gceist le 'talamh arúil' talamh a shaothraítear le haghaidh táirgeadh barr nó na limistéir atá ar fáil le haghaidh táirgeadh barr ach atá fágtha bán, lena n-áirítear na limistéir sin a fhágtar i leataobh i gcomhréir le hAirteagail 22, 23 agus 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999[6] ón gComhairle, le hAirteagal 39 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005[7] ón gComhairle, le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó le hAirteagal 65 **nó le caighdeán GAEC 9 a liostaítear in Iarscríbhinn III** den Rialachán seo; **áireofar leis freisin limistéir a chuirtear ar leataobh i gcomhréir le hAirteagal 28 den rialachán seo ar choinníoll gur talamh a saothraíodh le haghaidh táirgeadh barr nó na limistéir a bhí ar fáil le haghaidh táirgeadh barr ach a fhágfar bán tráth a cuireadh i leataobh iad i gcomhréir leis an airteagal sin a bhí sna limistéir sin;**

(ii) gurb é a bheidh i gceist le 'barra buana' barra nach bhfuil de réir uainíochta cé is moite d'fhéarthailte buana agus féarach buan a áitíonn an talamh ar feadh cúig bliana nó níos mó agus a thugann barra bliain i ndiaidh bliana, lena n-áirítear plandlanna agus roschoillte gearruainíochta;

6 Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialacháin áirithe (IO L 160, 26.6.1999, lch. 80).

7 Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFC) (IO L 277, 21.10.2005, lch. 1).

(iii) gurb é a bheidh i gceist le 'féarthailte buana agus féarach buan' (dá dtagraítear i dteannta a chéile mar 'féarthailte buana') talamh **a úsáidtear chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha (féinsíolaithe) nó trína shaothrú (síolaithe) agus** nár áiríodh in uainíocht bharr an ghabháltais ar feadh cúig bliana nó níos mó, **agus, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit amhlaidh, nár cuireadh faoin gcéachta ar feadh cúig bliana nó níos mó agus, ina theannta sin, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit amhlaidh, nár saothraíodh ar feadh cúig bliana nó níos mó; féadfaidh speicis eile amhail toir nó crainn atá in-innilte, agus, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit amhlaidh, speicis eile amhail toir nó crainn lena ndéantar beatha ainmhithe a tháirgeadh a bheith mar chuid de sin, ar choinníoll go bhfuil na** [...] féara [...] **agus** an foráiste luibheach eile [...] **ceannasach i gcónaí**. [...]**Féadfaidh na Ballstáit an méid a leanas a mheas mar fhéarthailte buana freisin:**

- **talamh atá in-innilte agus atá ina chuid de chleachtais áitiúla sheanbhunaithe áit nach bhfuil féara agus foráiste luibheach eile ceannasach go traidisiúnta i limistéir innilte;**

- **talamh atá in-innilte i gcás nach mbeidh féara agus foráiste luibheach eile ceannasach, nó i gcás nach ann dóibh i limistéir innilte;**

(c) chun críche cineálacha idirghabhála ar íocaíochtaí díreacha iad, déanfar 'heicteár incháilithe' a chinn[...]**eadh** sa chaoi is [...] **go gcuimsítear leis** aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) **aon limistéar talmhaíochta den ghabháltas** a úsáidtear, le linn na bliana sin a ndearnadh iarratas ar thacaíocht ina leith, le haghaidh gníomhaíocht talmhaíochta nó, i gcás ina n-úsáidfear an limistéar le haghaidh gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta freisin, gur le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta go príomha a úsáidtear é, agus go bhfuil sé ar fáil ag an bhfeirmeoir. Maidir le heicteáir incháilithe, i gcás ina mbeidh údar cuí leis ar chúiseanna comhshaoil **nó** ar chúiseanna **a bhaineann leis an aeráid**, **féadfaidh na Ballstáit a chinneadh:**

- go n-áireofaí leo freisin [...] limistéir áirithe a úsáidtear i gcomhair gníomhaíochtaí talmhaíochta gach dara bliain agus sin amháin**, nó**

- **nach n-áireofaí leo limistéir talmhaíochta atá de thoradh tiontú limistéar neamhthalmhaíochta i gcás ina mbeidh drochthionchar ag an tiontú sin ar an aeráid nó ar aon gcomhshaol** [...]**;**

**(ia) aon limistéar den ghabháltas:**

- **a chumhdaítear le gnéithe tírdhreacha atá faoi réir na hoibleagáide coinneála faoi chaighdeán GAEC 9 a liostaítear in Iarscríbhinn III;**

- **a úsáidtear chun an sciar íosta den talamh arúil a dhírítear ar ghnéithe neamhtháirgiúla faoi chaighdeán GAEC 9 a bhaint amach;**

- **a bhunaítear nó a choimeádtar, fad a mhaireann gealltanas ábhartha an fheirmeora, mar thoradh ar éiciscéim dá dtagraítear in Airteagal 28.**

**Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhfuil gnéithe tírdhreacha eile sna heicteáir incháilithe ar choinníoll nach bhfuil siad ceannasach. A mhéid a bhaineann le féarthailte buana a bhfuil gnéithe scaipthe neamh-incháilithe iontu, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh comhéifeachtaí laghdaithe seasta a chur i bhfeidhm chun an limistéar a mheastar a bheith incháilithe a chinneadh.**

(ii) **aon limistéar den ghabháltas** lenar tugadh ceart chun íocaíochtaí a fháil faoi Fhoroinn 2 de Roinn 2 de Chaibidil II de Theideal III den Rialachán seo nó faoi scéim na híocaíochta bunúsaí nó faoin scéim íocaíochta aonair limistéir a leagtar síos i dTeideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, agus [...] **nach** 'heicteár incháilithe' é [...] **arna chinneadh ag na Ballstáit ar bhonn fhophointí (i) agus (ia) den phointe seo:**

- mar thoradh ar [...] **chur chun feidhme** Threoracha 92/43/CEE**,** [...] 2009/147/CE nó [...] 2000/60/CE **i leith an limistéir sin**;

- **mar thoradh ar chaighdeán faoi chaighdeán GAEC 2 a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme;**

- **mar thoradh ar bhearta a bhaineann le limistéar, lena n-áirítear riacshaothrú, a rannchuidíonn le maolú agus oiriúnú don athrú aeráide nó do chuspóirí comhshaoil nó bithéagsúlachta a leagtar síos i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6(1) den Rialachán seo;**

- ar limistéar é, fad a mhaireann gealltanas an fheirmeora aonair [...] **don fhoraoisiú**, [...] de bhun Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 nó Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 nó Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 **nó Airteagal 65 nó Airteagal 68 den Rialachán seo,** nó faoi scéim náisiúnta lena gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 43(1), (2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 nó Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó Airteagal[...] 65 [...] **nó Airteagal 68** den Rialachán seo [...]**;**

- ar limistéar é, fad a mhaireann [...] gealltanas **<u>cur i leataobh</u>** [...] **<u>an</u>** fheirmeora aonair, [...] de bhun Airteagail 22, 23 agus 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999, Airteagal 39 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó Airteagal 65 den Rialachán seo.

Ní bheidh na heicteáir i limistéir a úsáidtear chun cnáib a tháirgeadh incháilithe ach amháin má tá cion teitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0,2 % sna cineálacha cnáibe a úsáidtear;

(d) [...]

(e) **<u>cinnfear</u>** 'feirmeoir óg' [...] i gcaoi is go n-áireofar leis:

(i) uasteorainn aoise nach airde ná 40 bliain;

(ii) na coinníollacha faoina ndeimhnítear 'ceann an ghabháltais'. [...]

[...]

**<u>Féadfaidh na Ballstáit ceanglais bhreise oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha a áireamh a mhéid a bhaineann le hoiliúint agus scileanna iomchuí.</u>**

**<u>1a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT Airteagail 15a, 17(3), 21(1), 22(5), 24(1), 28(2), 29(1), 34, 66(2) agus 70(2) a chur i bhfeidhm maidir le 'fíorfheirmeoirí' amháin mar a chinntear i gcomhréir leis an dara fomhír.</u>**

**<u>Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT cé na feirmeoirí a mheastar a bheith ina 'bhfíorfheirmeoirí' de réir critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha. I gcás ina measfaidh na Ballstáit gur fíorfheirmeoirí iad na feirmeoirí sin nach bhfuair íocaíochtaí díreacha atá níos mó ná méid áirithe don bhliain roimhe sin, ní bheidh an méid sin níos mó ná EUR 5 000.</u>**

2. Chun an tsláinte phoiblí a chosaint, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha a fhágann gur ar choinníoll síolta deimhnithe de chineálacha áirithe cnáibe a úsáid a dheonófar íocaíochtaí agus leis an nós imeachta le haghaidh cineálacha cnáibe a chinneadh agus**<u>,</u>** [...] **<u>chomh maith leis sin</u>**, lena gcion teitrihidreacannaibionóil dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 a fhíorú.

# TEIDEAL II
# CUSPÓIRÍ AGUS TÁSCAIRÍ

*Airteagal 5*

*Cuspóirí ginearálta*

Beidh sé mar chuspóir leis an tacaíocht ó CERT agus CETFT forbairt inbhuanaithe na feirmeoireachta, an bhia agus na gceantar tuaithe a fheabhsú agus beidh an tacaíocht sin ina cuidiú chun na cuspóirí ginearálta seo a leanas a bhaint amach:

(a) earnáil talmhaíochta chliste, athléimneach agus éagsúlaithe a chothú lena n-áiritheofar an tslándáil bia;

(b) an cúram don chomhshaol agus an ghníomhaíocht ar son na haeráide a neartú agus cur le cuspóirí sin an Aontais a bhfuil baint acu leis an gcomhshaol agus leis an aeráid;

(c) bonn socheacnamaíoch na gceantar tuaithe a neartú.

Déanfar na cuspóirí sin a chomhlánú leis an gcuspóir trasearnálach maidir leis an earnáil a nuachóiriú tríd an eolas, an nuálaíocht agus an claochlú digiteach a chothú agus a chomhroinnt in earnáil na talmhaíochta agus i gceantair thuaithe, agus an glacadh atá leo a spreagadh.

*Airteagal 6*

*Cuspóirí sonracha*

[...] Déanfar na cuspóirí ginearálta a shaothrú leis na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(a) tacaíocht a thabhairt d'ioncam feirme inmharthana agus don athléimneacht ó cheann ceann an Aontais chun cur leis an tslándáil bia;

(b) díriú níos fearr ar an margadh agus cur leis an iomaíochas, lena n-áirítear béim níos mó ar an taighde, ar an teicneolaíocht agus ar an gclaochlú digiteach;

(c) áit an fheirmeora sa slabhra luacha a fheabhsú;

(d) rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin, agus leis an bhfuinneamh inbhuanaithe;

(e) an fhorbairt inbhuanaithe agus bainistiú éifeachtúil ar acmhainní nádúrtha, amhail an t-uisce, an ithir agus an t-aer, a chothú;

(f) rannchuidiú le cosaint na bithéagsúlachta, seirbhísí éiceachórais a fheabhsú agus gnáthóga agus tírdhreacha a chaomhnú;

(g) feirmeoirí óga a mhealladh **agus tacú leo,** agus forbairt gnó a éascú i gceantair thuaithe;

(h) an fhostaíocht, an fás, an **comhionannas inscne,** an cuimsiú sóisialta, agus an fhorbairt áitiúil a chur chun cinn i gceantair thuaithe, lena n-áirítear an bithgheilleagar agus an fhoraoiseacht inbhuanaithe;

(i) feabhas a chur ar an gcaoi a bhfreagraíonn earnáil talmhaíochta an Aontais Eorpaigh ar éilimh shochaíocha ar bhia agus ar shláinte, lena n-áirítear bia sábháilte **agus** [...] cothaitheach [...] **a thairgtear ar bhealach inbhuanaithe**, cur amú bia agus leas ainmhithe.

[...]

*Airteagal 7*

*Táscairí*

1. Déanfar cé chomh maith agus atá na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 6 [...] á ngnóthú a mheas ar bhonn comhtháscairí a bhaineann le haschur, toradh**,** tionchar **agus comhthéacs mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I iad**. Áireofar leis na comhtháscairí **sin** na nithe seo [...] a leanas:

(a) táscairí aschuir **a úsáidtear le haghaidh imréiteach feidhmíochta,** a bhaineann leis an aschur a tháinig as na hidirghabhálacha ar tugadh tacaíocht dóibh;

(b) táscairí toraidh a bhaineann leis na cuspóirí sonracha lena mbaineann**, agus i gcás inarb ábhartha an cuspóir trasearnálach maidir leis an earnáil a nuachóiriú trí eolas, nuálaíocht agus digitiú a chothú agus a chomhroinnt sa talmhaíocht agus i limistéir thuaithe, agus an glacadh atá leo a spreagadh dá dtagraítear in Airteagal 5,** agus **a** úsáidtear chun garspriocanna cainníochtaithe agus spriocanna a bhunú i ndáil leis na cuspóirí sonracha **agus trasearnálacha** sin sna Pleananna Straitéiseacha CBT agus **chun** an dul chun cinn i dtreo na spriocanna **sin** a mheasúnú [...];

(c) táscairí tionchair a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6 [...] agus a úsáidtear i gcomhthéacs Phleananna Straitéiseacha CBT agus i gcomhthéacs CBT**;**

**(d) táscairí comhthéacs dá dtagraítear in Airteagal 103(2) agus a liostaítear in Iarscríbhinn I.**

[...]

**1b. Áireofar ar na táscairí toraidh a úsáidtear chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht, dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, aon táscaire toraidh ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn XII. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a roghnú, chun na críche céanna, aon táscairí toraidh ábhartha eile mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó aon táscairí toraidh sonracha eile de chuid Phlean Straitéiseach CBT a chur san áireamh, de réir mar a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann.**

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 lena leasaítear Iarscríbhinn I chun na comhtháscairí aschuir, toraidh, [...] tionchair **agus comhthéacs** a oiriúnú**. Beidh an cumhachtú sin teoranta go docht d'aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna teicniúla a ardaíonn na Ballstáit** [...] **i ndáil le**na gcur i bhfeidhm [...].

# TEIDEAL III
# CEANGLAIS CHOITEANNA AGUS CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA

## CAIBIDIL I
## CEANGLAIS CHOITEANNA

### ROINN 1
### PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

*Airteagal 8*

*[...]* ***Cur chuige straitéiseach***

Déanfaidh na Ballstáit na cuspóirí a leagtar amach i dTeideal II a shaothrú trí idirghabhálacha a shonrú ar bhonn na gcineálacha idirghabhála a leagtar amach i gCaibidlí II, III agus IV den Teideal seo i gcomhréir lena **measúnú faoi seach ar riachtanais agus leis** na ceanglais choiteanna a leagtar amach sa Chaibidil seo.

*Airteagal 9*

*Prionsabail ghinearálta*

Déanfaidh na Ballstáit na hidirghabhálacha atá ina bPleananna Straitéiseacha CBT **agus na caighdeáin GAEC dá dtagraítear in Airteagal 12** a cheapadh i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais.

Áiritheoidh na Ballstáit go leagfar amach na hidirghabhálacha **agus na caighdeáin GAEC dá dtagraítear in Airteagal 12** ar bhonn critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, go bhfuil siad comhoiriúnach don mhargadh inmheánach agus nach saobhann siad an iomaíocht.

Bunóidh na Ballstáit an creat dlíthiúil faoina rialófar an chaoi a ndeonófar an tacaíocht ón Aontas do na tairbhithe [...] **i gcomhréir leis** an bPlean Straitéiseach CBT agus [...] leis na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach].

*Airteagal 10*

*Tacaíocht intíre ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála*

1. Maidir leis na hidirghabhálacha atá bunaithe ar na cineálacha idirghabhála a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, lena n-áirítear na sainmhínithe **agus na coinníollacha** [...] a leagtar amach in Airteagal 4, [...] **ceapfaidh** na Ballstáit iad [...] **i gcaoi is go gcáileoidh siad faoi na critéir** in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht.

   [...] **Go háirithe,** an tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuaine, an tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuaine, an tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga agus na scéimeanna maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, **cáileoidh siad faoi na critéir i míreanna Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht a chuirtear in iúl in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo do na hidirghabhálacha sin. Do na hidirghabhálacha eile, is míreanna táscacha iad na míreanna sonracha d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht agus a chuirtear in iúl in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus** féadfaidh sé go n-urramóidh **na hidirghabhálacha sin** mír eile d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht, má tá údar cuí tugtha leis sin sa Phlean Straitéiseach CBT.

2. [...] *

---

* Cuir an méid seo a leanas isteach ag deireadh aithris (20): "**Go háirithe, ba cheart an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis sa rialachán seo a cheapadh chun forálacha an 'Bhosca Ghoirm' a urramú.**"

***Airteagal 10a***

***Cur chun feidhme an Mheabhráin Tuisceana maidir le síolta ola***

**1. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit foráil d'idirghabhálacha limistéarbhunaithe, cé is moite díobh sin a chomhlíonann forálacha Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht, lena n-áirítear tacaíocht ioncaim chúpláilte faoi Fhoroinn 1 de Roinn 3 de Chaibidil II de Theideal III, agus i gcás ina mbainfidh na hidirghabhálacha sin le cuid de na síolta ola nó na síolta ola uile dá dtagraítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Tuisceana idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le síolta ola[8], ní bheidh iomlán an limistéir tacaíochta ar bhonn na n-aschur atá beartaithe agus a áirítear i bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát lena mbaineann níos airde ná an limistéar uasta tacaíochta san Aontas ina iomláine lena áirithiú go gcomhlíonfar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais.**

**Sé mhí, ar a dhéanaí, tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar limistéar tacaíochta tagartha táscach maidir le gach Ballstát ar leith, arna ríomh ar bhonn an sciar de mheánlimistéar an tsaothraithe san Aontas a bhí ag gach Ballstát ar leith feadh na tréimhse cúig bliana roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).**

**2. Gach Ballstát a bhfuil sé ar intinn aige tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú, déanfaidh sé na haschuir chomhfhreagracha atá beartaithe i bhfoirm heicteár a thabhairt le fios ina thogra le haghaidh Phlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 106(1).**

---

8 **Meabhrán Tuisceana idir an Comhphobal Eacnamaíochta agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le síolta ola faoi GATT (IO L 147, 18.6.1993, lch. 25).**

**Más rud é, tar éis do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi na haschuir uile atá beartaithe, go mbeidh an limistéar uasta don Aontas ina iomláine sáraithe, déanfaidh an Coimisiún, i gcás gach Ballstáit a d'fhógair farasbarr i gcomparáid lena limistéar tagartha, comhéifeacht laghdaithe a ríomh a bheidh comhréireach leis an bhfarasbarr de na haschuir atá beartaithe ag na Ballstáit sin. Fágfaidh sin go ndéanfar leasú ar an limistéar uasta tacaíochta don Aontas ina iomláine mar a thagraítear dó i mír 1. Cuirfear gach Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoin gcomhéifeacht laghdaithe sin sna barúlacha a thabharfaidh an Coimisiún ar Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 106(3). Déanfar an chomhéifeacht laghdaithe maidir le gach Ballstát ar leith a shocrú sa ghníomh cur chun feidhme lena ndéanfaidh an Coimisiún an Plean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 106(6) a fhormheas.**

**Tar éis an dáta dá dtagraítear in Airteagal 106(1), ní dhéanfaidh Ballstát a limistéar tacaíochta féin a leasú ar a thionscnamh féin.**

**3. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag na Ballstáit cur lena n-aschuir bheartaithe dá dtagraítear i mír 1 agus a d'fhormheas an Coimisiún sna Pleananna Straitéiseacha CBT, tabharfaidh siad fógra maidir leis na haschuir bheartaithe athbhreithnithe don Choimisiún trí iarraidh ar leasú ar Phleananna Straitéiseacha CBT i gcomhréir le hAirteagal 107 faoin 1 Eanáir den bhliain roimh an mbliain éilimh lena mbaineann.**

**I gcás inarb iomchuí, chun a sheachaint go sárófar an limistéar uasta tacaíochta don Aontas ina iomláine dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na comhéifeachtaí laghdaithe dá dtagraítear sa mhír sin maidir leis na Ballstáit sin uile a bhfuil an limistéar tagartha a bhí sonraithe ina bPleananna Straitéiseacha CBT sáraithe acu.**

**Faoin 1 Feabhra, ar a dhéanaí, den bhliain roimh an mbliain éilimh lena mbaineann, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit sin lena mbaineann ar an eolas faoin athbhreithniú ar an gcomhéifeacht laghdaithe.**

**Faoin 1 Aibreán den bhliain roimh an mbliain éilimh lena mbaineann, tíolacfaidh gach Ballstát lena mbaineann iarraidh chomhfhreagrach ina n-iarrfar an Plean Straitéiseach CBT atá aige a leasú chun an comhéifeacht laghdaithe athbhreithnithe dá dtagraítear sa dara fomhír a áireamh ann. Déanfar an chomhéifeacht laghdaithe athbhreithnithe a shocrú sa ghníomh cur chun feidhme lena ndéanfar an Plean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 107(8) a fhormheas.**

**4. Maidir leis na síolta ola a mbaineann an Meabhrán Tuisceana dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 leo, déanfaidh na Ballstáit líon iomlán na heicteár ar íocadh tacaíocht ina leith a chur in iúl don Choimisiún sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 121.**

**5. Déanfaidh na Ballstáit saothrú síolta lus na gréine a eisiamh ó aon idirghabháil limistéarbhunaithe dá dtagraítear i mír 1.**

## ROINN 2

## COINNÍOLLACHT

*Airteagal 11*

*Prionsabal agus raon feidhme*

1. Déanfaidh na Ballstáit córas coinníollachta a áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT, córas faoina ndéanfar pionós riaracháin a fhorchur ar **fheirmeoirí agus** tairbhithe **eile** a bhfuil íocaíochtaí díreacha faoi Chaibidil II den Teideal seo, nó préimheanna bliantúla faoi Airteagail 65, 66 agus 67, á bhfáil acu nach gcomhlíonann na ceanglais reachtúla bhainistithe faoi dhlí an Aontais agus faoi chaighdeáin **GAEC** [...] mar a bhunaítear sa Phlean Straitéiseach CBT agus a liostaítear in Iarscríbhinn III, maidir leis na réimsí sonracha seo a leanas:

   (a) an aeráid agus an comhshaol;

   (b) an tsláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí;

   (c) leas ainmhithe.

2. [...]

3. Na gníomhartha dlíthiúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn III maidir leis na ceanglais reachtúla bhainistithe, beidh feidhm ag an leagan sin díobh is infheidhme agus, i gcás Treoracha, faoi mar atá siad á gcur chun feidhme ag na Ballstáit.

4. Chun críoch na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘ceanglas reachtúil bainistithe' gach ceanglas reachtúil bainistithe aonair faoi dhlí an Aontais [...] **a liostaítear** in Iarscríbhinn III laistigh de ghníomh dlí ar leith, agus atá difriúil ó thaobh substainte de le haon cheanglas eile atá sa ghníomh céanna.

*Airteagal 12*

*Oibleagáidí na mBallstát maidir* ***le talamh*** *a bheith i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar gach limistéar talmhaíochta**,** lena n-áirítear talamh nach n-úsáidtear a thuilleadh chun críoch táirgthe, [...] i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil. **Socróidh** na Ballstáit [...], ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, na híoschaighdeáin d'**fheirmeoirí agus** tairbhithe **eile** le haghaidh **gach caighdeán GAEC** [...] **a liostaítear in Iarscríbhinn III** i gcomhréir le príomhchuspóir na gcaighdeán dá dtagraítear san Iarscríbhinn **sin** [...]**. Agus na caighdeáin á socrú acu,** cuir[...]**fidh na Ballstáit** san áireamh**, i gcás inarb ábhartha, méid na feirme, struchtúir na bhfeirmeacha,** saintréithe na limistéar lena mbaineann, lena n-áirítear dálaí ithreach agus aeráide, na córais feirmeoireachta atá ann cheana, úsáid na talún [...] **amhail sciar na limistéar foraoise,** [...] cleachtais feirmeoireachta, [...] **agus sainiúlachtaí na limistéar is forimeallaí**.

2. Maidir leis na príomhchuspóirí a leagtar síos in Iarscríbhinn III, féadfaidh [...] na Ballstáit caighdeáin de bhreis ar na caighdeáin sin a leagtar síos san Iarscríbhinn sin **a shocrú** in aghaidh na bpríomhchuspóirí sin. Mar sin féin, ní [...] **shocróidh** na Ballstáit íoschaighdeáin maidir le príomhchuspóirí seachas na príomhchuspóirí a leagtar síos in Iarscríbhinn III[*].

3. [...]

---

[*] Sainiúlacht bhreise in aithris 22: "**Féadfar ceapadh éagsúil réigiúnach a bheith ag baint leis na caighdeáin náisiúnta nó féadfar iad a dhíriú ar limistéir áirithe nó ar fheirmeacha áirithe nuair atá údar cuí leis na hoiriúnuithe sin mar gheall ar athruithe ar shaintréithe an limistéir nó na bhfeirmeacha.**"

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha [...] **lena ndéanfar cothrom na Féinne a áirithiú a mhéid a bhaineann leis** an [...] **modh ríomha lena bhféadfar, ag an am céanna, oiriúnuithe a dhéanamh ar an gcóimheas maidir le caighdeán** GAEC 1 [...] **a liostaítear** in Iarscríbhinn III [...].

## ROINN 3

### SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA FEIRME

*Airteagal 13*

*Seirbhísí comhairleacha feirme*

1. Áireoidh na Ballstáit sa Phlean Straitéiseach CBT córas lena gcuirfear seirbhísí comhairleacha **poiblí nó príobháideacha** i dtaobh bainistiú talún agus bainistiú feirme ('seirbhísí comhairleacha feirme') ar fáil d'fheirmeoirí agus tairbhithe eile a fhaigheann tacaíocht faoi CBT. **Féadfaidh na Ballstáit córais atá ann cheana a úsáid.**

2. Cumhdóidh na seirbhísí comhairleacha feirme gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta agus cuirfidh siad faisnéis eolaíoch agus theicneolaíoch ar fáil atá cothrom le dáta agus a ceapadh trí bhíthin taighde agus nuálaíochta. Déanfar iad a chomhtháthú in [...] AKIS [...] .

3. Áiritheoidh na Ballstáit gur comhairle neamhchlaonta a bheidh sa chomhairle a thugtar agus go mbeidh na comhairleoirí saor ó aon choinbhleacht leasa.

4. Cumhdóidh na seirbhísí comhairleacha feirme an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) na ceanglais, na coinníollacha agus na gealltanais bhainistithe uile a bhfuil feidhm acu maidir le feirmeoirí agus tairbhithe eile a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT, lena n-áirítear na ceanglais agus na caighdeáin faoin gcóras coinníollachta agus na coinníollacha maidir le [...] **hidirghabhálacha**, mar aon le faisnéis i dtaobh ionstraimí airgeadais agus pleananna gnó a bhunaítear faoin bPlean Straitéiseach CBT;

(b) na ceanglais atá [...] **leagtha síos** ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme Threoir 2000/60/CE, Threoir 92/43/CEE, Threoir 2009/147/CE, Threoir 2008/50/CE, Threoir (AE) 2016/2284, Rialachán (AE) 2016/2031, Rialachán (AE) 2016/429, Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus Threoir 2009/128/CE;

(c) cleachtais feirme a sheachnaíonn go dtagann frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha chun cinn mar a leagtar amach sa Teachtaireacht [...] faoin gcur chuige dar teideal *A European One Health Action Plan against Antimicrobial Resistance*[10];

(d) bainistiú riosca [...];

(e) tacaíocht nuálaíochta, go háirithe maidir le tionscadail grúpaí oibríochtúla de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta le haghaidh táirgiúlacht agus inbhuaine talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 114 a ullmhú agus a chur chun feidhme;

(f) [...] teicneolaíochtaí digiteacha sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe dá dtagraítear in Airteagal 102(b);

---

9 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

10 [...] [Plean Gníomhaíochta an Aontais 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha] (COM(2017) 339 final).

**(fa) úsáid na huirlise inbhuaine feirme i ndáil le cothaithigh, amhail ón mbliain 2025 ar a dhéanaí, atá le forbairt ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit. Feidhmchlár digiteach a bheidh san uirlis seo lena soláthrófar cothromaíocht maidir le cothaithigh bunaithe ar fhaisnéis ábhartha faoin bhfeirm, ar cheanglais dhlíthiúla maidir le cothaithigh agus ar an bhfaisnéis i dtaca le hanailísí ar an ithir atá ar fáil. De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit uirlis dhigiteach eile a úsáid lena gcomhlíontar an cuspóir céanna. Féadfaidh an Coimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le ceanglais a bhaineann le seirbhísí stórála agus próiseáil sonraí.**

# CAIBIDIL II
# CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA AR ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA IAD

## ROINN 1

## CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA, [...] LAGHDÚ AGUS ÍOSCHEANGLAIS

*Airteagal 14*

*Cineálacha idirghabhála ar íocaíochtaí díreacha iad*

[...]**1**. Féadfaidh na cineálacha idirghabhála faoin gCaibidil seo a bheith ina n-íocaíochtaí díreacha cúpláilte agus díchúpláilte.

[...]**2**. Seo a leanas a bheidh sna híocaíochtaí díreacha díchúpláilte:

(a) an tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuaine;

(b) an tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuaine;

(c) an tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga;

(d) na scéimeanna maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol.

[...]**3**. Seo a leanas a bheidh sna híocaíochtaí díreacha cúpláilte:

(a) an tacaíocht ioncaim chúpláilte;

(b) an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis.

*Airteagal 15*

*[...]* ***Uasteorannú agus céimlaghdaitheacht*** *íocaíochtaí*

1. **Féadfaidh** [...] na Ballstáit [...] **uasteorainn a chur** ar mhéid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir de bhun Fhoroinn 2 de Roinn 2 den Chaibidil seo i mbliain bliana féilire áirithe**. Na Ballstáit a roghnaíonn uasteorannú a thabhairt isteach, déanfaidh siad laghdú 100 % ar an méid** is mó ná **EUR 100 000**.

**1a. Féadfaidh na Ballstáit méid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir de bhun Fhoroinn 2 de Roinn 2 den Chaibidil seo i mbliain féilire áirithe is mó ná** EUR 60 000 **a laghdú** mar a leanas:

(a) **suas le** [...] 25 % ar a laghad maidir leis an tráinse idir EUR 60 000 agus EUR 75 000;

(b) **suas le** [...] 50 % ar a laghad maidir leis an tráinse idir EUR 75 000 agus EUR 90 000;

(c) **suas le** [...] [...] **85** % [...] **os cionn** EUR 90 000 [...]

[...] .

**Féadfaidh na Ballstáit tráinsí breise a shocrú agus céatadáin an laghdaithe a shonrú do na tráinsí breise sin laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sa chéad fhomhír. Áiritheoidh siad go mbeidh an laghdú i gcás gach tráinse cothrom leis an tráinse roimhe sin nó níos mó ná é.**

2. Sula gcuirfear mír 1 **nó mír 1a** i bhfeidhm, **féadfaidh** na Ballstáit [...] an méid seo a leanas a dhealú ó mhéid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir de bhun **Fhoroinn 2 de Roinn 2 den** Chaibidil seo i mbliain féilire áirithe:

(a) na tuarastail a bhaineann le gníomhaíocht talmhaíochta a dhearbhaigh an feirmeoir, lena n-áirítear cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta a bhaineann le fostaíocht;[...]

(b) an costas coibhéiseach i leith saothar rialta agus neamhíoctha atá nasctha le gníomhaíocht talmhaíochta a dhéanann daoine atá ag obair ar an bhfeirm lena mbaineann nach bhfaigheann tuarastal, nó a fhaigheann luach saothair níos ísle ná an méid a íoctar de ghnáth i leith na seirbhísí arna soláthar, ach a chúitítear le toradh eacnamaíoch an ghnó feirme [...]**;**

**(c) gné chostais saothair na gcostas conarthach a bhaineann le gníomhaíocht talmhaíochta a dhearbhaigh an feirmeoir.**

Leis na méideanna dá dtagraítear i bpointí **(**a), **(**b) **agus (c)** a ríomh, bainfidh na Ballstáit úsáid as **modh a shonrófar a thuilleadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT**, agus d'fheadfadh sé go n-úsáidfí caighdeáin réamhshainithe mar chuid den mhodh sin.

**2a. I gcás duine dlítheanach, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit an laghdú dá dtagraítear i mír 1a a chur i bhfeidhm ar leibhéal chomhaltaí na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha sin i gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta go mbeidh cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí aonair inchomparáide le cearta feirmeoirí aonair a bhfuil stádas cinn gabháltais acu, go háirithe a mhéid a bhaineann lena stádas eacnamaíoch, sóisialta agus cánach, ar choinníoll gur rannchuidigh siad le struchtúir talmhaíochta na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha lena mbaineann a neartú.**

**I gcás feirmeoirí a bheith ina gcuid de ghrúpa eintiteas cleamhnaithe, arna chinneadh ag na Ballstáit, féadfaidh na Ballstáit an laghdú dá dtagraítear i mír 1 nó 1a ar leibhéal an ghrúpa seo faoi choinníollacha a chinnfidh na Ballstáit.**

3. Úsáidfear an toradh measta ar an laghdú ar íocaíochtaí, den chuid is mó, chun cabhrú leis an tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuaine**, más rud é go gcuireann an Ballstát sin i bhfeidhm é,** agus, ina dhiaidh sin, le hidirghabhálacha eile ar íocaíochtaí díreacha díchúpláilte iad, a mhaoiniú.

Féadfaidh na Ballstáit, freisin, an toradh iomlán, nó cuid de, a úsáid chun cineálacha idirghabhála faoi CETFT a shonraítear i gCaibidil IV a mhaoiniú trí bhíthin aistriú. Beidh aistriú den sórt sin chuig CETFT ina chuid de tháblaí airgeadais an Phlean Straitéisigh CBT agus féadfar é a athbhreithniú in 202[...]**5** i gcomhréir le hAirteagal 90. Ní bheidh sé faoi réir na n-uasteorainneacha le haghaidh aistrithe cistí ó CERT go CETFT arna leagan síos faoi Airteagal 90.

4. **Féadfaidh** [...] an Coimisiún [...] gníomhartha **cur chun feidhme** [...] a ghlacadh **lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir leis** [...] an laghdú ar íocaíochtaí a leagtar síos i mír 1 a ríomh chun [...] **rialacha mionsonraithe a sholáthar i ndáil le** dáileadh na gcistí ar na [...] **feirmeoirí** sin atá ina dteideal.

**Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).**

***Airteagal 15a***
***Na híoscheanglais***

**1. Socróidh na Ballstáit limistéar íosta agus ní dheonóidh siad íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí a bhfuil a limistéar incháilithe den ghabháltas a bhfuil íocaíochtaí díreacha á n-éileamh acu ina leith níos lú ná an limistéar íosta sin.**

**De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit íosmhéid a shocrú do na híocaíochtaí díreacha a bhféadfar a íoc le feirmeoir.**

**I gcás inar chinn Ballstát limistéar íosta a leagan síos i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, mar sin féin, leagfaidh sé síos íosmhéid i gcomhréir leis an dara fomhír do na feirmeoirí sin a fhaigheann tacaíocht chúpláilte a bhaineann le hainmhithe agus ar lú na heicteáir atá ina seilbh acu ná an limistéar íosta sin.**

**Agus an limistéar íosta nó an t-íosmhéid á socrú, beidh sé d'aidhm ag na Ballstáit a áirithiú nach bhféadfar íocaíochtaí díreacha a dheonú ach d'fheirmeoirí, más rud é:**

**(a) nach gcruthaíonn bainistiú na n-íocaíochtaí comhfhreagracha ualach riaracháin iomarcach, agus**

**(b) go bhfuil na méideanna comhfhreagracha ina ranníocaíocht éifeachtach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 6 a gcuireann íocaíochtaí díreacha leo.**

**2. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cinneadh a dhéanamh gan an t-airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir leis na hoileáin bheaga Aeigéacha.**

## ROINN 2

## ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA DÍCHÚPLÁILTE

### FOROINN 1

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 16*

*[...] Ceanglais **ghinearálta** maidir le híocaíochtaí díreacha díchúpláilte a fháil*

1. Déanfaidh na Ballstáit íocaíochtaí díreacha díchúpláilte a dheonú faoi na coinníollacha a leagtar amach sa roinn seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

## FOROINN 2

## AN TACAÍOCHT BHUNÚSACH IONCAIM I dTAOBH NA hINBHUAINE

*Airteagal 17*

*Rialacha ginearálta*

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil do thacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuaine ('tacaíocht bhunúsach ioncaim') faoi na coinníollacha a leagtar amach san fhoroinn seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. Déanfaidh na Ballstáit foráil do thacaíocht bhunúsach ioncaim i bhfoirm íocaíocht bhliantúil dhíchúpláilte in aghaidh an heicteáir incháilithe.

3. Gan dochar d'Airteagal 19 go hAirteagal 24, déanfar an tacaíocht bhunúsach ioncaim a dheonú i leith gach heicteár incháilithe arna dhearbhú ag an [...] bhfeirmeoir.

*Airteagal 18*

*Méid na tacaíochta in aghaidh an heicteáir*

1. Ach amháin má chinneann na Ballstáit an tacaíocht bhunúsach ioncaim a dheonú ar bhonn teidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 19, íocfar an tacaíocht mar mhéid aonfhoirmeach in aghaidh an heicteáir.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh méid na tacaíochta bunúsaí ioncaim in aghaidh an heicteáir a dhifreáil de réir grúpaí difriúla críoch a mbíonn orthu déileáil leis na dálaí socheacnamaíocha nó agranamaíocha comhchosúla**, lena n-áirítear cineálacha traidisiúnta talmhaíochta, amhail féaraigh fhairsinge. A mhéid a bhaineann le féaraigh fhairsinge Alpacha atá an-traidisiúnta, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit, féadfar méid na tacaíochta bunúsaí ioncaim in aghaidh an heicteáir a laghdú agus tacaíocht faoi idirghabhálacha eile sa Phlean Straitéiseacha CBT á cur san áireamh.**

*Airteagal 19*

*Teidlíochtaí íocaíochta*

1. Ballstáit a mbeidh scéim na híocaíochta bunúsaí a leagtar síos i Roinn 1 de Chaibidil I de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 curtha i bhfeidhm acu, féadfaidh siad a chinneadh an tacaíocht bhunúsach ioncaim a dheonú ar bhonn teidlíochtaí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 20 go hAirteagal 24 den Rialachán seo.

2. I gcás Ballstáit a mbeidh scéim na híocaíochta bunúsaí a leagtar síos i Roinn 1 de Chaibidil I de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 curtha i bhfeidhm acu, agus a chinnfidh [...] gan an tacaíocht bhunúsach ioncaim a dheonú **a thuilleadh** ar bhonn teidlíochtaí íocaíochta, rachaidh na teidlíochtaí íocaíochta arna leithdháileadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 in éag an 31 Nollaig [...] **den bhliain roimh an bhliain óna gcuirfear an cinneadh i bhfeidhm**.

*Airteagal 20*

*Luach na dteidlíochtaí íocaíochta agus cóineasú*

1. Déanfaidh na Ballstáit luach aonaid na dteidlíochtaí íocaíochta roimh chóineasú a chinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo trí luach na dteidlíochtaí íocaíochta a choigeartú i gcomhréir leis an luach a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 i leith na bliana éilimh 202[...]**2** agus an íocaíocht ghaolmhar i leith cleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil dá bhforáiltear i gCaibidil III de Theideal III den Rialachán sin i leith na bliana éilimh 202[...]**2**.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh luach na dteidlíochtaí íocaíochta a dhifreáil i gcomhréir le hAirteagal 18(2).

3. Déanfaidh [...] **gach** Ballstát, faoin mbliain éilimh 2026 ar a dhéanaí, leibhéal uasta a shocrú maidir le luach na dteidlíochtaí íocaíochta **aonair** i gcás an Bhallstáit nó i gcás gach grúpa críoch [...] **dá dtagraítear** [...] in Airteagal 18(2).

4. I gcás nach bhfuil luach na dteidlíochtaí íocaíochta a chinntear i gcomhréir le mír 1 ina luach aonfhoirmeach i mBallstát nó i ngrúpa críoch mar [...] **dá dtagraítear** [...] in Airteagal 18(2), áiritheoidh **an** Ballstát [...] **lena mbaineann** go ndéanfar luach na dteidlíochtaí íocaíochta a chóineasú sa chaoi is gur luach aonaid aonfhoirmeach a bheidh ann faoin mbliain éilimh 2026 ar a dhéanaí.

5. Chun críocha mhír 4, áiritheoidh **gach** Ballstát [...] go mbeidh luach na dteidlíochtaí íocaíochta uile, faoin mbliain éilimh 2026 ar a dhéanaí, cothrom le 75 % ar a laghad den [...] mheán-aonadmhéid **beartaithe** **dá dtagraítear in Airteagal 89(1) nó, i gcás inarb infheidhme, den aonadmhéid uasta atá beartaithe, dá dtagraítear in Airteagal 89(1a),** don tacaíocht bhunúsach ioncaim i leith na bliana éilimh 2026 mar a leagtar síos [...] **ina** Phlean Straitéiseach CBT [...] maidir leis an mBallstát nó an **grúpa** críoch [...] **dá dtagraítear** in [...] Airteagal 18(2).

6. Déanfaidh na Ballstáit na méaduithe ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta is gá chun cloí le míreanna 4 agus 5 a mhaoiniú trí **mhéideanna** ar bith **a d'fhéadfadh a bheith ar fáil le** [...] cur i bhfeidhm mhír 3 a úsáid agus, i gcás inar gá, trí laghdú a dhéanamh ar an difríocht idir luach aonaid na dteidlíochtaí íocaíochta a chinntear i gcomhréir le mír 1 agus an [...] t-aonadmhéid **atá beartaithe** **dá dtagraítear in Airteagal 89(1) nó, i gcás inarb infheidhme, an t-aonadmhéid uasta, dá dtagraítear in Airteagal 89(1a),** don tacaíocht bhunúsach ioncaim i leith na bliana éilimh 2026 mar a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT [...] maidir leis an mBallstát nó an **grúpa** críoch [...] **dá dtagraítear** [...] in Airteagal 18(2).

   Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an laghdú a chur i bhfeidhm maidir leis na teidlíochtaí íocaíochta uile, nó cuid díobh, ag a bhfuil luach a chinntear i gcomhréir le mír 1 is mó ná an [...] t-aonadmhéid beartaithe **dá dtagraítear in Airteagal 89(1) nó, i gcás inarb infheidhme, an t-aonadmhéid uasta, dá dtagraítear in Airteagal 89(1a),** don tacaíocht bhunúsach ioncaim i leith na bliana éilimh 2026 mar a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT [...] maidir leis an mBallstát nó an **grúpa** críoch [...] **dá dtagraítear** in [...] Airteagal 18(2).

7. Beidh na laghduithe dá dtagraítear i mír 6 bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha. Gan dochar don íos**luach** a leagtar síos i gcomhréir le mír 5, féadfar a áireamh sna critéir sin laghdú uasta nach ísle ná 30 % a shocrú.

*Airteagal 21*

*Teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú*

1. Na Ballstáit **a chinn tacaíocht a dheonú bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta**, déanfaidh siad **tacaíocht bhunúsach ioncaim** a dheonú [...] d'fheirmeoirí a bhfuil teidlíochtaí íocaíochta dá gcuid féin acu nó faoi léas acu, [...] a luaithe a ghníomhachtófar na teidlíochtaí íocaíochta sin. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na [...] feirmeoirí, chun teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú, na heicteáir incháilithe a ghabhann le gach teidlíocht íocaíochta a dhearbhú.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar na teidlíochtaí íocaíochta, lena n-áirítear i gcás oidhreacht iarbhír nó oidhreacht ionchais, a ghníomhachtú ach sa Bhallstát sin, nó sa ghrúpa críoch sin [...] **dá dtagraítear** in [...] Airteagal 18(2), inar leithdháileadh iad.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh teidlíochtaí íocaíochta gníomhachtaithe ceart íocaíochta ar bhonn an mhéid a shocraítear leis an teidlíocht.

*Airteagal 22*

*Cúlchistí le haghaidh teidlíochtaí íocaíochta*

1. Gach Ballstát a mbeidh air é a chinneadh tacaíocht bhunúsach ioncaim a dheonú ar bhonn teidlíochtaí íocaíochta, déanfaidh sé cúlchiste náisiúnta a bhainistiú.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit an tacaíocht bhunúsach ioncaim a dhifreáil i gcomhréir le hAirteagal 18(2), féadfaidh siad a chinneadh cúlchiste a bhunú maidir le gach grúpa críoch ar leith [...] **dá dtagraítear** san [...] airteagal sin.

3. **I gcás ina gcinnfidh** na Ballstáit **an sainmhíniú ar 'fhíorfheirmeoir' a chur i bhfeidhm mar aon leis na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1a),** áiritheoidh **siad** gur ar na [...] feirmeoirí **sin** **amháin** [...] a leithdháilfear teidlíochtaí íocaíochta as an gcúlchiste.

4. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an gcúlchiste atá acu chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh, mar thosaíocht, ar na feirmeoirí seo a leanas:

   (a) feirmeoirí óga a bhunaigh gabháltas nua den chéad uair riamh;

   (b) feirmeoirí a bhunaigh gabháltas nua den chéad uair riamh, mar cheann an ghabháltais, agus a bhfuil an oiliúint chuí orthu nó a fuair na scileanna riachtanacha mar [...] a **chinn** [...] na Ballstáit i gcás feirmeoirí óga.

5. I gcás [...] feirmeoirí atá i dteideal teidlíochtaí íocaíochta a fháil, nó luach na dteidlíochtaí íocaíochta atá ann cheana a mhéadú, de bhua rialú cinntitheach cúirte nó de bhua gníomh cinntitheach riaracháin a rinne údarás inniúil Ballstáit, déanfaidh na Ballstáit na teidlíochtaí sin a leithdháileadh orthu nó luach na dteidlíochtaí sin a mhéadú. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh na [...] feirmeoirí sin líon agus luach na dteidlíochtaí íocaíochta a bheidh leagtha síos sa rialú nó sa ghníomh sin ar dháta a bheidh le socrú ag an mBallstát.

6. I gcás nach leor an cúlchiste chun leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta a chumhdach i gcomhréir le míreanna 4 agus 5, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an cúlchiste a athsholáthar trí laghdú líneach a dhéanamh ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta.

7. Féadfaidh na Ballstáit rialacha breise a leagan síos maidir le húsáid an chúlchiste agus maidir leis na cásanna a fhágann nach mór an cúlchiste a athsholáthar**.** [...] **I gcás ina ndéanfar an cúlchiste a athsholáthar trí** laghdú líneach a dhéanamh ar luach [...] na dteidlíochtaí íocaíochta uile**, beidh feidhm ag laghdú líneach den sórt sin maidir leis na teidlíochtaí íocaíochta uile ar an leibhéal náisiúnta, nó i gcás ina gcuirfidh na Ballstáit an maolú dá soláthraítear i mír 2 i bhfeidhm, ar leibhéal an ghrúpa críoch ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18(2).**

8. Déanfaidh na Ballstáit luach na dteidlíochtaí íocaíochta nua a leithdháiltear as an gcúlchiste a shocrú ag meánluach náisiúnta na dteidlíochtaí íocaíochta i mbliain an leithdháilte nó ag meánluach na dteidlíochtaí íocaíochta maidir le gach grúpa críoch ar leith [...] **dá dtagraítear** in [...] Airteagal 18(2) i mbliain an leithdháilte.

9. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh luach na dteidlíochtaí íocaíochta atá ann cheana a ardú go dtí an meánluach náisiúnta i mbliain an leithdháilte nó go dtí an meánluach maidir le gach grúpa críoch [...] **dá dtagraítear** in [...] Airteagal 18(2).

*Airteagal 23*

*[...] Cumhachtaí* ***cur chun feidhme***

[...] **Féadfaidh** an Coimisiún [...] gníomhartha **cur chun feidhme** a ghlacadh [...] **lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha** maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an cúlchiste a bhunú;

(b) [...]

(c) ábhar an dearbhaithe agus na ceanglais maidir le teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú.

**Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).**

*Airteagal 24*

*Teidlíochtaí íocaíochta a aistriú*

1. Ach amháin i gcás aistriú le hoidhreacht iarbhír nó le hoidhreacht ionchais, is chuig [...] feirmeoir **atá bunaithe sa Bhallstát céanna** amháin a aistreofar teidlíochtaí íocaíochta.

2. I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit an tacaíocht bhunúsach ioncaim a dhifreáil i gcomhréir le hAirteagal 18(2), ní dhéanfar teidlíochtaí íocaíochta a aistriú ach laistigh den ghrúpa críoch inar leithdháileadh iad.

*Airteagal 25*

*[...] **Í**ocaíocht d'fheirmeoirí beaga*

Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú d'fheirmeoirí beaga arna sainiú ag na Ballstáit trí bhíthin [...] **cnap**shuim **nó méid in aghaidh an heicteáir, suas go dtí teorainn heicteár a shocróidh na Ballstáit,** a chuirfear in ionad na n-íocaíochtaí díreacha faoin roinn seo agus faoi Roinn 3 den Chaibidil seo. Déanfaidh na Ballstáit an idirghabháil chomhfhreagrach a cheapadh sa Phlean Straitéiseach CBT sa chaoi is gur idirghabháil roghnach a bheidh ann ag na feirmeoirí.

**Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cnapshuimeanna nó méideanna éagsúla in aghaidh an heicteáir a leagan amach a bheidh nasctha le tairseacha limistéir éagsúla.**

## FOROINN 3

## TACAÍOCHT IONCAIM FHORLÍONTACH

*Airteagal 26*

*Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuaine*

1. **Féadfaidh** [...] na Ballstáit foráil a dhéanamh do thacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuaine ('tacaíocht ioncaim athdháilte') faoi na coinníollacha a leagtar amach san airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, **lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le coinníollacha ábhartha incháilitheachta.**

2. Na Ballstáit **a chuireann an tacaíocht ioncaim athdháilte chun feidhme**, áiritheoidh siad go ndéanfar [...] **íocaíochtaí díreacha** ó [...] ghabháltais **mhóra** a athdháileadh ar [...] **ghabháltais** bheaga nó mheánmhéide trí fhoráil a dhéanamh maidir le tacaíocht ioncaim athdháilte a thabharfar mar íocaíocht dhíchúpláilte bhliantúil in aghaidh an heicteáir incháilithe leis na feirmeoirí sin atá i dteideal íocaíocht faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 17.

3. Na Ballstáit **a chuireann an tacaíocht ioncaim athdháilte chun feidhme**, socróidh siad, **ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach**, méid in aghaidh an heicteáir nó méideanna éagsúla i leith réimsí éagsúla heicteár, mar aon leis an líon uasta heicteár in aghaidh an fheirmeora lena n-íocfar an tacaíocht ioncaim athdháilte **agus féadfaidh na grúpaí críoch dá dtagraítear in Airteagal 18(2) a bheith i gceist i ndáil leis an méid sin**.

4. An méid in aghaidh an heicteáir a bheartófar maidir le bliain éilimh áirithe, ní bheidh sé níos airde ná meánmhéid náisiúnta na n-íocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir maidir leis an mbliain éilimh sin.

5. Is é an sainmhíniú ar mheánmhéid náisiúnta na n-íocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir an cóimheas idir uasteorainn náisiúnta na n-íocaíochtaí díreacha i leith bliain éilimh áirithe mar a leagtar síos in Iarscríbhinn IV agus líon iomlán na n-aschur atá beartaithe maidir leis an tacaíocht bhunúsach ioncaim i leith na bliana éilimh sin, agus an cóimheas sin sloinnte i líon na heicteár.

**6. I gcás duine dlítheanach, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit an líon uasta heicteár dá dtagraítear i mír 3 a chur i bhfeidhm ar leibhéal chomhaltaí na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha i gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta go mbeidh cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí aonair inchomparáide le cearta feirmeoirí aonair a bhfuil stádas cinn gabháltais acu, go háirithe a mhéid a bhaineann lena stádas eacnamaíoch, sóisialta agus cánach, ar choinníoll gur rannchuidigh siad le struchtúir talmhaíochta na ndaoine nó na ngrúpaí dlítheanacha lena mbaineann a neartú.**

**I gcás feirmeoirí a bheith ina gcuid de ghrúpa eintiteas cleamhnaithe, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit, féadfaidh na Ballstáit an laghdú dá dtagraítear i mír 3 ar leibhéal an ghrúpa seo faoi choinníollacha a chinnfidh na Ballstáit.**

*Airteagal 27*

*Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga*

1. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do thacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga faoi na coinníollacha a leagtar amach san airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. I measc na n-oibleagáidí atá orthu cur leis an gcuspóir sonrach [...] a leagtar amach i bpointe (g) d'Airteagal 6 [...] agus **íosmhéid, dá dtagraítear in Iarscríbhinn X** [...], a chur **i dtreo an chuspóra sin i gcomhréir le hAirteagal 86(4)**, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim fhorlíontach a thabhairt d'fheirmeoirí óga a bhfuil gabháltas nua bunaithe acu den chéad uair riamh agus atá i dteideal íocaíochta faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 17.

   **Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an tacaíocht faoin airteagal seo a dheonú d'fheirmeoirí a bhfuil tacaíocht faighte acu faoi Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 don chuid eile den tréimhse dá dtagraítear i mír 5 den airteagal sin.**

3. Is íocaíocht dhíchúpláilte bhliantúil in aghaidh an heicteáir incháilithe **nó cnapshuim** a bheidh sa tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga. **Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an tacaíocht faoin airteagal seo a dheonú do líon uasta heicteár in aghaidh an fheirmeora óig agus sin amháin.**

## FOROINN 4

## SCÉIMEANNA MAIDIR LEIS AN AERÁID AGUS LEIS AN gCOMHSHAOL

*Airteagal 28*

*Scéimeanna maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol*

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le tacaíocht le haghaidh scéimeanna deonacha maidir leis an aeráid agus an comhshaol ("éiciscéimeanna") faoi na coinníollacha a leagtar amach san airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. Tabharfaidh na Ballstáit tacaíocht faoin [...] **airteagal** seo [...] d'fheirmeoirí nó **do ghrúpaí feirmeoirí** a bhfuil gealltanais tugtha acu cloí, ar heicteáir incháilithe, le cleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil. **Má chinneann na Ballstáit pointe (b) de mhír 6 den airteagal seo a chur i bhfeidhm, féadfar gealltanais a dhéanamh i leith heicteáir incháilithe nó i leith aonaid bheostoic.**

3. Is iad na Ballstáit a shocróidh an liosta de na cleachtais talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil. **Déanfar na cleachtais sin a cheapadh sa chaoi is go gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha aeráide agus comhshaoil a leagtar síos i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6 agus féadfaidh siad cur le cuspóirí (h) agus (i) den airteagal céanna.**

4. [...]

5. Faoin **airteagal** seo [...], ní thabharfaidh na Ballstáit ach íocaíochtaí lena gcumhdaítear gealltanais:

   (a) a sháraíonn na ceanglais reachtúla bhainistithe ábhartha agus caighdeáin **GAEC** [...] arna mbunú faoi Roinn 2 de Chaibidil I den Teideal seo;

(b) a sháraíonn na híoscheanglais **ábhartha** maidir le leasachán [...] agus táirgí cosanta plandaí a úsáid, leas ainmhithe, agus ceanglais éigeantacha **ábhartha** eile arna leagan síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais;

(c) a sháraíonn na coinníollacha arna mbunú maidir le cothabháil an limistéir talmhaíochta i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 4(1);

(d) nach ionann iad agus na gealltanais ar deonaíodh íocaíochtaí faoi Airteagal 65 ina leith.

6. Is i bhfoirm íocaíocht bhliantúil [...] do na heicteáir incháilithe uile **nó do na heicteáir a chumhdaítear leis na héiciscéimeanna** a bheidh an tacaíocht d'éiciscéim ar leith. [...] Déanfar **íocaíochtaí** a dheonú mar:

(a) íocaíocht sa bhreis ar an tacaíocht bhunúsach ioncaim a leagtar amach i bhForoinn 2 den roinn seo*; nó

(b) íocaíocht lena dtugtar cúiteamh [...] **d'fheirmeoirí nó grúpaí feirmeoirí** as na costais bhreise a tabhaíodh, nó cuid díobh, agus as ioncam a tarscaoileadh de thoradh na ngealltanas [...] **a rinneadh, ar cheart iad a ríomh i gcomhréir le** hAirteagal [...]**76**.

**Féadfaidh íocaíochtaí arna ndeonú i gcomhréir le pointe (b) den mhír seo a bheith ina n-íocaíochtaí bliantúla do na haonaid bheostoic arna gcumhdach faoi na héiciscéimeanna agus féadfaidh siad costais idirbheart a chumhdach.**

[...]

[...]

* Le breithniú d'aithris: "soláthar seirbhísí éiceachórais a dhreasú agus a chúiteamh trí chleachtais talmhaíochta a bheidh chun sochair an chomhshaoil agus na haeráide".

## ROINN 3

## ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA CÚPLÁILTE

## FOROINN 1

## TACAÍOCHT IONCAIM CHÚPLÁILTE

*Airteagal 29*

*Rialacha ginearálta*

1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim chúpláilte a dheonú [...] d'fheirmeoirí faoi na coinníollacha a leagtar amach san fhoroinn seo agus a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. Cabhróidh idirghabhálacha na mBallstát leis na hearnálacha agus na réimsí táirgeachta dá dtugtar tacaíocht, nó na cineálacha sonracha feirmeoireachta atá i gceist iontu, a liostaítear in Airteagal 30, aghaidh a thabhairt ar an deacracht nó ar na deacrachtaí a bhíonn acu tríd an iomaíochas, an inbhuaine agus an cháilíocht a fheabhsú dóibh.

3. Is íocaíocht bhliantúil in aghaidh an heicteáir nó an ainmhí a bheidh sa tacaíocht ioncaim chúpláilte.

*Airteagal 30*

*Raon feidhme*

Is do na hearnálacha agus na réimsí táirgeachta seo a leanas, nó na cineálacha sonracha feirmeoireachta atá i gceist iontu, i gcás ina bhfuil tábhacht leo ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta nó comhshaoil, agus dóibh sin amháin, a fhéadfar tacaíocht ioncaim chúpláilte a dheonú: gránaigh, síolta ola, **cé is moite de shíolta lus na gréine milseogra mar a leagtar síos in Airteagal 10a(5)** barra próitéine, **meascán de léagúim agus féara,** líon, cnáib, rís, cnónna, [...] prát**aí**, bainne agus táirgí bainne, síolta, caoireoil agus feoil gabhair, mairteoil agus laofheoil, ola olóige **agus ológa boird**, seiriceáin, farae triomaithe, leannlusanna, biatas siúcra, cána siúcra agus **fréamhacha** siocaire, **géineas Capsicum-géineas Pimenta,** torthaí agus glasraí, adhmad as roschoillte gearruainíochta agus barra eile neamhbhia, cé is moite de chrainn, a úsáidtear chun táirgí a tháirgeadh is féidir a chur in ionad ábhair iontaise.

*Airteagal 31*

*Incháilitheacht*

1. Is i gcás limistéir [...] **a chinneann** na Ballstáit iad a bheith ina heicteáir incháilithe, agus i gcás na limistéar sin amháin, a fhéadfaidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim chúpláilte a dheonú i bhfoirm íocaíocht in aghaidh an heicteáir.

2. I gcás ina mbainfidh an tacaíocht ioncaim chúpláilte le bó-ainmhithe nó caoirigh agus gabhair, déanfaidh na Ballstáit [...] **a shocrú** mar choinníollacha incháilitheachta don tacaíocht sin na ceanglais chun na hainmhithe a shainaithint agus a chlárú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] nó Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle[12], faoi seach. Mar sin féin, gan dochar do choinníollacha incháilitheachta eile is infheidhme, measfar go bhfuil bó-ainmhithe nó caoirigh agus gabhair incháilithe do thacaíocht ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le sainaithint agus clárú faoi dháta áirithe sa bhliain éilimh lena mbaineann, dáta a bheidh le socrú ag na Ballstáit.

*Airteagal 32*

*[...]* ***Cumhachtaí tarmligthe***

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh [...] **le** bearta [...] chun nach mbeidh tairbhithe na tacaíochta ioncaim cúpláilte thíos leis mar gheall ar mhíchothromaíochtaí struchtúracha margaidh in earnáil. Leis na gníomhartha tarmligthe sin, ceadófar do na Ballstáit a chinneadh go bhféadfar leanúint den tacaíocht ioncaim chúpláilte sin a íoc go dtí 2027 ar bhonn na n-aonad táirgthe dar deonaíodh an tacaíocht sin i dtréimhse thagartha roimhe seo.

---

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córais chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Treoir (CE) Uimh. 820/97.(IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

[12] Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle an 17 Nollaig 2003 lena mbunaítear córas chun ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair a shainaithint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8).

*Airteagal 33*

*[...]*

[...]

[...]

## FOROINN 2

## ÍOCAÍOCHT I LEITH BARR SONRACH LE hAGHAIDH CADÁIS

*Airteagal 34*

*Raon feidhme*

Déanfaidh **na** Ballstáit **dá dtagraítear in Airteagal 36** íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis a dheonú [...] d'fheirmeoirí a bhfuil cadás a thagann faoi chód AC 5201 00 á tháirgeadh acu faoi na coinníollacha a leagtar síos san fhoroinn seo.

*Airteagal 35*

*Rialacha ginearálta*

1. Deonófar an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe cadáis. Ní bheidh an limistéar sin incháilithe ach amháin má bhíonn sé lonnaithe ar thalamh talmhaíochta a údaróidh an Ballstát le haghaidh táirgthe cadáis, má bhíonn cineálacha cadáis a údaróidh an Ballstát ann agus má bhainfear an cadás faoi ghnáthchoinníollacha fáis.

2. Íocfar an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis as cadás maith cóir atá oiriúnach le díol.

3. Déanfaidh na Ballstáit an talamh agus na cineálacha cadáis dá dtagraítear i mír 1 a údarú i gcomhréir le [...] **haon** rialacha agus coinníollacha [...] a ghlactar de bhun mhír 4.

**3a. Le haghaidh na n-idirghabhálacha a chumhdaítear san fhoroinn seo:**

**(a) cinnfear incháilitheacht an chaiteachais arna thabhú ar bhonn Airteagal 35(a) de Rialachán (AE) Uimh. .../... [an Rialachán Cothrománach];**

**(b) chun críocha Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. .../... [an Rialachán Cothrománach], cumhdófar pointí (a), (b) agus (d) d'Airteagal 11(1), chomh maith leis an dearbhú bainistíochta, sa tuairim a chuirfidh na comhlachtaí deimhniúcháin ar fáil.**

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha agus coinníollacha faoina n-údarófar talamh agus cineálacha cadáis chun críocha na híocaíochta i leith barr sonrach le haghaidh cadáis.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir leis an nós imeachta chun an talamh agus cineálacha cadáis a údarú chun críocha na híocaíochta i leith barr sonrach le haghaidh cadáis agus maidir leis an nós imeachta chun fógra a bhaineann leis an údarú sin a thabhairt do na táirgeoirí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

*Airteagal 36*

*Bunlimistéir, táirgeacht sheasta agus méideanna tagartha*

1. Bunaítear na bunlimistéir náisiúnta seo a leanas:

- an Bhulgáir: 3 342 ha
- an Ghréig: 250 000 ha
- an Spáinn: 48 000 ha
- an Phortaingéil: 360 ha

2. Bunaítear an táirgeacht sheasta a leanas don tréimhse tagartha:

- an Bhulgáir: 1,2 tona/ha
- an Ghréig: 3,2 tona/ha
- an Spáinn: 3,5 tona/ha
- an Phortaingéil: 2,2 tona/ha

3. Déanfar méid na híocaíochta i leith barr sonrach in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe a ríomh tríd an táirgeacht a bhunaítear i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha seo a leanas:

- an Bhulgáir: EUR[...] **636,13**,
- an Ghréig: EUR[...] **229,37**,
- an Spáinn: EUR[...] **354,73**,
- an Phortaingéil: EUR[...] **223,32.**

4. Má sháraíonn an limistéar incháilithe cadáis i mBallstát ar leith [...] i mbliain ar leith an bunlimistéar a bhunaítear i mír 1, déanfar laghdú ar an méid dá dtagraítear i mír 3 don Bhallstát sin i gcomhréir le méid an tsáraithe ar an mbunlimistéar.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na coinníollacha faoina ndeonaítear an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis, maidir leis na ceanglais incháilitheachta agus maidir leis na cleachtais agranamaíocha.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos rialacha maidir le ríomh an laghduithe dá bhforáiltear i mír 4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

*Airteagal 37*

*Eagraíochtaí idirchraoibhe formheasta*

1. Chun críoch na foroinne seo, ciallaíonn 'eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta' eintiteas dlítheanach ina bhfuil feirmeoirí a tháirgeann cadás, agus scilligeoir cadáis amháin ar a laghad, a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí den sórt seo a leanas:

   (a) cuidiú le comhordú níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear cadás ar an margadh, go háirithe trí staidéir thaighde agus suirbhéanna a dhéanamh ar an margadh;

   (b) foirmeacha caighdeánacha conartha atá i gcomhréir le rialacha an Aontais a tharraingt suas;

   (c) táirgeadh a dhíriú ar tháirgí atá níos oiriúnaí do riachtanais an mhargaidh agus d'éileamh na dtomhaltóirí, go háirithe ó thaobh cáilíochta agus cosaint tomhaltóirí de;

   (d) modhanna agus bealaí chun cáilíocht táirgí a fheabhsú agus a thabhairt suas chun dáta;

   (e) straitéisí margaíochta a fhorbairt chun cadás a chur chun cinn trí scéimeanna deimhniúcháin cáilíochta.

2. Déanfaidh an Ballstát ina bhfuil na scilligeoirí cadáis bunaithe eagraíochtaí idirchraoibhe a fhormheas a chomhlíonann [...] **aon** critéir [...] a leagtar síos de bhun mhír 3.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) critéir chun eagraíochtaí idirchraoibhe a fhormheas;

   (b) oibleagáidí atá ar tháirgeoirí;

   (c) an cás nach gcomhlíonann an eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta na critéir dá dtagraítear i bpointe (a).

*Airteagal 38*

*Deonú na híocaíochta*

1. Déanfar an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis a dheonú d'fheirmeoirí in aghaidh an heicteáir [...], faoi mar a leagtar síos in Airteagal 36 é.

2. I gcás feirmeoirí ar baill d'eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta iad, cuirfear méadú EUR 2 leis an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis in aghaidh an heicteáir [...] laistigh den bhunlimistéar a leagtar síos in Airteagal 36(1).

***Airteagal 38a***

***Maoluithe***

**1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 88 agus 89 ná ag Caibidlí I, II, III, IV agus V de Theideal VII maidir leis an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis a leagtar síos san fhoroinn seo.**

**2. Ní áireofar an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis i roinn ar bith den Phlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagail 96 go 102, ach amháin a mhéid a bhaineann le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 100(2)(a) a bhaineann leis an bplean airgeadais.**

# CAIBIDIL III

# [...] CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA IN EARNÁLACHA ÁIRITHE

## ROINN 1

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 39*

*Raon feidhme*

Is é a leagtar síos sa Chaibidil seo na rialacha maidir leis na cineálacha idirghabhála seo a leanas [...]:

(a) **in** earnáil **na** dtorthaí agus na nglasraí, dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(b) **in** earnáil **na** dtáirgí beachadóireachta, dá dtagraítear i bpointe (v) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(c) **in** earnáil **an** fhíona, dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(d) **in** earnáil **na** leannlusanna, dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(e) **in** earnáil **na** hola olóige agus **na** n-ológ boird, dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(f) **sna** hearnálacha eile [...] **arna leagan amach** i bpointí (a) go (h), i bpointí (k) agus (m), i bpointí (o) go (t) agus i bpointe (w) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 **agus earnálacha lena gcumhdaítear táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XIII den Rialachán seo**[*].

*Airteagal 40*

*Cineálacha idirghabhála [...] éigeantacha agus roghnacha*

1. Na [...] cineál**acha** idirghabhála in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 39, **beidh siad éigeantach i gcás Ballstáit ina n-aithnítear eagraíochtaí táirgeoirí san earnáil seo faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.** […]

**1a. Na cineálacha idirghabhála** in earnáil na beachadóireachta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 39, beidh siad éigeantach i gcás gach Ballstáit.

2. Na [...] cineál**acha** idirghabhál**a** in earnáil an fhíona dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 39, beidh siad éigeantach i gcás na mBallstát sin a liostaítear in Iarscríbhinn V.

3. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú ina bPlean Straitéiseach CBT na [...] cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 39 a chur chun feidhme.

4. An Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 82(3), féadfaidh sé na [...] cineál**acha** idirghabhál**a** dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 39 a chur chun feidhme in earnáil na leannlusanna, má chinneann an Ballstát sin ina Phlean Straitéiseach CBT gan na [...] cineál**acha** idirghabhál**a** dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 39 a chur chun feidhme, agus sa chás sin amháin.

5. Na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 82(4), féadfaidh siad na [...] cineál**acha** idirghabhál**a** dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 39 a chur chun feidhme in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, má chinneann na Ballstáit sin ina bPleananna Straitéiseacha CBT gan [...] na cineál**acha** idirghabhál**a** dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 39 a chur chun feidhme, agus sa chás sin amháin.

[*] Féadfar aithris a chur isteach chun míniú a thabhairt ar an gcaoi ar sainaithníodh na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn X**III** (i ndáil le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013).

***Airteagal 40a***

***Foirmeacha tacaíochta***

**1. Sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 39, féadfaidh an tacaíocht a bheith in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas, de réir mar is iomchuí:**

**(a) aisíoc costas incháilithe arna dtabhú iarbhír ag tairbhí;**

**(b) costais aonaid;**

**(c) cnapshuimeanna;**

**(d) maoiniú ar ráta comhréidh.**

**2. Is ar cheann de na bealaí seo a leanas a shocrófar na méideanna i gcomhair na gcineálacha tacaíochta dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) de mhír 1:**

**(a) modh ríofa cóir cothromasach infhíoraithe atá bunaithe orthu seo a leanas:**

**(i) sonraí staidrimh, faisnéis oibiachtúil eile nó breithiúnas saineolach; nó**

**(ii) sonraí stairiúla fíoraithe faoi thairbhithe; nó**

**(iii) gnáthchleachtais chuntasaíochta costála na dtairbhithe a chur i bhfeidhm;**

**(b) dréachtbhuiséid a shocrófar ar bhonn cás ar chás agus a aontófar *ex ante* ag an gcomhlacht a dhéanfaidh an oibríocht a fhormheas;**

**(c) i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur i bhfeidhm na gcostas aonaid comhfhreagrach, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe is infheidhme maidir le beartais an Aontais le haghaidh cineál idirghabhála comhchosúil;**

**(d) i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur i bhfeidhm na gcostas aonaid comhfhreagrach, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe arna gcur i bhfeidhm faoi scéimeanna tacaíochta arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh cineál idirghabhála comhchosúil.**

*Airteagal 41*

*Cumhachtaí tarmligthe maidir le ceanglais bhreise le haghaidh [...] cineálacha idirghabhála*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le ceanglais de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos sa Chaibidil seo [...] a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú **nach ndéanfaidh** na **cineálacha idirghabhála a leagtar síos sa Chaibidil seo lena saothraítear na cuspóirí a leagtar síos i bpointí (a), (b), agus (c) agus i bpointí (g) go (j) d'Airteagal 41a a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus earnálacha eile, agus i bpointe (a) agus i bpointí (b) go (i) d'Airteagal 51 a mhéid a bhaineann le hearnáil an fhíona, an iomaíocht laistigh den Aontas a shaobhadh** [...];

(b) an bonn ar a ríomhtar an cúnamh airgeadais ón Aontas dá dtagraítear sa Chaibidil seo, lena n-áirítear na tréimhsí tagartha agus luach na táirgeachta arna margú a ríomh;

(c) leibhéal uasta an chúnaimh airgeadais ón Aontas le haghaidh táirgí a tharraingítear siar ón margadh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 46(4) agus le haghaidh na gcineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 52(3);

(d) na rialacha maidir le huasteorainn a shocrú don chaiteachas a bhaineann le hathphlandú fíonghort dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 52(1);

(e) na rialacha faoina bhfuil ar tháirgeoirí fotháirgí na fíonóireachta a tharraingt siar ón margadh, agus maidir leis na heisceachtaí ón oibleagáid sin chun ualach breise riaracháin a sheachaint agus rialacha maidir le deimhniú deonach na ndriogairí**;**

**(f) na coinníollacha atá le cur i bhfeidhm maidir le húsáid na bhfoirmeacha tacaíochta a liostaítear in Airteagal 40a(1).**

*Airteagal 41a*

*Cuspóirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na leannlusanna, earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus in earnálacha eile dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 39*

**Is iad seo a leanas na cuspóirí a bheidh sna hearnálacha dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (e) agus (f) d'Airteagal 39:**

**(a) an táirgeadh a phleanáil agus a eagrú, an táirgeadh a oiriúnú don éileamh, go háirithe maidir le cáilíocht agus cainníocht, na costais táirgthe agus na torthaí ar infheistíochtaí a bharrfheabhsú, praghsanna na dtáirgeoirí a chobhsú agus conarthaí maidir le soláthar táirgí talmhaíochta a chaibidil; baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (a), (b), (c) agus (i) d'Airteagal 6;**

**(b) soláthar na dtáirgí sin lena mbaineann a chomhchruinniú agus na táirgí sin a chur ar an margadh, lena n-áirítear trí mhargaíocht dhíreach; baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 6;**

**(c) iomaíochas meántéarmach agus fadtéarmach a fheabhsú, go háirithe trí nuachóiriú a dhéanamh; baineann an cuspóir sin leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 6;**

**(d) taighde a dhéanamh ar mhodhanna táirgthe inbhuanaithe agus iad a fhorbairt, lena n-áirítear seasmhacht in aghaidh lotnaidí, cleachtais agus teicnící táirgthe nuálacha lena gcuirtear borradh faoin iomaíochas eacnamaíoch agus faoi fhorbairtí sa mhargadh; baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (a), (b), (c) agus (i) d'Airteagal 6;**

**(e) na gnéithe seo a leanas a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur chun feidhme:**

**(i) modhanna agus teicnící táirgthe lena n-urramaítear an comhshaol;**

**(ii) cleachtais saothraithe agus teicnící táirgthe a bhfuil seasmhacht in aghaidh lotnaidí iontu agus atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de;**

(iii) caighdeáin leasa agus sláinte ainmhithe a théann thar a bhfuil sna híoscheanglais arna mbunú faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta;

(iv) úsáid agus bainistiú fotháirgí agus dramhaíola ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear a n-athúsáid agus a luachshocrú;

(v) úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, go háirithe an t-uisce, an ithir agus an t-aer, chomh maith le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbithéagsúlacht.

Baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (e), (f) agus (i) d'Airteagal 6;

(f) cuidiú le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin, mar a leagtar amach i bpointe (d) d'Airteagal 6;

(g) luach tráchtála agus cáilíocht táirgí a ardú, lena n-áirítear cáilíocht táirgí a fheabhsú agus táirgí a fhorbairt a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint ag dul leo, nó a chumhdaítear le scéimeanna cáilíochta poiblí nó príobháideacha deimhnithe arna roghnú ag na Ballstáit; baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 6;

(h) na táirgí a chur chun cinn agus a chur ar an margadh; baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (b), (c) agus (i) d'Airteagal 6;

(i) cur le tomhaltas táirgí as earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, bídís úr nó próiseáilte; baineann an cuspóir sin leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (i) d'Airteagal 6;

(j) cosc ar ghéarchéimeanna agus bainistiú riosca, lena ndírítear ar ghéarchéimeanna i margaí na hearnála ábhartha a sheachaint agus déileáil leo; baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 6.

*Airteagal 41b*

*Cineálacha idirghabhála in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na leannlusanna, earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus in earnálacha eile dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 39*

**1. Maidir le gach cuspóir a roghnaítear as measc na gcuspóirí sin dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (i) d'Airteagal 41a, déanfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála seo a leanas a roghnú sna hearnálacha dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (e) agus (f) d'Airteagal 39 ina bPleananna Straitéiseacha CBT:**

**(a) infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, taighde agus táirgeadh turgnamhach, mar aon le gníomhaíochtaí eile, amhail gníomhaíochtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**(i) an ithir a chaomhnú, lena n-áirítear cur leis an méid carbóin atá san ithir;**

**(ii) úsáid agus bainistiú uisce a fheabhsú, lena n-áirítear sábháil uisce, caomhnú uisce agus draenáil;**

**(iii) damáiste de dheasca teagmhais dhíobhálacha aeráide a chosc agus an fhorbairt a dhéantar ar chineálacha, pórtha agus cleachtais bhainistithe atá in oiriúint do na hathruithe ar dhálaí aeráide, agus an úsáid a bhaintear astu, a chur chun cinn;**

**(iv) coigilt fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú;**

**(v) pacáistiú éiceolaíoch, agus an pacáistiú sin amháin, i réimse an taighde agus an táirgthe thurgnamhaigh;**

**(vi) bithshlándáil, sláinte agus leas ainmhithe;**

**(vii) astaíochtaí agus dramhaíl a laghdú, agus úsáid agus bainistiú fotháirgí agus dramhaíola, lena n-áirítear a n-athúsáid agus a luachshocrú, a fheabhsú;**

**(viii) cur leis an tseasmhacht in aghaidh lotnaidí;**

(ix) rioscaí agus tionchair a bhaineann le húsáid lotnaidicídí a laghdú nó úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta, lena n-áirítear antaibheathaigh, a laghdú;

(x) gnáthóga atá fabhrach don bhithéagsúlacht a chruthú agus a chothabháil;

(b) seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil, go háirithe maidir le teicnící inbhuanaithe chun lotnaidí agus galair a rialú, úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus sláinte ainmhithe, an t-oiriúnú don athrú aeráide agus an maolú ar an athrú aeráide;

(c) oiliúint, lena n-áirítear cóitseáil agus malartú dea-chleachtas;

(d) táirgeadh orgánach nó comhtháite;

(e) gníomhaíochtaí chun cur le hinbhuaine agus le héifeachtúlacht an iompair agus le stóráil táirgí;

(f) gníomhaíochtaí cur chun cinn, cumarsáide agus margaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá dírithe go háirithe ar chur le feasacht tomhaltóirí ar na scéimeanna cáilíochta atá ag an Aontas agus ar an tábhacht a bhaineann le haistí bia folláine, agus ar mhargaí a éagsúlú;

(g) scéimeanna cáilíochta Aontais agus náisiúnta a chur chun feidhme;

(h) córais inrianaitheachta agus deimhniúcháin a chur chun feidhme, go háirithe an faireachán ar cháilíocht na dtáirgí a dhíoltar le tomhaltóirí deiridh;

(i) gníomhaíochtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú, agus chun oiriúnú don athrú aeráide.

2. A mhéid a bhaineann leis an gcuspóir dá dtagraítear i bpointe (j) d'Airteagal 41a, déanfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála seo a leanas a roghnú sna hearnálacha dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (e) agus (f) d'Airteagal 39 ina bPleananna Straitéiseacha CBT:

**(a) cistí frithpháirteacha a bheith á mbunú, á líonadh agus á n-athlíonadh ag eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí mar a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;**

**(b) infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe a fhágann go ndéanfar na méideanna a chuirtear ar an margadh a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla;**

**(c) táirgí arna dtáirgeadh ag an eagraíocht táirgeoirí agus ag comhaltaí na heagraíochta táirgeoirí a stóráil le chéile, lena n-áirítear, i gcás inar gá, próiseáil chomhchoiteann chun stóráil den sórt sin a éascú;**

**(d) úlloird nó garráin ológ a athphlandú i gcás inar gá tar éis grafadh éigeantach ar chúiseanna sláinte nó fíteashláintíochta ar threoir a fháil chuige sin ó údarás inniúil an Bhallstáit nó chun oiriúnú don athrú aeráide;**

**(e) tarraingt siar ón margadh chun táirgí a dháileadh saor in aisce nó ar chúiseanna eile, lena n-áirítear, i gcás inar gá, próiseáil chun tarraingt siar den sórt sin a éascú;**

**(f) glasbhuaint lena ndéantar na táirgí réamhaibí go léir i limistéar áirithe a bhuaint ar táirgí iad nach féidir a mhargú agus nach ndearnadh damáiste dóibh roimh an nglasbhuaint, bíodh sin i ngeall ar chúiseanna aeráide, galair nó eile;**

**(g) gan táirge a bhuaint i gcás ina gcuirfear deireadh leis an timthriall reatha táirgthe sa limistéar lena mbaineann agus go bhfuil an táirge dea-fhorbartha agus go bhfuil sé ar cháilíocht mhaith, fhónta, agus inmhargaidh, cé is moite de chásanna ina scriosfar táirgí i ngeall ar theagmhas aeráide nó galar;**

(h) árachas buainte agus táirgeachta a chabhróidh le hioncam táirgeoirí a chosaint nuair a bhíonn caillteanais ann de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide, galar nó inmhíolú lotnaidí agus lena n-áirithítear, san am céanna, go ndéanfaidh na tairbhithe na bearta is gá maidir le rioscaí a chosc;

(i) eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí mar a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, nó táirgeoirí aonair, a chóitseáil;

(j) ceanglais sláintíochta agus fíteashláintíochta tríú tír a chur chun feidhme agus a bhainistiú ar chríoch an Aontais chun an rochtain ar mhargaí tríú tír a éascú;

(k) seirbhísí comhairleacha, cúnamh teicniúil, oiliúint agus malartú dea-chleachtas go háirithe maidir le teicnící inbhuanaithe chun lotnaidí a rialú, úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí nó táirgí íocshláinte tréidliachta chomh maith le húsáid ardán trádála eagraithe agus malartuithe tráchtearraí ar an spotmhargadh agus an margadh todhchaíochtaí;

(l) gníomhaíochtaí cumarsáide arb é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt agus tomhaltóirí a chur ar an eolas.

*Airteagal 41c*

*Pleanáil, tuairisciú agus imréiteach feidhmíochta ar leibhéal an chláir oibríochtúil*

D'ainneoin phointe (a) d'Airteagal 7(1), Airteagal 88, Airteagal 89, pointí (f), (g) agus (h) d'Airteagal 99, pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 100(2) agus Airteagal 121, an phleanáil, an tuairisciú agus an t-imréiteach feidhmíochta do na cineálacha idirghabhála sna hearnálacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 39 a chuirfear chun feidhme trí chláir oibríochtúla, déanfar iad a chur i gcrích ar leibhéal na gclár sin, seachas ar leibhéal na hidirghabhála, agus socrófar an leithdháileadh táscach airgeadais, na haschuir agus na haonadmhéideanna ar leibhéal na gclár oibríochtúil.

## ROINN 2

## EARNÁIL NA dTORTHAÍ AGUS NA nGLASRAÍ

*Airteagal 42*

*Cuspóirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí*

**Déanfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de** [...] **n**a [...] cuspóirí **a leagtar amach i bpointí (a) go (j) d'Airteagal 41a** [...] **a shaothrú** in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí [...] **dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 39. Cuimsítear na táirgí, bídís úr nó próiseáilte, faoi na cuspóirí a leagtar amach i bpointí (g), (h) agus (i) d'Airteagal 41a, agus cuimsítear táirgí úra amháin leis na cuspóirí a leagtar amach i bpointí eile an airteagail sin.**

**Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhfhreagróidh na hidirghabhálacha do na cineálacha idirghabhála a roghnaítear i gcomhréir le hAirteagal 41b.**

[...]

[...]

*Airteagal 43*

[...]

[...]

[...]

[...]

*Airteagal 44*

*Cláir oibríochtúla*

1. Na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal [...]**<u>41a</u>** agus na hidirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí arna leagan amach ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, déanfar iad a chur chun feidhme trí bhíthin cláir oibríochtúla fhormheasta de chuid eagraíochtaí táirgeoirí [...] nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, faoi na coinníollacha a leagtar síos san airteagal seo.

2. Mairfidh na cláir oibríochtúla ar feadh trí bliana ar a laghad agus ar feadh seacht mbliana ar a mhéad. [...]

**<u>2a. Saothrófar na cuspóirí dá dtagraítear i bpointí (b), (e) agus (f) d'Airteagal 41a, ar a laghad, sna cláir oibríochtúla.</u>**

3. Maidir le gach cuspóir a roghnófar, tabharfar tuairisc sna cláir oibríochtúla ar na hidirghabhálacha a roghnófar as measc na n-idirghabhálacha sin arna leagan síos ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

4. [...] **<u>C</u>**uirfidh eagraíochtaí táirgeoirí [...] nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 **<u>cláir oibríochtúla faoi bhráid</u>** [...] na mBallstát lena [...] bhformheas **<u>agus, má fhormheastar iad, cuirfidh siad chun feidhme iad</u>**.

5. [...] 6. Cláir oibríochtúla na gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, ní chumhdófar iontu na hidirghabhálacha céanna a chumhdaítear i gcláir oibríochtúla na n-eagraíochtaí sin is comhaltaí. Déanfaidh na Ballstáit cláir oibríochtúla na gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí agus cláir oibríochtúla na n-eagraíochtaí is comhaltaí a mheas le chéile.

Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go ndéanfar idirghabhálacha faoi chláir oibríochtúla comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a mhaoiniú go hiomlán**, gan dochar do phointe (b) d'Airteagal 45(1),** le ranníocaíochtaí ó na heagraíochtaí is comhaltaí den chomhlachas sin agus go mbaileofar an maoiniú sin ó chistí oibríochtúla na n-eagraíochtaí sin is comhaltaí;

(b) go ndéanfar na hidirghabhálacha agus a sciar airgeadais comhfhreagrach a shainaithint i gclár oibríochtúla gach eagraíochta is comhalta**;**

**(c) nach bhfuil aon dúbláil ar an maoiniú.**

7. Áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go n-úsáidfear [...] **15** %, ar a laghad, den chaiteachas faoi na cláir oibríochtúla chun na hidirghabhálacha a nasctar leis na cuspóirí dá dtagraítear i bpointe ([...]**e**) agus ([...]**f**) d'Airteagal [...]**41a** a chumhdach;

**(aa) i gcás ina mbeidh 80 % ar a laghad de na comhaltaí in eagraíocht táirgeoirí faoi réir gealltanas amháin nó níos mó agra-chomhshaoil-aeráide nó feirmeoireachta orgánaí atá comhionann dá bhforáiltear i gCaibidil IV de Theideal III den Rialachán seo, áireofar na gealltanais sin mar idirghabhálacha dá dtagraítear i bpointe (a);**

(b) [...]

(c) nach ndéanfaidh na hidirghabhálacha laistigh de na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i **mír 2**, pointí [...](e)**,**[...] (f) **agus (g)** d'Airteagal [...]**41b** aon trian den chaiteachas iomlán faoi na cláir oibríochtúla a shárú.

*Airteagal 45*

*Cistí oibríochtúla*

1. Féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí [...] nó a gcomhlachais ciste oibríochtúil a bhunú. Cuirfear maoiniú ar fáil don chiste:

   (a) trí ranníocaíochtaí airgeadais uathu seo a leanas:

      (i) comhaltaí na heagraíochta táirgeoirí [...] nó an eagraíocht táirgeoirí féin; nó

      (ii) comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí trí chomhaltaí na gcomhlachas sin;

   (b) le cúnamh airgeadais ón Aontas, a fhéadfar a dheonú d'eagraíochtaí táirgeoirí nó dá gcomhlachais i gcás ina ndéanfaidh **<u>na heagraíochtaí nó</u>** na comhlachais sin clár oibríochtúil a thíolacadh.

2. Is i gcás cláir oibríochtúla a d'fhormheas na Ballstáit, agus na cláir oibríochtúla sin amháin, a úsáidfear cistí oibríochtúla chun cláir oibríochtúla a mhaoiniú.

*Airteagal 46*

*Cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí*

1. Beidh an cúnamh airgeadais ón Aontas cothrom le méid na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45(1) atá íoctha iarbhír agus ní bheidh sé níos airde ná 50 % den chaiteachas iarbhír a thabhaítear.

2. Is í an uasteorainn a bheidh leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas:

   (a) 4,1 % de luach na táirgeachta arna margú ag gach eagraíocht táirgeoirí;

   (b) 4,5 % de luach na táirgeachta arna margú ag gach comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí;

   (c) 5 % de luach na táirgeachta arna margú ag gach eagraíocht táirgeoirí thrasnáisiúnta nó ag gach comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta

[...]

[...]

[...]

[...]

**Féadfaidh méadú 0.5 pointe céatadáin teacht ar na teorainneacha sin ar choinníoll nach mbaintear leas as an méid atá de bhreis ar an gcéatadán ábhartha a leagtar amach sa chéad fhomhír ach le haghaidh idirghabháil amháin nó níos mó a nasctar leis na cuspóirí dá dtagraítear i bpointí (d), (e), (f), (h), (i) agus (j) d'Airteagal 41a. I gcás comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, lena n-áirítear comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí thrasnáisiúnta, féadfaidh an comhlachas na hidirghabhálacha sin a chur chun feidhme thar ceann a chomhaltaí.**

3. Arna iarraidh sin d'eagraíocht táirgeoirí **nó do chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí**, déanfar an uasteorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 a ardú go 60 % i gcomhair clár oibríochtúil nó i gcomhair cuid de chlár oibríochtúil [...] **má** **tá feidhm ag** ceann amháin ar a laghad de na nithe seo [...] a leanas:

(a) go ndéanann eagraíochtaí táirgeoirí atá ag feidhmiú i mBallstáit éagsúla idirghabhálacha a nasctar leis na cuspóirí dá dtagraítear i bpointí (b)**,** [...] (e) **agus (f)** d'Airteagal [...]**41a** a chur chun feidhme [...] ar bhonn trasnáisiúnta;

(b) go bhfuil eagraíocht táirgeoirí amháin nó níos mó i mbun idirghabhálacha atá á ndéanamh ar bhonn idirchraoibhe;

(c) nach gcumhdaíonn clár oibríochtúil ach tacaíocht shonrach chun táirgí orgánacha a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[13] a tháirgeadh;

(d) [...] go ndéanann **eagraíocht táirgeoirí nó** comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 **clár oibríochtúil a chur chun feidhme den chéad uair**;

(e) gur lú ná 20 % den táirgeadh torthaí agus glasraí [...] i mBallstát a thagann as eagraíochtaí táirgeoirí;

(f) go bhfuil eagraíocht táirgeoirí ag feidhmiú i gceann de na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;

(g) gurb é atá **i** gclár oibríochtúil na hidirghabhálacha a nasctar leis na cuspóirí dá dtagraítear i bpointí ([...]**d**), ([...]**e**), ([...]**f**), ([...]**i**) agus ([...]**j**) d'Airteagal [...]**41a;**

13 Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

(h) **go bhfuil clár oibríochtúil á chur chun feidhme den chéad uair ag eagraíocht táirgeoirí aitheanta atá mar thoradh ar chumasc idir dhá eagraíocht táirgeoirí aitheanta nó níos mó.**

**3a. Déanfar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 a mhéadú go 80 % i gcás caiteachas a nasctar leis an gcuspóir dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 41a, i gcás ina gcumhdóidh an caiteachas sin 5 % ar a laghad den chaiteachas faoin gclár oibríochtúil.**

**3b. Déanfar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 a mhéadú go 80 % i gcás caiteachas a nasctar leis an gcuspóir dá dtagraítear i bpointí (e) agus (f) d'Airteagal 41a, i gcás ina gcumhdóidh an caiteachas sin 20 % ar a laghad den chaiteachas faoin gclár oibríochtúil**.

4. Déanfar an uasteorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 a ardú go 100 % sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina dtarraingeofar siar ón margadh torthaí agus glasraí nach sáraíonn 5 % de mhéid na táirgeachta arna margú ag gach eagraíocht táirgeoirí, agus a ndéanfar iad a dhiúscairt mar a leanas:

(i) trína ndáileadh saor in aisce ar eagraíochtaí agus ar fhondúireachtaí carthanacha, arna bhformheas chuige sin ag na Ballstáit, lena n-úsáid ina ngníomhaíochtaí le cabhrú le daoine a aithnítear sa dlí náisiúnta go bhfuil siad i dteideal cúnamh poiblí a fháil, go háirithe toisc nach bhfuil an chóir mhaireachtála riachtanach acu;

(ii) trína ndáileadh saor in aisce ar fhorais phionóis, ar scoileanna agus ar institiúidí oideachais phoiblí, dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus ar champaí saoire leanaí chomh maith le hospidéil agus le hárais seanóirí arna n-ainmniú ag na Ballstáit, a ghlacfaidh na céimeanna ar fad is gá lena áirithiú i gcás na gcainníochtaí a dháiltear gur cainníochtaí sa bhreis iad ar na cainníochtaí a dhéanann na forais sin a cheannach isteach de ghnáth;

(b) i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le cóitseáil eagraíochtaí táirgeoirí eile a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ar choinníoll gur as réigiúin de chuid na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 47(2) den Rialachán seo a thagann na heagraíochtaí táirgeoirí sin, nó le cóitseáil táirgeoirí aonair.

*Airteagal 47*

*Cúnamh airgeadais náisiúnta*

1. I réigiúin de chuid na mBallstát ina bhfuil leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí go mór faoi bhun mheán an Aontais, féadfaidh na Ballstáit cúnamh airgeadais náisiúnta atá cothrom le 80 % ar a mhéad de na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45(1) agus suas le 10 % de luach na táirgeachta arna margú ag eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a dheonú do na heagraíochtaí táirgeoirí sin. Beidh an cúnamh airgeadais náisiúnta sa bhreis ar an gciste oibríochtúil.

2. Measfar go mbeidh leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí i réigiún de chuid Ballstáit go mór faoi bhun mheán an Aontais i gcás inar lú ná 20 % an meánleibhéal eagrúcháin maidir le trí bliana as a chéile roimh chur chun feidhme an chláir oibríochtúil. Déanfar an leibhéal eagrúcháin a ríomh mar an luach a bhí ar tháirgeacht na dtorthaí agus na nglasraí sa réigiún lena mbaineann agus a chuir na heagraíochtaí táirgeoirí agus na comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ar an margadh, arna roinnt ar luach iomlán na táirgeachta torthaí agus glasraí a bhí sa réigiún sin.

Ballstáit a dheonaíonn cúnamh airgeadais náisiúnta i gcomhréir le mír 1, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi na réigiúin a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear i mír 2 agus faoin gcúnamh airgeadais náisiúnta arna dheonú d'eagraíochtaí táirgeoirí sna réigiúin sin.

## ROINN 3

## EARNÁIL NA BEACHADÓIREACHTA

*Airteagal 48*

*Cuspóirí in earnáil na beachadóireachta*

[...] Déanfaidh na Ballstáit ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6 [...] a shaothrú in earnáil na beachadóireachta.

*Airteagal 49*

*Cineálacha idirghabhál**a** in earnáil na beachadóireachta agus an cúnamh airgeadais ón Aontas*

1. Maidir le gach cuspóir sonrach **roghnaithe** a leagtar amach in Airteagal 6 [...], déanfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála seo a leanas in earnáil na beachadóireachta a roghnú ina bPleananna Straitéiseacha CBT:

   (a) **seirbhísí comhairleacha,** cúnamh teicniúil**, oiliúint, faisnéis agus malartú dea-chleachtais** do bheachairí agus eagraíochtaí beachairí**, lena n-áirítear maidir le hionróirí coirceog beach agus galair sna coirceoga beach, go háirithe maidir le varróis**;

   (b) [...] **infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, mar aon le gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear:**

      **(i)** ionróirí coirceog beach agus galair sna coirceoga beach, go háirithe an varróis, **a chomhrac**;

      **(ii) damáiste de dheasca teagmhais dhíobhálacha aeráide a chosc agus forbairt agus úsáid cleachtais bhainistithe atá in oiriúint do na hathruithe ar dhálaí aeráide a chur chun cinn;**

      **(iii) coirceoga beach san Aontas a athstocáil, lena n-áirítear porú beach;**

      **(iv) buailteachas a chuíchóiriú;**

      **(v) an t-iomaíochas agus an nuálaíocht a fheabhsú in earnáil na beachadóireachta;**

(c) [...]

(d) gníomhaíochtaí chun tacú le saotharlanna chun anailís a dhéanamh ar tháirgí beachadóireachta;

(e) [...]

(f) comhar le comhlachtaí speisialaithe maidir le cláir thaighde a chur chun feidhme i réimse na beachadóireachta agus na dtáirgí beachadóireachta;

(g) **gníomhaíochtaí cur chun cinn, cumarsáide agus margaíochta, lena n-áirítear** gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar an margadh **agus gníomhaíochtaí atá dírithe go háirithe ar chur le feasacht tomhaltóirí ar cháilíocht na dtáirgí beachadóireachta agus ar an tábhacht a bhaineann le haistí bia folláine;**

(h) gníomhaíochtaí chun cáilíocht táirgí a fheabhsú.

2. Tabharfaidh na Ballstáit le fios ina bPleananna Straitéiseacha CBT an bunús atá leis an rogha a rinne siad maidir le cuspóirí sonracha agus cineálacha idirghabhál**a**. Maidir leis na cineálacha idirghabhál**a** atá roghnaithe acu, [...] **sonróidh** na Ballstáit na hidirghabhálacha sin.

3. Leagfaidh na Ballstáit amach ina bPleananna Straitéiseacha CBT an cistiú atá curtha ar fáil acu le haghaidh na gcineálacha idirghabhál**a** a roghnaíodh ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

4. [...] **Déanfaidh** na Ballstáit **na méideanna céanna a sholáthar arb ionann ar a laghad agus na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 82(2) agus féadfaidh siad suas le 100 % den chaiteachas a sholáthar mar chúnamh airgeadais breise**.

5. Agus a bPleananna Straitéiseacha CBT á dtarraingt suas ag na Ballstáit, [...] **comhoibreoidh siad le** hionadaithe eagraíochtaí i réimse na beachadóireachta.

6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gach bliain maidir le líon na gcoirceog beach atá ar a gcríoch.

*Airteagal 50*

*Cumhachtaí tarmligthe*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le ceanglais de bhreis ar na ceanglais sin a leagtar síos sa roinn seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an oibleagáid atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún gach bliain maidir le líon na gcoirceog beach atá ar a gcríoch a leagtar amach in Airteagal 49(6);

(b) an sainmhíniú ar choirceog beach agus na modhanna chun líon na gcoirceog beach a ríomh;

(c) an ranníocaíocht íosta ón Aontas leis an gcaiteachas a bhaineann le cur chun feidhme na gcineálacha idirghabhála agus na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 49.

## **ROINN 4**

## **EARNÁIL AN FHÍONA**

*Airteagal 51*

*Cuspóirí in earnáil an fhíona*

Déanfaidh an Ballstát **dá dtagraítear in Airteagal 82(1)** ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas a shaothrú in earnáil an fhíona:

(a) feabhas **a chur** ar iomaíochas táirgeoirí fíona an Aontais [...]; [...] bain**eann** an cuspóir **sin** [...] leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (b)**, (c)** [...] agus (h) d'Airteagal 6 [...];

**(aa) feabhas a chur ar inbhuaine córas táirgthe agus an tionchar a imríonn earnáil fíona an Aontais ar an gcomhshaol a laghdú; baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (d) go (f), agus pointe (h) d'Airteagal 6;**

(b) feabhas **a chur** ar fheidhmíocht fhiontair fíona an Aontais agus ar an gcaoi a gcuirtear in oiriúint iad d'éilimh an mhargaidh, agus cur lena n-iomaíochas a mhéid a bhaineann le táirgí fíniúna a tháirgeadh agus a chur ar an margadh, lena n-áirítear caomhnú fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh ar bhonn domhanda agus próisis inbhuanaithe; baineann na cuspóirí sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (a) go (e), agus i bpointí (g) agus (h) d'Airteagal 6 [...];

(c) rannchuid[...]**iú** le hathchothromú a dhéanamh ar sholáthar agus ar éileamh i margadh fíona an Aontais chun géarchéimeanna sa mhargadh a chosc; baineann an cuspóir sin leis an gcuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 6 [...];

(d) rannchuid[...]**iú** le hioncam tháirgeoirí fíona an Aontais a chosaint i gcás ina dtabhófar caillteanais de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide, ainmhithe, galar nó inmhíolú lotnaidí; baineann an cuspóir sin leis an gcuspóir a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 6 [...];

(e) cur[...] **le** hindíoltacht agus iomaíochas tháirgí fíniúna an Aontais, go háirithe trí tháirgí, próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt agus trí bhreisluach a chur leo ag céim ar bith den slabhra soláthair, lena n-áirítear aistriú eolais; baineann an cuspóir sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (a), (b), (c), (e) agus (i) d'Airteagal 6 [...];

(f) úsáid fhotháirgí na fíonóireachta **a chothú** chun críoch tionsclaíoch**, agranamaíoch** agus fuinnimh, lena n-áirithítear cáilíocht fhíonta an Aontais agus lena ndéantar an comhshaol a chosaint san am céanna; baineann an cuspóir sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (d) agus (e) d'Airteagal 6 [...];

(g) rannchuid[...]**iú** le feasacht na dtomhaltóirí a mhúscailt ar thomhaltas stuama fíona agus ar scéimeanna cáilíochta fíona atá ag an Aontas; baineann an cuspóir sin leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (b) agus (i) d'Airteagal 6 [...];

(h) feabhas **a chur** ar iomaíochas tháirgí fíniúna an Aontais i dtríú tíortha; baineann an cuspóir sin leis na cuspóirí a leagtar amach i bpointí (b) agus (h) d'Airteagal 6 [...];

(i) rannchuid[...]**iú** le hathléimneacht táirgeoirí a mhéadú in aghaidh luaineachtaí margaidh; baineann an cuspóir sin leis na cuspóirí a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 6 [...].

*Airteagal 52*

*Cineálacha idirghabhál**a** in earnáil an fhíona*

1. Maidir le gach cuspóir a roghnaítear as measc na gcuspóirí sin a leagtar síos in Airteagal 51, déanfaidh na Ballstáit **dá dtagraítear in Airteagal 82(1)** ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhál**a** seo a leanas a roghnú ina bPleananna Straitéiseacha CBT:

   (a) fíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú, [...] **lena ndéanfar ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:**

   **- athchóirithe cineálacha, lena n-áirítear athchóiriú trí bheangú,**

- **athlonnú fíonghort,**

- athphlandú fíonghort i gcás inar gá sin tar éis grafadh éigeantach ar chúiseanna sláinte nó fíteashláintíochta, ar threoir a fháil chuige sin ó údarás inniúil an Bhallstáit,

- **teicnící bainistithe fíonghort a fheabhsú, go háirithe ardchórais táirgthe inbhuanaithe a thabhairt isteach**,

ach cé is moite d'aon tacaíocht maidir le gnáth-athnuachan fíonghort nuair a dhéantar an dáileacht talún chéanna a athphlandáil leis an gcineál fíonchaoire céanna i gcomhréir leis an gcóras céanna saothraithe fíniúna, nuair atá deireadh tagtha le saolré nádúrtha na bhfíniúnacha;

(b) **infheistíochtaí i** [...] **sócmhainní** inláimhsithe agus doláimhsithe i g**córais feirmeoireachta fíonsaothrúcháin, cé is moite d'oibríochtaí atá ábhartha don chineál idirghábhála dá bhforáiltear i bpointe (a),** i saoráidí próiseála, i mbonneagar fíonghort agus i struchtúir agus in uirlisí margaíochta;

(c) glasbhuaint, rud a chiallaíonn na triopaill fíonchaor a scriosadh nó a bhaint ina n-iomláine agus iad fós neamhaibí, rud a fhágann nach mbeidh táirgeacht ar bith as an limistéar lena mbaineann agus nach n-áireofar neamhbhuaint, is é sin nuair a fhágtar fíonchaora tráchtála ar na plandaí ag deireadh an ghnáth-thimthrialla táirgthe;

(d) árachas buainte mar chosaint ar chaillteanais ioncaim a tharlódh de thoradh teagmhais dhíobhálacha aeráide a bhaineann le tubaiste nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide, ainmhithe, galair phlandaí nó inmhíolú lotnaidí;

(e) infheistíochtaí inláimhsithe agus doláimhsithe sa nuálaíocht, mar atá táirgí nuálacha [...]**, lena n-áirítear táirgí ó** fhotháirgí fíonóireachta agus próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt, infheistíochtaí eile a chuireann breisluach leo ag céim ar bith den slabhra soláthair, lena n-áirítear aistriú eolais;

(f) fotháirgí fíonóireachta a dhriogadh i gcomhréir leis na srianta a leagtar síos i Roinn D de Chuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(g) gníomhaíochtaí faisnéise a dhéanamh sna Ballstáit maidir le fíonta an Aontais lena spreagfar tomhaltas stuama fíona nó lena ndéanfar scéimeanna cáilíochta an Aontais maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a chur chun cinn;

(h) gníomhaíochtaí cur chun cinn a dhéantar i dtríú tíortha, ar a mbeidh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

    (i) gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí, cur chun cinn nó fógraíochta, go háirithe gníomhaíochtaí lena leagtar béim ar na hardchaighdeáin a bhaineann le táirgí an Aontais, go háirithe ó thaobh cáilíochta, sábháilteacht bia nó an chomhshaoil de;

    (ii) páirt a ghlacadh [...] **in** imeachtaí, in aontaí nó i dtaispeántais a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo;

    (iii) feachtais faisnéise, go háirithe faoi scéimeanna cáilíochta an Aontais maidir le sonrúcháin tionscnaimh, tásca geografacha agus táirgeadh orgánach;

    (iv) staidéir ar mhargaí nua, atá riachtanach chun asraonta margaidh a leathnú;

    (v) staidéir chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na mbeart faisnéise agus na mbeart cur chun cinn;

    (vi) comhaid theicniúla a ullmhú, lena n-áirítear tástálacha saotharlainne agus measúnuithe, maidir le cleachtais fhíoneolaíocha, rialacha fíteashláintíochta agus sláintíochta, mar aon le ceanglais eile tríú tír a bhaineann le hallmhairiú tháirgí earnáil an fhíona, chun an rochtain ar mhargaí tríú tír a éascú;

(i) cúnamh sealadach agus ar bhonn céimlaghdaitheach chun na costais riaracháin a bhaineann le bunú cistí frithpháirteacha a chumhdach.

2. Tabharfaidh na Ballstáit **dá dtagraítear in Airteagal 82(1)** le fios ina bPleananna Straitéiseacha CBT an bunús atá leis an rogha a rinne siad maidir le cuspóirí agus cineálacha idirghabhál**a** in earnáil an fhíona. Maidir leis na cineálacha idirghabhál**a** atá roghnaithe acu, [...] **sonróidh** na Ballstáit na hidirghabhálacha sin.

3. De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i dTeideal V, leagfaidh **na** Ballstáit **dá dtagraítear in Airteagal 82(1)** amach ina bPleananna Straitéiseacha CBT sceideal maidir le cur chun feidhme na gcineálacha idirghabhála atá roghnaithe acu, na hidirghabhálacha agus tábla airgeadais ginearálta ina dtaispeánfar na hacmhainní a bheidh le húsáid agus an leithdháileadh acmhainní atá beartaithe a dhéanamh ar na cineálacha idirghabhál**a** agus na hidirghabhálacha atá roghnaithe i gcomhréir leis na leithdháiltí airgeadais a leagtar síos in Iarscríbhinn V.

*Airteagal 53*

*Cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh earnáil an fhíona*

1. An cúnamh airgeadais a thabharfaidh an tAontas le haghaidh fíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 52(1), ní bheidh sé níos airde ná 50 % de na costais iarbhír a bhaineann le hathstruchtúrú agus athchóiriú na bhfíonghort nó níos airde ná 75 % de na costais iarbhír a bhaineann le hathstruchtúrú agus athchóiriú na bhfíonghort i réigiúin lagfhorbartha **de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 102(2) de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]**.

Féadfaidh an cúnamh a bheith i bhfoirm cúiteamh le táirgeoirí i leith caillteanas ioncaim de dheasca chur chun feidhme na hidirghabhála agus ina thacaíocht leis na costais a bhaineann le hathstruchtúrú agus athchóiriú na bhfíonghort. I gcás cúiteamh le táirgeoirí i leith caillteanas ioncaim de dheasca chur chun feidhme na hidirghabhála, féadfar suas le 100 % den chaillteanas lena mbaineann a chumhdach, **agus beidh sé i gceann de na foirmeacha seo a leanas:**

**(i) an cead fíniúnacha nua agus seanfhíniúnacha a bheith ag fás ag an am céanna ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana;**

**(ii) cúiteamh airgeadais.**

2. Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh na n-infheistíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 52(1), ní sháróidh sé na huasteorainneacha seo a leanas [...]:

(a) 50 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin lagfhorbartha **de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 102(2) de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]**;

(b) 40 % de na costais incháilithe infheistíochta i réigiúin eile seachas réigiúin lagfhorbartha;

(c) 75 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;

(d) 65 % de na costais incháilithe infheistíochta sna hoileáin bheaga Aeigéacha a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

An cúnamh airgeadais ón Aontas ag an ráta uasta, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní dhéanfar é a dheonú ach do micrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún[14]; [...]**m**ar sin féin, féadfar é a dheonú do gach cineál fiontair i gcás na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE agus na n-oileán beag Aeigéach a shainítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

Déanfar na huasteorainneacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a laghdú faoina leath i gcás na bhfiontar sin nach gcumhdaítear hAirteagal 2(1) de Theideal I den iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE agus a bhfuil níos lú ná 750 fostaí iontu nó a bhfuil láimhdeachas **bliantúil** níos ísle ná EUR 200 milliún acu.

Ní dhéanfar aon chúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú d'fhiontair atá i gcruachás de réir bhrí Threoirlínte an Aontais maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnólachtaí atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu[15].

---

[14] **Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú** (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnólachtaí neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu, [...]**3**1.7. 2014 (2014/C 249/01).

3. An cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh glasbhuaint dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 52(1), ní bheidh sé níos airde ná 50% de shuim na gcostas díreach a bhaineann leis na triopaill fíonchaor a scriosadh nó a bhaint agus an chaillteanais ioncaim de bharr an scriosta nó na bainte sin.

4. Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh árachas buainte dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 52(1), ní sháróidh sé na huasteorainneacha seo a leanas:

(a) 80 % de chostas na bpréimheanna árachais arna n-íoc [...] ag na táirgeoirí i gcomhair árachais in aghaidh caillteanas de bharr teagmhais dhíobhálacha aeráide atá inchurtha le tubaistí nádúrtha;

(b) 50% de chostas na bpréimheanna árachais arna n-íoc ag na táirgeoirí i gcomhair árachais in aghaidh:

(i) caillteanais dá dtagraítear i bpointe (a) agus in aghaidh caillteanais de dheasca teagmhais dhíobhálacha aeráide **eile**;

(ii) caillteanas de dheasca ainmhithe, galair phlandaí nó inmhíolú lotnaidí.

Féadfar cúnamh airgeadais ón Aontas a dheonú maidir le hárachas buainte más rud é nach dtugann na híocaíochtaí árachais lena mbaineann cúiteamh do tháirgeoirí i leith breis agus 100 % den chaillteanas ioncaim a tharlaíonn dóibh, agus cuirfear san áireamh aon chúiteamh a d'fhéadfadh a bheith faighte ag na táirgeoirí ó scéimeanna tacaíochta eile a bhaineann leis an riosca a bhfuarthas árachas ina aghaidh. Beidh sé de cheangal leis na conarthaí árachais go ndéanfaidh tairbhithe na bearta is gá maidir le riosca a chosc.

5. Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh na nuálaíochta dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 52(1), ní sháróidh sé na huasteorainneacha seo a leanas:

(a) 50 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin lagfhorbartha **de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 102(2) de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]**;

(b) 40 % de na costais incháilithe infheistíochta i réigiúin eile seachas réigiúin lagfhorbartha;

(c) 75 % de na costais incháilithe infheistíochta sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;

(d) 65 % de na costais incháilithe infheistíochta sna hoileáin bheaga Aeigéacha a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

An cúnamh airgeadais ón Aontas ag an ráta uasta, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, is do mhicrifiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE amháin a [...] **dheonófar** é; mar sin féin, féadfar é[...] **a dheonú** do gach cineál fiontair i gcás na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE agus na n-oileán beag Aeigéach a shainítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

Déanfar uasteorainn na cabhrach dá dtagraítear sa chéad fhomhír a laghdú faoina leath i gcás na bhfiontar sin nach gcumhdaítear le hAirteagal 2(1) de Theideal I den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE agus a bhfuil níos lú ná 750 fostaí iontu nó a bhfuil láimhdeachas **bliantúil** níos ísle ná EUR 200 milliún acu.

6. An cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí faisnéise agus tionscnaimh dá dtagraítear i bpointe (g) agus pointe (h) d'Airteagal 52(1), ní bheidh sé níos airde ná 50% den chaiteachas incháilithe. **Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dheonú de suas le 30 % de chaiteachas incháilithe ach ní sháróidh cúnamh airgeadais an Aontais agus íocaíochtaí na mBallstát le chéile 80 % den chaiteachas incháilithe.**

7. An cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh fotháirgí na fíonóireachta a dhriogadh dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 52(1), déanfaidh an Coimisiún é a shocrú i gcomhréir leis na rialacha sonracha a leagtar síos in Airteagal 54(3) trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

*Airteagal 54*

*Rialacha sonracha maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh earnáil an fhíona*

1. Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann nach bhfágfaidh an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh árachas buainte go saobhfar an iomaíocht sa mhargadh árachais.

2. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann córas ar bun a bheidh bunaithe ar chritéir oibiachtúla lena áirithiú nach dtabharfar, de thoradh glasbhuainte, cúiteamh níos airde ná an uasteorainn a leagtar síos in Airteagal 53(3) do tháirgeoirí aonair fíona.

3. Déanfar méid an chúnaimh ón Aontas le haghaidh dhriogadh fhotháirgí na fíonóireachta **dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 52(1)** a shocrú de réir an chéatadáin de réir toirte, agus de réir an heictilítir, d'alcól a tháirgtear. Ní dhéanfar aon chúnamh airgeadais a íoc i leith an mhéid sin d'alcól de réir toirte atá sna fotháirgí atá le driogadh a sháraíonn 10 % den mhéid alcóil de réir toirte atá san fhíon a tháirgtear.

   Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfar an cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh dhriogadh fhotháirgí na fíonóireachta a íoc le driogairí a dhéanann fotháirgí na fíonóireachta a phróiseáil chun iad a dhriogadh ina n-alcól amh ar mó ná 92 %, ar a laghad, a neart alcólach arna thomhas mar chéatadán dá thoirt.

   Áireofar sa chúnamh airgeadais ón Aontas cnapshuim lena gcúiteofar na costais a bhaineann le fotháirgí na fíonóireachta a bhailiú. Déanfar an méid sin a aistriú ón driogaire chuig an táirgeoir, i gcás gurb é an táirgeoir a chlúdaíonn na costais ábhartha sin.

   Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann gur chun críocha tionsclaíocha nó fuinnimh amháin nach ndéanann saobhadh ar an iomaíocht a úsáidtear an t-alcól a thagann as driogadh fhotháirgí na fíonóireachta [...] ar deonaíodh cúnamh airgeadais ón Aontas ina leith.

4. Leagfaidh na Ballstáit lena mbaineann síos ina bPleananna Straitéiseacha CBT céatadán íosta caiteachais maidir le gníomhaíochtaí atá dírithe ar chosaint an chomhshaoil, ar an oiriúnú don athrú aeráide, ar inbhuaine córas agus próiseas táirgthe a fheabhsú, ar an tionchar a bhíonn ag earnáil an fhíona san Aontas ar an gcomhshaol a laghdú, ar chaomhnú fuinnimh agus ar éifeachtúlacht fuinnimh ar bhonn domhanda a fheabhsú.

## ROINN 5

## EARNÁIL NA LEANNLUSANNA

*Airteagal 55*

*Cuspóirí agus cineálacha idirghabhál**a** in earnáil na leannlusanna*

1. Déanfaidh an Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 82(3) ceann amháin nó níos mó de na [...] cuspóirí [...] **a leagtar amach i bpointí (a) go (h) agus (j) d'Airteagal 41a** a shaothrú in **earnáil na leannlusanna**[...]**.**

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

2. Déanfaidh an Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 82(3) [...] ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhál**a** dá dtagraítear in Airteagal [...] **41b** **a roghnú** ina Phlean Straitéiseach CBT chun na cuspóirí a roghnaíodh mar a leagtar amach i mír 1 a shaothrú. Maidir leis na cineálacha idirghabhál**a** atá roghnaithe aige, [...] **sonróidh** an **Ballstát** [...] na hidirghabhálacha sin. Tabharfaidh an Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 82(3) le fios ina Phlean Straitéiseach CBT an bunús atá leis an rogha a rinne sé maidir le cuspóirí, cineálacha idirghabhál**a** agus idirghabhálacha chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

**3. Déanfar na hidirghabhálacha arna sainiú ag an Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 82(3) a chur chun feidhme trí chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.**

## ROINN 6

## EARNÁIL NA hOLA OLÓIGE AGUS NA n-OLÓG BOIRD

*Airteagal 56*

*Cuspóirí in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird*

Déanfaidh an Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 82(4) ceann amháin nó níos mó de na [...] cuspóirí **a leagtar amach i bpointí (a), (c) go (g), agus (j) d'Airteagal 41a** a shaothrú **in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird**[...]**.**

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

*Airteagal 57*

*Cineálacha idirghabhál**a** [...] in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird*

1. Chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 56 a shaothrú, déanfaidh na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 82(4)**,** [...] an méid a leanas ina bPleananna Straitéiseacha CBT**:**

**(a) i gcás ina gcinnfidh siad na hidirghabhálacha a chur chun feidhme** [...]

[...] trí bhíthin cláir oibríochtúla fhormheasta de chuid eagraíochtaí táirgeoirí [...] nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, **cineál amháin nó níos mó de na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 41b a roghnú, nó**

**(b) i gcásanna eile, cineál amháin nó níos mó de na hidirghabhálacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo a roghnú**.

**Tabharfaidh na Ballstáit le fios ina bPleananna Straitéiseacha CBT an bunús atá leis an rogha a rinne siad maidir le cuspóirí sonracha agus cineálacha idirghabhála. As measc na gcineálacha idirghabhála atá roghnaithe acu, sonróidh na Ballstáit na hidirghabhálacha.**

Chun críoch[...] **phointe (a)** beidh feidhm ***mutatis mutandis*** ag Airteagail [...] **44(2) agus (3) go (6)** agus [...] **Airteagal 45** den Rialachán seo.

**2. Is seo a leanas a bheidh sna cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1:**

**(a) plandú, athstruchtúrú agus athphlandú gort ológ, lena n-áirítear crainn olóige a athphlandú i gcás inar gá sin tar éis grafadh éigeantach ar chúiseanna sláinte nó fíteashláintíochta ar threoir a fháil chuige sin ó údarás inniúil an Bhallstáit;**

**(b) infheistíochtaí inláimhsithe agus doláimhsithe i saoráidí próiseála agus i mbonneagar muilinn ola olóige, agus in innealraí, agus i struchtúir agus uirlisí margaíochta freisin;**

**(c) infheistíochtaí inláimhsithe agus doláimhsithe sa nuálaíocht, mar atá táirgí agus fotháirgí earnáil na hola olóige, agus próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt, infheistíochtaí eile a chuireann breisluach leo ag céim ar bith den slabhra soláthair, lena n-áirítear aistriú eolais;**

**(d) gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide chomh maith le bearta chun córais thraidisiúnta, mar atá sonraithe ag na Ballstáit, a chur chun cinn nó a choimeád, ó thaobh dhlús an phlandaithe, ilbharra, léibheannú a bheith ann, ionchuir fuinnimh sheachtraigh a laghdú agus ardluach tírdhreacha.**

*Airteagal 58*

*Cúnamh airgeadais ón Aontas*

1. An cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh na gcostas incháilithe, ní sháróidh sé na huasteorainneacha seo a leanas:

(a) 75 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú maidir le hidirghabhálacha a nasctar leis na cuspóirí dá dtagraítear i bpointí (a) [...] **agus** (c) [...] **go** ([...]**f**), d'Airteagal [...] **41a**;

(b) 75 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú maidir le hinfheistíochtaí sócmhainní seasta agus **[...]**50 %**[...]** maidir le hidirghabhálacha eile a nasctar leis **an** gcuspóir dá dtagraítear i bpointe ([...]**g**) d'Airteagal [...]**41a**;

(c) 50 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú maidir le hidirghabhálacha a nasctar leis **an** gcuspóir dá dtagraítear i bpointe ([...]**j**) d'Airteagal [...] **41a**;

(d) 75 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú maidir leis na cineálacha idirghabhál**a** dá dtagraítear i bpointí (f) agus (h) **de mhír 1** d'Airteagal [...] **41b** i gcás ina bhfuil an clár oibríochtúil curtha chun feidhme i dtrí thríú tír nó Bhallstát neamhtháirgeora ar a laghad ag eagraíochtaí táirgeoirí **nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí** as dhá Bhallstát táirgeora ar a laghad, agus 50 % den chaiteachas iarbhír i gcás nár comhlíonadh an coinníoll sin maidir leis an gcineál seo idirghabhála.

2. Maidir le gach eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, déanfar an cúnamh airgeadais ón Aontas a theorannú le nach sáróidh sé 5 % de luach na táirgeachta arna margú.

3. **Féadfaidh** [...] na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear maoiniú comhlántach ar fáil **do na cistí oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 45** chun suas le 50 % de na costais nach gcumhdaítear leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas a mhaoiniú.

## ROINN 7

## EARNÁLACHA EILE

*Airteagal 59*

*Cuspóirí in earnálacha eile*

[...] **Féadfaidh** na Ballstáit [...] **a roghnú ina bPleananna Straitéiseacha CBT na hearnálacha sin dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 39 ina gcuirfidh siad na cineálacha idirghabhála a leagtar síos in Airteagal 41b chun feidhme** [...]**. Maidir le gach earnáil a roghnóidh na Ballstáit, saothróidh siad ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leagtar amach i bpointí (a) go (h) agus i bpointe (j) d'Airteagal 41a. Tabharfaidh na Ballstáit le fios an bunús atá leis an rogha a rinne siad maidir le hearnálacha agus cuspóirí.**

[...]

[...]

*Airteagal 60*

[...]

[...]

*Airteagal 60a*

*Cineálacha idirghabhála in earnálacha eile*

**1. I gcás gach earnáil a roghnaítear de réir na chéad mhíre d'Airteagal 59, roghnóidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 41b a chuirfear chun feidhme trí chláir oibríochtúla fhormheasta arna dtarraingt suas ag:**

**(a) eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcomhlachais, arna n-aithint faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nó faoi mhír 7 in earnáil an chadáis, nó**

**(b) comharchumainn, mar aon le foirmeacha eile comhair idir táirgeoirí a bunaíodh ar thionscnamh táirgeoirí agus atá á rialú acu, a bheidh sainaitheanta ag údarás inniúil Ballstáit mar ghrúpaí táirgeoirí, ar feadh idirthréimhse suas le ceithre bliana ó thús clár oibríochtúil formheasta dar críoch an 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí.**

**2. Leagfaidh na Ballstáit amach na critéir maidir le grúpaí táirgeoirí a shainaithint agus cinnfidh siad gníomhaíochtaí agus cuspóirí na ngrúpaí táirgeoirí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 agus é mar aidhm go mbeidh na grúpaí táirgeoirí sin in ann na ceanglais maidir le haitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí faoi Airteagail 152 go 154 nó 161 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chomhlíonadh.**

**3. Déanfaidh na grúpaí táirgeoirí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, de bhreis ar chlár oibríochtúil, plean aitheantais a tharraingt suas agus a chur isteach d'fhonn na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 152 go 154 nó 161 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chomhlíonadh maidir le haitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí.**
**Sa phlean aitheantas socrófar gníomhaíochtaí agus spriocanna chun a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn maidir leis an aitheantas sin a bhaint amach.**

**Aon tacaíocht a dheonófar do ghrúpa táirgeoirí nach bhfuil aitheanta mar eagraíocht táirgeoirí faoi dheireadh na hidirthréimhse, beidh sí faoi réir aisghabhála.**

**4. Tabharfaidh na Ballstáit le fios an bunús atá leis an rogha a rinne siad maidir le cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i mír 1.**

**5. Ní bheidh feidhm ag cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i bpointí (c) agus i bpointí (e) go (h) de mhír 2 d'Airteagal 41b maidir le cadás, síolta ráibe nó síolta colsa, síolta lus na gréine agus pónairí soighe a áirítear in Iarscríbhinn [XIII].**

**6. Comhlíonfaidh na cláir oibríochtúla dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 44(2) agus (3) go (6) den Rialachán seo.**

**7. Na Ballstáit a roghnaíonn cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 39(f) a chur chun feidhme in earnáil an chadáis, tabharfaidh siad aitheantas d'eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an chadáis agus do chomhlachais na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin bunaithe ar na ceanglais agus ag úsáid na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 1 d'Airteagal 152 agus in Airteagail 153 go 156 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013[16]. Maidir le grúpaí táirgeoirí cadáis agus cónaidhmeanna de na grúpaí táirgeoirí sin atá aitheanta ag na Ballstáit bunaithe ar Phrótacal Uimh. 4 a ghabhann le hIonstraim Aontachais na Poblachta Heilléanaí 1979 roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, chun críocha na roinne seo, measfar gur eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí iad, faoi seach.**

**8. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh tacaíocht do na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i bpointí (e), (f) agus (g) de mhír 2 d'Airteagal 41b aon trian den chaiteachas iomlán faoi chláir oibríochtúla mar a leagtar amach ina bPlean Straitéiseach CBT.**

---

16 [...]

*~~Airteagal 61~~*

[...]

[...]

*Airteagal 62*

*[...]*

[...]

*Airteagal 63*

*Cúnamh airgeadais ón Aontas*

1. Ní bheidh an cúnamh airgeadais ón Aontas [...] níos airde ná 50 % den chaiteachas iarbhír a thabhaítear **maidir leis na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 60a. Is iad na tairbhithe a íocfaidh an chuid eile den chaiteachas.**

   **Íocfar an cúnamh airgeadais ón Aontas le cistí oibríochtúla arna mbunú ag eagraíochtaí táirgeoirí nó ag a gcomhlachais a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nó ag grúpaí táirgeoirí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 60a(1). Beidh feidhm ag Airteagail 45 agus 46(1) chun na críche sin.**

**1a. Déanfar an uasteorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 a ardú go 60 % i gcomhair eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 don chéad cúig bliana tar éis na bliana aitheantais.**

2. Déanfar an cúnamh airgeadais ón Aontas a theorannú le nach sáróidh sé 10 % de luach na táirgeachta arna margú den mhéid seo a leanas**:**

   - gach eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí **dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 60a(1) nó**

   - **gach grúpa táirgeoirí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 60a(1).**

# CAIBIDIL IV
# CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA LE hAGHAIDH FORBAIRT TUAITHE

## ROINN 1
## CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA

*Airteagal 64*
*Cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe*

Is é a bheidh sna cineálacha idirghabhála faoin gCaibidil seo [...] **íocaíochtaí nó tacaíocht i dtaca le:**

(a) gealltanais chomhshaoil, aeráide agus gealltanais bhainistithe eile;

(b) srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar;

(c) [...]**m**íbhuntáistí a thagann as ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar;

(d) infheistíochtaí;

(e) cabhrú le feirmeoirí óga dul i mbun gnó**,** [...] tionscnamh gnólachtaí tuaithe agus **feirmeacha beaga a fhorbairt**;

(f) uirlisí bainistithe riosca;

(g) comhar;

(h) eolas a mhalartú agus faisnéis a scaipeadh.

*Airteagal 65*

*Gealltanais chomhshaoil, aeráide agus gealltanais bhainistithe eile*

1. Áiritheoidh na Ballstáit [...] **go mbeidh gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide i measc na n-idirghabhálacha ina bPleananna Straitéiseacha CBT agus d'fhéadfadh gealltanais bhainistithe eile a áireamh ann freisin. Déanfar na híocaíochtaí maidir leis na gealltanais sin a dheonú** faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit sna [...] Pleananna Straitéiseacha CBT.

2. [...]

3. [...]

4. Ní dhéanfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú ach d'fheirmeoir**í** [...] **nó** do thairbhithe eile a thugann faoi ghealltanais bhainistithe, ar bhonn deonach, a meastar a bheith ina gcuidiú chun **ceann amháin nó níos mó de** na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6 [...] a ghnóthú.

5. Faoin **Airteagal** sin [...], ní [...] **dheonóidh** na Ballstáit ach íocaíochtaí lena gcumhdaítear gealltanais:

   (a) a sháraíonn na ceanglais reachtúla bhainistithe ábhartha agus caighdeáin **GAEC** [...] arna mbunú faoi Roinn 2 de Chaibidil I den Teideal seo;

   (b) a sháraíonn na híoscheanglais **ábhartha** maidir le leasachán agus táirgí cosanta plandaí a úsáid, leas ainmhithe, agus ceanglais éigeantacha **ábhartha** eile arna leagan síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais;

(c) a sháraíonn na coinníollacha arna mbunú maidir le cothabháil an limistéir talmhaíochta i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 4(1);

(d) nach ionann iad agus na gealltanais ar deonaíodh íocaíochtaí faoi Airteagal 28 ina leith.

6. Déanfaidh na Ballstáit [...] **na híocaíochtaí a shocrú a bheidh le déanamh** [...] **ar bhonn na gcostas breise** a tabhaíodh agus an ioncaim a tarscaoileadh de thoradh na ngealltanas a rinneadh, agus **na spriocanna a socraíodh á gcur san áireamh. Déanfar an híocaíochtaí a dheonú go bliantúil** agus [...] féadfar aon chostais idirbheartaíochta a áireamh iontu. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú ar ráta comhréidh nó mar íocaíocht aonuaire in aghaidh an aonaid. [...]

7. Féadfaidh na Ballstáit scéimeanna comhinfheistíochta agus scéimeanna íocaíochta bunaithe ar thorthaí a chur chun cinn agus tacú leo chun feirmeoirí **nó tairbhithe eile** a spreagadh chun cur go mór le cáilíocht an chomhshaoil ar scála níos mó [...] **nó** ar shlí níos intomhaiste.

8. Tabharfar faoi na gealltanais ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. Mar sin féin, más gá chun sochair chomhshaoil áirithe a lorgaítear a bhaint amach nó a chothabháil, féadfaidh na Ballstáit tréimhse níos faide a chinneadh i bPlean Straitéiseach CBT le haghaidh cineálacha áirithe gealltanas, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh maidir lena bhfadú bliantúil tar éis fhoirceannadh na tréimhse tosaigh.

[...] **Le haghaidh gealltanais maidir le leas ainmhithe, gealltanais maidir le caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha, le haghaidh tiontú go feirmeoireacht orgánach,** [...] le haghaidh gealltanais nua a thugtar díreach tar éis an ghealltanais a comhlíonadh sa tréimhse thosaigh [...] **nó i gcásanna eile a bhfuil údar cuí leo,** féadfaidh Ballstáit tréimhse níos giorra a mhaireann **bliain amháin, ar a laghad**, a chinneadh ina bPleananna Straitéiseach CBT.

**8a. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar foráil do chlásal um athbhreithniú d'oibríochtaí faoin gcineál idirghabhála dá dtagraítear san Airteagal seo chun a áirithiú go ndéanfar iad a choigeartú i gcás leasuithe ar na caighdeáin, ceanglais nó oibleagáidí sainordaitheacha ábhartha dá dtagraítear i mír 5 nach mór do na gealltanais a shárú, nó chun a áirithiú go gcomhlíonfar pointe (d) den mhír chéanna. I gcás nach nglacann an tairbhí leis an oiriúnú sin, rachaidh an gealltanas in éag agus ní éileoidh na Ballstáit aisíocaíocht le linn na tréimhse ina mbeidh an gealltanas i bhfeidhm. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go ndéanfar foráil do chlásal um athbhreithniú d'oibríochtaí faoin gcineál idirghabhála seo dá dtagraítear san Airteagal seo a théann níos faide ná an tréimhse ó 2023 go 2027 chun go bhféadfar iad a oiriúnú do chreat dlí na chéad tréimhse eile.**

9. I gcás ina ndéantar tacaíocht faoin **Airteagal** [...] seo a dheonú i leith gealltanais talmhaíochta, chomhshaoil agus aeráide, gealltanais a bhfuil d'aidhm leo cleachtais agus modhanna feirmeoireachta orgánaí a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 a chothabháil nó aistriú chucu agus i leith seirbhísí foraoise, comhshaoil [...] aeráide, bunóidh na Ballstáit íocaíocht in aghaidh an heicteáir. **I gcásanna a bhfuil údar cuí leo nó le haghaidh gealltanais nach gcumhdaítear faoin mír seo, féadfaidh na Ballstáit aonaid eile seachas heicteáir a chur i bhfeidhm.**

[...]

[...]

*Airteagal 66*

*Srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar*

1. Féadfaidh na Ballstáit, d'fhonn cabhrú le gnóthú **cheann amháin nó níos mó de** na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6 [...], íocaíochtaí a dheonú i leith srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. [...] **Déanfar aon** íocaíochtaí den sórt sin a dheonú [...] d'fheirmeoirí i ndáil le limistéir a ainmnítear de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

   **De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh Ballstáit na limistéir atá faoi réir srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar a athainmniú de réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 32 de Rialachán(AE) Uimh. 1305/2013.**[*]

3. Ní fhéadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin [...] **Airteagal** seo ach d'fhonn tairbhithe a chúiteamh i leith na gcostas breise uile, nó cuid de na costais sin, agus an ioncaim a tarscaoileadh maidir leis na srianta nádúrtha nó na srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar sa limistéar lena mbaineann.

4. Déanfar na costais bhreise agus an t-ioncam a tarscaoileadh dá dtagraítear i mír 3 a ríomh maidir leis na srianta nádúrtha nó na srianta a bhaineann go sonrach le limistéar trí chomparáid a dhéanamh le limistéir nach bhfuil na srianta nádúrtha sin nó na srianta a bhaineann go sonrach le limistéar ag gabháil dóibh.

5. Déanfar na híocaíochtaí a dheonú go bliantúil in aghaidh an heicteáir den limistéar **talmhaíochta**.

*Airteagal 67*

*Míbhuntáistí a thagann as ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar*

1. Féadfaidh na Ballstáit, d'fhonn cabhrú le gnóthú **cheann amháin nó níos mó de** na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6 [...], íocaíochtaí a dheonú i leith míbhuntáistí a bhaineann go sonrach le limistéar agus ar míbhuntáistí iad a fhorchuirtear le ceanglais a eascraíonn as Treoracha 92/43/CEE**,** [...] 2009/147/CE nó [...] 2000/60/CE a chur chun feidhme faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

---

[*] Ba cheart Aithris (40) a oiriúnú dá réir.

2. [...] **Deonófar** [...] **aon** íocaíochtaí den sórt sin d'fheirmeoirí, [...] nó **do thairbhithe eile** [...] i leith na limistéar sin a bhfuil na míbhuntáistí dá dtagraítear i mír 1 ag gabháil dóibh. **In earnáil na foraoiseachta, ní dheonófar tacaíocht ach do shealbhóirí foraoise, bainisteoirí foraoisí agus a gcomhlachais.**

3. Agus na limistéir faoi mhíbhuntáiste [...] **á gcinneadh** ag na Ballstáit, féadfaidh siad **ceann amháin nó níos mó de** na limistéir seo a leanas chur san áireamh:

   (a) limistéir thalmhaíochta agus foraoiseachta Natura 2000 arna n-ainmniú de bhun Threoir 92/43/CEE agus 2009/147/CE;

   (b) limistéir eile cosanta dúlra arna dteorannú ina bhfuil srianta comhshaoil is infheidhme maidir le feirmeoireacht nó le foraoisí agus a chuireann le cur chun feidhme Airteagal 10 de Threoir 92/43/CEE ar choinníoll nach sáraíonn na limistéir sin 5 % de na limistéir atá ainmnithe faoi Natura 2000 a chumhdaítear faoi raon feidhme críochach gach Plean Straitéisigh CBT;

   (c) limistéir thalmhaíochta a áirítear i bpleananna bainistithe abhantrach de bhun Threoir 2000/60/CE.

4. Ní fhéadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin [...] **Airteagal** seo ach d'fhonn tairbhithe a chúiteamh i leith na gcostas breise uile, nó cuid de na costais sin, agus an ioncaim a tarscaoileadh maidir leis na míbhuntáistí a bhaineann go sonrach le limistéar sa limistéar lena mbaineann, **lena n-áirítear aon chostais idirbheartaíochta.**

5. Déanfar na costais bhreise agus an t-ioncam a tarscaoileadh dá dtagraítear i mír 4 a ríomh mar seo a leanas:

   (a) i gcás srianta a thagann as Treoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE, maidir le míbhuntáistí a thagann as ceanglais a théann thar na caighdeáin ábhartha **GAEC** [...] a bhunaítear faoi Roinn 2 de Chaibidil 1 den Teideal seo den Rialachán seo agus na coinníollacha a bhunaítear maidir le cothabháil an limistéir talmhaíochta i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 4(1) den Rialachán seo;

(b) i gcás srianta a thagann as Treoir 2000/60/CE, maidir le míbhuntáistí a thagann as ceanglais a théann thar na ceanglais reachtúla bhainistithe ábhartha, cé is moite de cheanglas reachtúil bainistithe [...] **1** [...] a **liostaítear** in Iarscríbhinn III, agus na caighdeáin **GAEC** a bhunaítear faoi Roinn 2 de Chaibidil 1 den Teideal seo agus na coinníollacha a bhunaítear maidir le cothabháil an limistéir talmhaíochta i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 4(1) den Rialachán seo.

6. Déanfar na híocaíochtaí a dheonú go bliantúil in aghaidh an heicteáir den limistéar.

*Airteagal 68*
*Infheistíochtaí*

1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú maidir le hinfheistíochtaí faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú faoin [...] **Airteagal** seo ach maidir leis na h**infheistíochtaí** **sin i** sócmhainní inláimhsithe agus [...] doláimhsithe [...] **a** chuireann le gnóthú **cheann amháin nó níos mó de** na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6. [...]

**I gcás gabháltas thar thairseach áirithe, a chinnfidh na Ballstáit ina bPlean Straitéiseach CBT, tabharfar tacaíocht d'earnáil na foraoise ar choinníoll go soláthrófar faisnéis ábhartha a thiocfaidh ó phlean bainistithe foraoise nó ó ionstraim chomhionann atá i gcomhréir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí arna thuiscint leis an gComhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip 1993.**

3. Leagfaidh na Ballstáit síos liosta infheistíochtaí agus catagóirí caiteachais neamh-incháilithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) [...]

(b) teidlíochtaí íocaíochta a cheannach;

(c) ceannach talún **ar mhéid is mó ná 10 % den chaiteachas incháilithe iomlán don oibríocht lena mbaineann;**[...] **I gcás** ionstraimí airgeadais**, beidh feidhm ag an uasteorainn sin maidir leis an gcaiteachas poiblí incháilithe a íoctar leis an bhfaighteoir deiridh nó, i gcás ráthaíochtaí, le méid na buniasachta**;

(d) **beostoic** [...] a cheannach, **cé is moite de phórtha i mbaol mar a shainítear iad in Airteagal 2(24) de Rialachán (AE) 2016/1012,** bliantóga agus plandú na mbliantóg sin a cheannach seachas chun críche acmhainn talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaiste nádúrtha, **teagmhais dhíobhálacha aeráide** **nó** teagmhais thurraingeacha;

(e) ráta úis ar fhiachas, cé is moite de dheontais arna dtabhairt i bhfoirm fóirdheontas ráta úis nó i bhfoirm fóirdheontas táille ráthaíochta;

(f) infheistíochtaí in uisciú nach ar mhaithe le dea-stádas dobharlach a bhaint amach **agus a chothabháil** iad mar a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Threoir 2000/60/CE, lena n-áirítear cur le huisciú a mbíonn tionchar aige ar dhobharlaigh a bhfuil sé sainithe sa phlean bainistithe abhantrach lena mbaineann gur lú ná maith a stádas ar **chúiseanna a bhaineann le cainníocht**;

(g) infheistíochtaí i mbonneagar ar mhór**scála** [...], **arna gcinneadh ag na Ballstáit,** nach cuid de straitéisí forbartha áitiúla **faoi stiúir an phobail** **a leagtar amach in Airteagal 26 de Rialachán [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], seachas leathanbhanda, fuinneamh inathnuaite agus cosaint ar thuilte agus cosaint cósta**;

(h) infheistíochtaí san fhoraoisiú nach bhfuil i gcomhréir leis na cuspóirí aeráide agus comhshaoil i gcomhréir le prionsabail inbhuanaithe maidir le bainistiú foraoisí atá sna Treoirlínte Uile-Eorpacha maidir leis an bhForaoisiú agus an Athfhoraoisiú.

I gcás ina dtugtar tacaíocht trí ionstraim airgeadais, ní bheidh feidhm ag pointí [...] (b), (d) agus (g) den chéad fhomhír.

**De mhaolú ar phointe (c), féadfaidh talamh a cheannaítear le haghaidh caomhnú comhshaoil agus caomhnú ithreach ar mhórán carbóin, chomh maith le talamh a cheannaíonn feirmeoirí óga trí ionstraim airgeadais a úsáid, a bheith incháilithe do ráta níos airde ná 10 %. I gcás ionstraimí airgeadais, beidh feidhm ag aon chéatadán sainithe maidir leis an gcaiteachas poiblí incháilithe a íoctar leis an bhfaighteoir deiridh nó, i gcás ráthaíochtaí, le méid na buniasachta.**

**De mhaolú ar phointe (f), féadfaidh infheistíochtaí in uisciú a bheith incháilithe i gcás ina léiríonn anailís ex-ante comhshaoil nach mbeidh tionchar suntasach diúltach ag an infheistíocht ar an gcomhshaol. Is é an t-údarás inniúil a dhéanfaidh anailís den chineál sin ar an tionchar ar an gcomhshaol nó a fhormheasfaidh an anailís.**

4. Cuirfidh na Ballstáit teorainn leis an tacaíocht do [...] ráta **amháin nó níos mó** [...] **nach mó ná** [...] 75 % de na costais incháilithe.

Féadfar an [...] ráta tacaíochta a ardú go **100 % ar an mhéad** i gcás na n-infheistíochtaí seo a leanas:

(a) infheistíochtaí san fhoraoisiú agus infheistíochtaí neamhtháirgiúla a bhfuil baint acu le **ceann amháin nó níos mó de** na cuspóirí sonracha comhshaoil agus aeráide a leagtar amach i bpointe (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6 [...]**, lena n-áirítear infheistíochtaí neamhtháirgiúla lena ndírítear ar bheostoc a chosaint ar an gcreachóireacht agus barra a chosaint ar dhamáiste arna chúisiú ag ainmhithe fiáine amhail toirc**;

(b) infheistíochtaí i seirbhísí bunúsacha **agus i mbonneagar** i gceantair thuaithe, **arna gcinneadh ag na Ballstáit**;

(c) infheistíochtaí chun acmhainn talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaistí nádúrtha, **teagmhais dhíobhálacha aeráide** nó teagmhais thurraingeacha agus infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí coisctheacha iomchuí [...];

**(d) infheistíochtaí neamhtháirgiúla le tacaíocht ó straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail mar a leagtar amach in Airteagal 26 [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus tionscadail grúpaí oibríochtúla de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil maidir le táirgiúlacht agus inbhuaine talmhaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 71;**

**(e) infheistíochtaí neamhtháirgiúla i mbonneagar talmhaíochta agus foraoiseachta, i gcomhdhlúthú talún agus i bhfeabhsú talún**.

**5. I gcás ina mbíonn sé mar thoradh ar dhlí an Aontais go gcuirtear ceanglais nua ar fheirmeoirí, féadfar tacaíocht a dheonú d'infheistíochtaí chun na ceanglais sin a chomhlíonadh ar feadh uastréimhse 24 mí ón dáta a mbeidh siad éigeantach maidir le gabháltas talmhaíochta.**

*Airteagal 69*

*Cabhrú le feirmeoirí óga dul i mbun gnó**,** [...] tionscnamh gnólachtaí tuaithe agus **feirmeacha beaga a fhorbairt***

1. Féadfaidh na Ballstáit, d'fhonn cabhrú le gnóthú **cheann amháin nó níos mó de** na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6, tacaíocht a dheonú chun cabhrú le feirmeoirí óga dul i mbun gnó**,** [...] gnólachtaí tuaithe a thionscnamh **agus feirmeacha beaga a fhorbairt** faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú faoin [...] **Airteagal** seo ach chun cabhrú leis an méid seo a leanas:

(a) feirmeoirí óga dul i mbun gnó a chomhlíonann na coinníollacha **dá bhforálann na Ballstáit ina bPlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le** [...] pointe (e) d'Airteagal 4(1);

**(aa) feirmeacha beaga, arna gcinneadh ag na Ballstáit, a fhorbairt;**

(b) gnólachtaí tuaithe a thionscnamh a bhaineann le talmhaíocht [...] **nó** le foraoiseacht nó le hioncam teaghlaigh feirme a éagsúlú **i ngníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta**;

(c) gnólachtaí nach bhfuil i mbun gníomhaíochtaí talmhaíochta a thionscnamh i gceantair thuaithe, **arna gcinneadh ag na Ballstáit** [...] .

3. Leagfaidh na Ballstáit síos coinníollacha maidir le plean gnó a thíolacadh agus maidir le hinneachar an phlean sin **a mbeidh feidhm acu ionas go bhfaighidh tairbhithe tacaíocht faoin Airteagal seo**.

4. Déanfaidh na Ballstáit an tacaíocht a dheonú i gcnapshuimeanna **nó i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó mar mheascán den dá rud.** Uasmhéid cabhrach EUR 100 000 a bheidh sa **tacaíocht** agus féadfar í [...] **a dhifreáil i gcomhréir le critéar oibiachtúil**.

*Airteagal 70*

*Uirlisí bainistithe riosca*

1. **Féadfaidh** [...] na Ballstáit tacaíocht a dheonú maidir le huirlisí bainistithe riosca faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, **bunaithe ar mheasúnú ar a riachtanais tar éis anailís a dhéanamh ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí ('anailís SWOT')**.

2. [...] **L**e tacaíocht a **dheonófar** faoin [...] **Airteagal** seo, [...] **déanfar** uirlisí bainistithe riosca a chur chun cinn, ar uirlisí iad a chabhraíonn le [...] feirmeoirí rioscaí táirgeachta agus ioncaim a bhaineann lena ngníomhaíocht talmhaíochta a bhainistiú nuair nach mbíonn aon smacht acu ar na rioscaí sin**.** [...] **Rannchuideoidh** sé le **ceann amháin nó níos mó de** na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 6 a ghnóthú.

3. Féadfaidh na Ballstáit **tacaíocht a dheonú do chineálacha éagsúla uirlisí bainistithe riosca atá i gcomhréir lena measúnú ar na riachtanais agus,** go háirithe**,** [...] le haghaidh:

(a) ranníocaíochtaí le préimheanna scéimeanna árachais;

(b) ranníocaíochtaí le cistí frithpháirteacha, lena n-áirítear **an** costas riaracháin a bhaineann le ciste a bhunú;

4. Leagfaidh na Ballstáit síos na coinníollacha incháilitheachta seo a leanas **agus tacaíocht á tabhairt acu de bhun mhír 3:**

(a) cineálacha agus cuimsiú [...] na n-**uirlisí bainistithe riosca** sin is incháilithe;

(b) an mhodheolaíocht chun caillteanais a ríomh, mar aon leis na tosca a fhágann nach mór cúiteamh a thabhairt;

(c) na rialacha maidir le cistí frithpháirteacha a bhunú agus a bhainistiú **agus, i gcás inarb ábhartha, uirlisí bainistithe riosca incháilithe eile.**

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndeonófar tacaíocht ach chun caillteanais **a sháraíonn tairseach** 20 %, , ar a laghad, den mheántáirgeacht bhliantúil nó de mheánioncam an fheirmeora sa tréimhse trí bliana roimhe sin nó meán trí bliana bunaithe ar an tréimhse cúig bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a chur san áireamh, a chúiteamh.

6. Cuirfidh na Ballstáit teorainn leis an tacaíocht do [...] ráta **amháin nó níos mó** [...] **nach mó ná** 70 % de na costais incháilithe.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh de thoradh na hidirghabhálacha faoin Airteagal seo a úsáid in éineacht le scéimeanna eile poiblí nó príobháideacha bainistithe riosca.

**8. Gan dochar d'Airteagal 13 de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], féadfaidh Ballstát a chinneadh suas le 1 % de na híocaíochtaí díreacha atá le híoc le feirmeoir a dheonú faoi réir an choinníll go n-úsáidfear an méid sin chun tacú le ranníocaíocht na bhfeirmeoirí le huirlis bainistíochta riosca. Sa chás sin, bunóidh an Ballstát ina Phlean Straitéiseach CBT forálacha chun go seachnófar róchúiteamh na ranníocaíochta sin.**

*Airteagal 71*

*Comhar*

1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú i leith comhair faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, d'fhonn**:**

   **(a)** **oibríochtaí** grúpaí oibríochtúla de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht maidir le táirgiúlacht agus inbhuaine talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 114 a ullmhú agus [...] a chur chun feidhme**;** [...]

   **(b)** LEADER **a ullmhú agus a chur chun feidhme**, dá ngairtear forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail in Airteagal 25 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] [*][...]**;**

   **(c)** [...] scéimeanna cáilíochta **agus a n-úsáid ag feirmeoirí** a chur chun cinn **agus tacú leis an méid sin**[...]**;**

   **(d)** **tacú** le heagraíochtaí táirgeoirí, [...] grúpaí táirgeoirí **nó eagraíochtaí idirchraoibhe;**

   **(e)** **tacú** le cineálacha eile comhair.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú faoin [...] **Airteagal** seo ach chun cineálacha comhair ina bhfuil [...] dhá [...] **ghníomhaí**, ar a laghad, agus a chuireann le [...] cuspóir sonrach **amháin nó níos mó** a ghnóthú, arna leagan amach in Airteagal 6, a chur chun cinn.

---

[*] Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht aithris (45) a leasú mar a leanas: "[...] talmhaíocht arna tacú ag an bpobal; **gach** gníomhaíocht faoi raon feidhme LEADER; agus grúpaí agus eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú [...]".

3. Féadfaidh na Ballstáit na costais a bhaineann le gach gné den chomhar a chumhdach faoin [...] **Airteagal** seo.

4. Féadfaidh na Ballstáit an tacaíocht a dheonú mar mhéid iomlán a chumhdóidh na costa**i**s a bhaineann leis an gcomhar féin agus na costa**i**s a bhaineann [...] leis na hoibríochtaí arna gcur chun feidhme**, lena n-áirítear costais infheistíochta**, nó féadfaidh siad gan ach na costa**i**s a bhaineann leis an [...] gcomhar féin a chumhdach agus cistí as cineálacha eile idirghabhál**a don fhorbairt tuaithe**, ionstraimí tacaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais a úsáid chun tionscadail a chur chun feidhme. **I gcás ina n-íocfar an tacaíocht mar mhéid iomlán, áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar na rialacha agus ceanglais ábhartha a bhaineann le hoibríochtaí den chineál céanna a chumhdaítear faoi chineálacha eile idirghabhála d'fhorbairt tuaithe arna leagan amach in Airteagail 65, 66, 67, 68, 69, 70 agus 72 den Rialachán seo.**

**Maidir le LEADER, dá ngairtear forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail in Airteagal 25 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, de mhaolú ar an gcéad fhomhír:**

**(a) ní dheonófar tacaíocht do na costais uile atá incháilithe do thacaíocht ullmhúcháin faoi Airteagal 28(1)(a) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] ná do straitéisí roghnaithe faoi Airteagal 28(1)(b) agus (c) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] a chur chun feidhme ach amháin mar mhéid foriomlán faoin Airteagal seo agus**

**(b) áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar rialacha agus ceanglais ábhartha an Aontais maidir le hoibríochtaí comhchosúla a chumhdaítear faoin gcineál idirghabhála le haghaidh infheistíochtaí mar a leagtar amach in Airteagal 68 den Rialachán seo iad.**

[...]

6. Ní thabharfaidh na Ballstáit tacaíocht do chomhar nach bhfuil ann ach comhlachtaí taighde faoin gcineál seo idirghabhála[...].

7. I gcás comhar a bhaineann le comharbas feirme, ní fhéadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú ach d'fheirmeoirí a bhfuil aois an scoir bainte amach acu **nó do na feirmeoirí sin a bhainfidh amach an aois sin faoi dheireadh na hoibríochta,** [...] arna **gcinneadh ag na Ballstát de réir na** reachtaíochta náisiúnta.

8. Ach amháin i gcás **LEADER agus** gníomhaíochtaí comhchoiteanna comhshaoil agus aeráide i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, déanfaidh na Ballstáit uasteorainn seacht mbliana a cheangal maidir leis an tacaíocht sin chun na cuspóirí sonracha comhshaoil agus aeráide a leagtar amach i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6 [...] a ghnóthú.

*Airteagal 72*

*Aistriú eolais agus faisnéise*

1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú faoi [...] eolas a mhalartú agus faisnéis a scaipeadh maidir **le talmhaíocht, an fhoraoiseacht, gnólachtaí tuaithe agus pobail, mar aon le cosaint an dúlra, an chomhshaoil agus na haeráide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le hoideachas agus feasacht ar an gcomhshaol,** faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. Féadfaidh **tacaíocht f**aoin [...] **Airteagal** [...] seo costais a chumhdach a bhaineann le haon ghníomhaíocht ábhartha chun an nuálaíocht a chur chun cinn, [...] oiliúint agus [...] comhairle, **pleananna agus staidéir a dhréachtú agus a** nuashonrú, chomh maith le [...] chun eolas agus faisnéis a mhalartú agus a scaipeadh a chuireann le gnóthú **cheann amháin nó níos mó de** na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6.

**<u>Is do sheirbhísí comhairleacha a chomhlíonann an tríú mír d'Airteagal 13 amháin a dheonófar tacaíocht.</u>**

3. [...]

[...] **<u>F</u>**éadfaidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil seirbhísí comhairleacha [...] á mbunú, méid seasta EUR 200 000, ar a mhéid, a dheonú mar thacaíocht. **<u>Áiritheoidh siad go mbeidh teorainn ama leis an tacaíocht.</u>**

[...]

## Roinn 2

## Eilimintí a bhfuil feidhm acu maidir le níos mó ná cineál amháin idirghabhála

*Airteagal 73*

*Oibríochtaí a roghnú*

1. **Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 111,** [...] déanfar Údarás Bainistíochta an Phlean Straitéisigh CBT, **na húdaráis ar an leibhéal réigiúnach** nó [...] comhlachtaí idirmheánacha eile ainmnithe [...] na critéir roghnúcháin **a leagadh amach** maidir leis na hidirghabhálacha a bhaineann leis na cineálacha idirghabhála seo a leanas: infheistíochtaí, cabhrú le feirmeoirí óga dul i mbun gnó, [...] gnólachtaí tuaithe a thionscnamh **agus feirmeacha beaga a fhorbairt**, comhar, eolas a mhalartú agus faisnéis a scaipeadh[...]. **Beidh** sé d'aidhm leis na [...].critéir **r**oghnúcháin sin cóir chomhionann i leith na n-iarratasóirí, úsáid fheabhsaithe acmhainní airgeadais agus spriocdhíriú na tacaíochta i gcomhréir le cuspóir na n-idirghabhálacha a áirithiú.

   Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan na critéir roghnúcháin a bhaineann le hidirghabhálacha ar infheistíochtaí a chur i bhfeidhm i gcás infheistíochtaí atá dírithe go soiléir ar chuspóirí comhshaoil nó a ceapadh maidir le gníomhaíochtaí athchóirithe.

   **De mhaolú ar an gcéad fhomhír, agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar modh roghnúcháin eile a bhunú, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 111.**

2. An fhreagracht atá ar an Údarás Bainistíochta**, údaráis ar an leibhéal réigiúnach nó comhlachtaí idirmheánacha ainmnithe** a leagtar amach [...] i mír 1, ní dhéanfaidh sí aon dochar do chúraimí na nGrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna].

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás inar ionstraimí airgeadais atá sa tacaíocht.

4. **Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan [...] critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm** [...] maidir le hoibríochtaí a bhfuil deimhniú an tSéala Barr Feabhais faighte acu faoin gclár Fís 2020**,** faoin gclár Fís Eorpach nó faoi [...] **LIFE**, ar choinníoll go bhfuil na hoibríochtaí sin ag teacht le Plean Straitéiseach CBT.

5. [...]

**6. Féadfar oibríocht iomlán nó cuid di a chur chun feidhme lasmuigh den Bhallstát lena mbaineann, lena n-áirítear lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go rannchuidíonn an oibríocht le cuspóirí Phlean Straitéisigh CBT.**

*Airteagal 74*

*[...].Rialacha* ***sonracha*** *maidir le hionstraimí airgeadais*

**1. Féadfar tacaíocht i bhfoirm ionstraimí airgeadais mar a leagtar síos in Airteagal 52 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] a dheonú faoi na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagail 68, 69, 70, 71 agus 72 den Rialachán seo.**

[...]**2**. I gcás ina ndéanfar tacaíocht a dheonú i bhfoirm ionstraimí airgeadais [...], beidh feidhm ag na sainmhínithe ar 'ionstraim airgeadais', 'táirge airgeadais', 'faighteoir deiridh', 'ciste sealbhaíochta', 'ciste sonrach', 'éifeacht ghiarála', [...] 'cóimheas iolraitheora', 'costais bhainistithe' agus 'táillí bainistithe' a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus ag forálacha Roinn 2 de Chaibidil II de Theideal V den Rialachán sin.

Lena chois sin, beidh feidhm ag na forálacha a leagtar síos i míreanna [...] **3** go 5.

2. [...]

3. I gcomhréir le hAirteagal 52(2) de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] [...] féadfaidh caipiteal oibre, **lena n-áirítear** **caipiteal oibre** neamhspleách [...], a bheith ina chaiteachas incháilithe **faoi na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagail 68, 70, 71 agus 72 den Rialachán seo.**

   I gcás gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, féadfaidh caipiteal oibre a bheith ina chaiteachas incháilithe le coibhéis deontais chomhláin suas le EUR 200 000 thar aon tréimhse de thrí bliana fhioscacha [...] **ar leibhéal an fhaighteora deiridh**.

4. I gcás ina dtabharfar meascán de thacaíocht i bhfoirm íocaíochtaí airgeadais agus deontas, beidh [...] feidhm ag an ráta tacaíochta is infheidhme **mar a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagail 68, 69, 70, 71 agus 72 den Rialachán seo** maidir leis an meascán de thacaíocht a thugtar don oibríocht [...].

5. Is éard a bheidh i gcaiteachas incháilithe ionstraime airgeadais méid iomlán [...].**an chaiteachais phoiblí incháilithe** arna íoc, nó i gcás ráthaíochtaí, arna chur i leataobh [...] **do** chonarthaí ráthaíochta, ag an ionstraim airgeadais le linn na tréimhse incháilitheachta, i gcás ina gcomhfhreagraíonn an méid sin do na nithe seo a leanas:

   (a) íocaíochtaí le [...] faighteoirí deiridh, i gcás iasachtaí, infheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais;

(b) acmhainní a cuireadh i leataobh [...] **do** chonarthaí ráthaíochta, **bídís** gan íoc nó tagtha in aibíocht cheana féin, chun glaonna ráthaíochta féideartha ar chaillteanais a urramú, arna ríomh ar bhonn **measúnú riosca stuama *ex ante* agus i gcomhréir leis an** gcóimheas iolraitheora [...] **arna bhunú faoi seach** do na hiasachtaí nua foluiteacha a íocadh amach nó infheistíochtaí cothromais i bhfaighteoirí deiridh;

(c) íocaíochtaí le faighteoirí deiridh, nó chun tairbhe faighteoirí deiridh, má tá ionstraimí airgeadais in úsáid chomh maith le [...] ranníocaíocht eile ón Aontas in aon oibríocht ionstraime airgeadais amháin i gcomhréir le hAirteagal 52(5) de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna];

(d) íocaíochtaí táillí bainistithe agus aisíocaíochtaí costas bainistithe arna dtabhú ag na comhlachtaí atá ag cur na hionstraime airgeadais chun feidhme.

**I gcás ina gcuirtear ionstraim airgeadais chun feidhme le linn clárthréimhsí comhleanúnacha, is féidir tacaíocht a thabhairt do thairbhithe deiridh nó ar mhaithe le tairbhithe deiridh, lena n-áirítear costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta, bunaithe ar ghealltanais dhlíthiúla a tugadh faoin gclárthréimhse roimhe sin, ar choinníoll go gcomhlíontar rialacha incháilitheachta na clárthréimhse ina dhiaidh sin le tacaíocht den chineál sin. I gcásanna mar sin, cinnfear incháilitheacht an chaiteachais a cuireadh isteach in iarratais ar íocaíocht i gcomhréir leis an gclárthréimhse faoi seach.**

Chun críocha phointe (b) den mhír seo, [...] **mura bhfuil an t-eintiteas a bhaineann thairbhe as na ráthaíochtaí tar éis méid beartaithe na n-iasachtaí nua, na n-infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais a íoc amach le faighteoirí deiridh i gcomhréir leis an gcóimheas iolraitheora, déanfar an caiteachas incháilithe a laghdú go comhréireach**. Féadfar an cóimheas iolraitheora a athbhreithniú, [...] **i gcás ina** mbeidh údar leis sin i ngeall ar athruithe ina dhiaidh sin ar dhálaí an mhargaidh. Ní bheidh éifeacht chúlghabhálach ag athbhreithniú den sórt sin **ar an gcaiteachas incháilithe a chomhfhreagraíonn do mhéid na tacaíochta forluití a íocadh ar ais**.

Chun críocha phointe (d) den mhír seo, [...] **i** gcás ina roghnaítear comhlachtaí a bhfuil ciste sealbhaíochta [...] nó cistí sonracha [...] á gcur chun feidhme acu **trí dhámhachtain dhíreach conartha** [...] i gcomhréir le hAirteagal 53( [...] **2a**) de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], [...] is é a bheidh i méid na gcostas bainistíochta agus na dtáillí a íocfar [...] **ráta comhréidh** de [...] suas le [...] **10** % [...] den mhéid iomlán [...] **a áirítear i ngach iarratas ar íocaíocht de bhun phointí (a) agus (b) d'Airteagal 30(4) den Rialachán sin. Beidh an ráta comhréidh suas le 20 % den mhéid iomlán a bhaineann le hinfheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais a bheidh i ngach iarratas ar íocaíocht de bhun phointe (b) d'Airteagal 30(4) den Rialachán sin**.

[...] **Chun críocha phointe (d) den mhír seo, i gcás ina roghnaítear** comhlachtaí [...] a bhfuil **ciste sealbhaíochta nó cistí sonracha** á gcur chun feidhme acu trí thairiscint iomaíoch i gcomhréir leis an dlí infheidhme**,** [...] **leagfar méid na gcostas bainistíochta agus na dtáillí bainistíochta sa chomhaontú cistiúcháin lena léirítear toradh na** tairisceana iomaíche [...]. **Beidh bunluach saothair agus luach saothair bunaithe ar fheidhmíocht araon mar chuid de chostais bhainistíochta agus táillí bainistíochta den chineál sin.**

Má ghearrtar táillí socraíochta, nó aon chuid díobh, ar fhaighteoirí deiridh, ní dhéanfar iad a dhearbhú mar chaiteachas incháilithe.

*Airteagal 75*

*CETFT a chuirtear ar fáil trí [...] InvestEU a úsáid*

1. [...] Sa togra le haghaidh Plean Straitéiseach CBT [...] **dá dtagraítear in Airteagal 106 nó san iarraidh ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 107**, [...] féadfaidh na Ballstáit an méid a **ranníocfar** le **ráthaíocht bhuiséadach InvestEU agus le Mol Comhairleach InvestEU** agus a sholáthrófar tríothu a leithdháileadh. Ní bheidh an méid atá [...] **le híoc le** InvestEU níos airde ná 5 % den leithdháileadh iomlán as CETFT [...] **don Phlean Straitéiseach CBT agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir le rialacha InvestEU arna mbunú sa [Rialachán maidir le InvestEU].** Beidh réasúnú [...] sa Phlean Straitéiseach CBT [...] **ar** úsáid InvestE[...]**U**[...] **agus luafar an bealach ar chuidigh sé le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6 agus a roghnaítear sa Phlean Straitéiseach CBT a bhaint amach**.

   [...]

2. I gcás na n-iarrataí ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT [...], ní fhéadfar ach acmhainní na mblianta airgeadais atá le teacht a shainaithint.

   [...]

3. Úsáidfear an méid dá dtagraítear i [...] mír 1 chun soláthar don chuid den ráthaíocht ón Aontas atá in urrann an Bhallstáit **agus do Mhol Comhairleach InvestEU, [nuair a bheidh an comhaontú ranníocaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán ... [Rialachán maidir le InvestEU], tugtha i gcrích].**

4. I gcás nár tugadh i gcrích comhaontú ranníocaíochta, mar a leagtar amach in Airteagal [9] den [Rialachán maidir le InvestEU] [...] **laistigh de cheithre mhí tar éis chinneadh an Choimisiúin lena bhformheastar an Plean Straitéiseach CBT** le haghaidh méid dá dtagraítear i mír 1 **arna leithdháileadh sa Phlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 106**, **úsáidfear an méid comhfhreagrach sa Phlean Straitéiseach CBT tar éis** don Bhallstát iarratas ar leasú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 107 [...].

**4a.** An comhaontú ranníocaíochta le haghaidh méid dá dtagraítear i mír 1 a leithdháiltear san iarraidh [...] **chun** Plean Straitéiseach CBT a leasú, déanfar é a thabhairt i gcrích an tráth céanna le glacadh an chinnidh **lena formheastar** leas[...]**ú ar** an bPlean **Straitéiseach** CBT [...].

5. I gcás nach bhfuil comhaontú ráthaíochta, mar a leagtar amach in Airteagal [9] den [Rialachán maidir le InvestEU], tugtha i gcrích laistigh [...] de **naoi** mí ón tráth a fhormheasfar an comhaontú ranníocaíochta, **cuirfear deireadh nó síneadh leis an gcomhaontú ranníocaíochta trí chomhaontú frithpháirteach**.

**I gcás ina scoirtear de rannpháirtíocht Ballstát i InvestEU**, na méideanna faoi seach arna n-íoc isteach sa chiste don soláthar coiteann mar sholáthar, [...] **déanfar iad a aisghabháil mar ioncam sannta inmheánach, de bhun Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046** agus cuirfidh an Ballstát iarraidh [...] isteach ar leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT **chun na méideanna arna n-aisghabháil agus na méideanna arna leithdháileadh ar bhlianta féilire amach anseo a úsáid i gcomhréir le mír 2**.

**Déanfar an foirceannadh nó an leasú ar an gcomhaontú ranníocaíochta a thabhairt i gcrích an tráth céanna le glacadh an chinnidh lena formheastar leasú an Phlean Straitéisigh CBT ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 2026.**

6. Mura mbeidh comhaontú ráthaíochta, mar a leagtar amach in Airteagal [9] den [Rialachán maidir le InvestEU] é, [...] curtha chun feidhme **go hiomchuí** laistigh de [...] cheithre bliana tar éis [...] shíniú an chomhaontaithe ráthaíochta, féadfaidh an Ballstát a iarraidh gur i gcomhréir le mír 5 a chaithfear le méideanna a gealladh sa chomhaontú ráthaíochta ach nach gcumhdaíonn iasachtaí foluiteacha, **infheistíochtaí cothromais** ná ionstraimí rioscúla eile [...].

7. Acmhainní a gineadh leis na méideanna arna ranníoc le InvestEU, nó atá inchurtha i leith na méideanna sin, [...], cuirfear ar fáil do na Ballstáit iad agus úsáidfear **le haghaidh tacaíochta faoin gcuspóir céanna nó faoi na cuspóirí céanna dá dtagraítear i mír 1 i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha [...] .**

**8. Cuirfear tús leis an teorainn ama a bhaineann leis an saoradh uathoibríoch, dá bhforáiltear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], do na méideanna a athúsáidfear i bPlean Straitéiseach CBT, i gcomhréir le míreanna 4, 5 agus 6, an bhliain ina ndéantar na gealltanais bhuiséadacha chomhfhreagracha.*** [*]

*Airteagal 76*

*Leordhóthanacht agus beachtas ríomh na n-íocaíochtaí*

I gcás ina ndeonaítear **íocaíochtaí** ar bhonn costais bhreise agus ioncam a tarscaoileadh i gcomhréir le hAirteagail 65, 66 agus 67, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na ríomhanna ábhartha leormhaith agus beacht agus bunaithe roimh ré ar mhodh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe. Chuige sin, [...] comhlacht**aí** [...] **atá** neamhspleách ó thaobh feidhme de ar na húdaráis atá freagrach as an bPlean Straitéiseach CBT a chur chun feidhme agus a bhfuil an saineolas iomchuí acu, déanfaidh siad na ríomhanna nó daingneoidh siad leordhóthanacht agus beachtas na ríomhanna sin.

[*] Ba cheart smaoineamh ar mheasúnú a dhéanamh féachaint an gá ailíniú a áirithiú le forálacha ábhartha Rialachán na bhForálacha Coiteanna a luaithe a bheidh an Rialachán sin cobhsaithe a dhóthain, agus aon dúbailt á seachaint.

*Airteagal 77*

*[...]* ***<u>Cineálacha deontas</u>***

1. Gan dochar d'Airteagail 65, 66, 67**<u>,</u>** [...] 69, **<u>74 agus 75,</u>** féadfaidh an tacaíocht a dheonaítear faoin gCaibidil seo a bheith ar aon cheann de na cineálacha seo a leanas:

   (a) aisíoc costas incháilithe arna dtabhú iarbhír ag tairbhí;

   (b) costais aonaid;

   (c) cnapshuimeanna;

   (d) maoiniú ar ráta comhréidh.

2. Is ar cheann de na bealaí seo a leanas a shocrófar na méideanna i gcomhair na gcineálacha deontas dá dtagraítear i bpointí (b),(c) agus (d) de mhír 1:

   (a) modh ríofa cóir cothromasach infhíoraithe atá bunaithe orthu seo a leanas:

      (i) sonraí staidrimh, faisnéis oibiachtúil eile nó breithiúnas saineolach; nó

      (ii) sonraí stairiúla fíoraithe faoi thairbhithe aonair; nó

      (iii) gnáthchleachtais chuntasaíochta costála na dtairbhithe aonair a chur i bhfeidhm;

   (b) dréachtbhuiséid **<u>a shocrófar ar bhonn cás ar chás agus a aontófar *ex ante* ag an gcomhlacht a roghnaigh an oibríocht</u>**;

   (c) i gcomhréir leis na rialacha maidir le costais aonaid chomhfhreagracha, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe is infheidhme maidir le beartais an Aontais le haghaidh oibríocht den chineál céanna a chur i bhfeidhm;

   (d) i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur i bhfeidhm na gcostas aonaid comhfhreagrach, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe arna gcur i bhfeidhm faoi scéimeanna le haghaidh deontais arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh oibríocht den chineál céanna.

**3. Féadfaidh na Ballstáit deontais ar coinníollacha a chur ar fáil do thairbhithe, ar deontais iad a bheidh in-aisíoctha go hiomlán nó i bpáirt, mar a shonraítear sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha le haghaidh tacaíochta agus i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:**

**(a) déanfaidh an tairbhí aisíocaíochtaí faoi na coinníollacha arna gcomhaontú ag an údarás bainistíochta agus an tairbhí;.**

**(b) Déanfaidh na Ballstáit na hacmhainní arna n-aisíoc ag an tairbhí a athúsáid don chuspóir sonrach céanna de chuid an Phlean Straitéisigh CBT roimh an 31 Nollaig 2029 i bhfoirm deontais ar coinníollacha, i bhfoirm ionstraim airgeadais nó i bhfoirm eile tacaíochta. Beidh na méideanna a aisíocadh agus faisnéis faoin mbealach a ndearnadh iad a athúsáid sa tuarascáil bhliantúil dheiridh ar fheidhmíocht;**

**(c) Glacfaidh na Ballstáit pé bearta is gá lena áirithiú go gcoimeádfar na hacmhainní i gcuntais ar leith nó faoi na cóid chuntasaíochta is iomchuí;**

**(d) Acmhainní de chuid an Aontais arna n-aisíoc ag tairbhithe ag aon tráth, ach nach ndearnadh a athúsáid faoi dheireadh na tréimhse a luaitear i bhfomhír (b), déanfar iad a aisíoc le buiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 32 den Rialachán Cothrománach.**

*Airteagal 78*

*Cumhachtaí tarmligthe le haghaidh ceanglais bhreise maidir leis na cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le ceanglais de bhreis ar na ceanglais sin a leagtar síos sa Chaibidil seo maidir leis na coinníollacha faoina ndeonaítear tacaíocht do na [...]

[...] gealltanais bhainistithe, dá dtagraítear in Airteagal 65, **i leith acmhainní géiniteacha agus leas ainmhithe** [...]

[...]

.

# TEIDEAL IV
# FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 79*

*Caiteachas CERT agus CETFT*

1. Ar na cineálacha idirghabhála a ndéanfaidh CERT a mhaoiniú tá:

   (a) íocaíochtaí díreacha arna leagan síos in Airteagal 14;

   (b) [...] idirghabhálacha **in earnálacha áirithe** arna leagan síos i gCaibidil III de Theideal III.

2. Déanfaidh CETFT na cineálacha idirghabhála a mhaoiniú dá dtagraítear i gCaibidil IV de Theideal III.

*Airteagal 80*

*Incháilitheacht caiteachais*

1. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CERT [...] ón 1 Eanáir sa bhliain tar éis na bliana ina ndéanann an Coimisiún an Plean Straitéiseach CBT a fhormheas. **Beidh caiteachas CETFT incháilithe ón dáta a chuirtear an Plean Straitéiseach CBT faoina bhráid, ach tráth nach túisce ná 1 Eanáir 2023.**

2. An caiteachas a thagann chun bheith incháilithe mar thoradh ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT, beidh sé incháilithe le haghaidh ranníocaíochta ó CETFT ón dáta a chuirtear an t-iarratas le haghaidh leasú faoi bhráid an Choimisiúin, **nó ón dáta a thugtar fógra maidir le modhnú, dá dtagraítear in Airteagal 107(7a).**

   De mhaolú ar **an gcéad fhomhír agus** ar Airteagal 73(5) [...], i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide nó i ngeall ar athrú suntasach agus tobann ar dhálaí socheacnamaíocha an Bhallstáit nó an réigiúin, féadfar a fhoráil sa Phlean Straitéiseach CBT go bhféadfaidh incháilitheacht caiteachais CETFT a bhaineann le leasanna an phlean a thosú ón dáta a tharla an teagmhas.

3. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CETFT más é gur tairbhí a thabhaigh é agus gur íocadh é faoin 31 Nollaig 2029. Sa bhreis air sin, ní bheidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CETFT ach amháin sa chás ina bhfuil an chabhair ábhartha íoctha go hiarbhír ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoin 31 Nollaig 2029.

**<u>Leagfaidh na Ballstáit síos dáta tosaigh incháilitheachta na gcostas arna dtabhú ag an tairbhí. Ní bheidh oibríochtaí incháilithe do thacaíocht i gcás ina ndearnadh iad a lánchríochnú nó a chur chun feidhme go hiomlán sula gcuirtear an t-iarratas ar chistiú faoin bPlean Straitéiseach CBT faoi bhráid an Údaráis Bainistíochta, is cuma má rinneadh na híocaíochtaí gaolmhara go léir.</u>**

**<u>4. Ranníocaíochtaí comhchineáil agus costais dímheasa, féadfaidh siad a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi CETFT, faoi réir coinníollacha a leagfaidh na Ballstáit síos.</u>**

*Airteagal 81*

*Leithdháiltí airgeadais le haghaidh cineálacha idirghabhála ar íocaíochtaí díreacha iad*

1. Gan dochar d'Airteagal 15 de Rialachán(AE)[an Rialachán Cothrománach], an méid iomlán maidir le cineálacha idirghabhála ar íocaíochtaí díreacha iad a d'fhéadfaí a dheonú i mBallstát de bhun Chaibidil 2 agus de bhun Chaibidil 3 de Theideal III den Rialachán seo i ndáil le bliain féilire amháin, ní dhéanfaidh sé leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit sin a shárú mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Gan dochar d'Airteagal 15 de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], an t-uasmhéid iomlán a d'fhéadfaí a dheonú i mBallstát, i mbliain féilire amháin, de bhun Fhoroinn 2, Roinn [...] **<u>3</u>**, Caibidil II de Theideal III den Rialachán seo agus sula gcuirtear Airteagal 15 den Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhéanfaidh sé leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit sin a shárú mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Chun críoch Airteagal 86(5), **<u>(6a) agus (6b),</u>** an leithdháileadh airgeadais atá ag Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír tar éis na méideanna arna leagan amach in Iarscríbhinn VI a asbhaint agus sula ndéanfar aon aistrithe de réir Airteagal 15, leagtar amach in Iarscríbhinn VII é.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 lena leasaítear leithdháiltí na mBallstát arna leagan amach in Iarscríbhinn IV agus in Iarscríbhinn VII chun na forbairtí a bhaineann le huasmhéid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha a d'fhéadfaí a dheonú a chur san áireamh, lena n-áirítear na haistrithe dá dtagraítear in Airteagal 15 agus in Airteagal 90, aistrithe leithdháiltí dá dtagraítear in Airteagal 82(5) agus aon laghduithe atá ag teastáil chun cineálacha idirghabhála a mhaoiniú in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 82(6).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, le glacadh Iarscríbhinn VII, ní chuirfear aon aistrithe a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 15 san áireamh.

3. Na leithdháiltí táscacha airgeadais in aghaidh na hidirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 88 le haghaidh cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha arna leagan síos in Airteagal 14 a dheonófar i mBallstát i ndáil le bliain féilire, d'fhéadfadh an méid sin leithdháileadh an Bhallstáit sin arna leagan amach in Iarscríbhinn IV a shárú le méid measta laghdú na n-íocaíochtaí, cúraimí atá á ndéanamh sa Phlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 100(2)(d).

*Airteagal 82*

*Leithdháiltí airgeadais le haghaidh cineálacha idirghabhála* ***in earnálacha áirithe***

1. Déantar cúnamh airgeadais an Aontais le haghaidh cineálacha idirghabhál**a** in earnáil an fhíona a leithdháileadh ar na Ballstáit de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

2. Déantar cúnamh airgeadais an Aontais le haghaidh cineálacha idirghabhál**a** in earnáil beachaireachta a leithdháileadh ar na Ballstáit de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

3. Is é EUR 2 188 000 in aghaidh na bliana **airgeadais** cúnamh airgeadais an Aontais do chineálacha idirghabhál**a** in earnáil na leannlusanna a leithdháilfear sa Ghearmáin **dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach]**.

4. Seo a leanas mar a leithdháilfear cúnamh airgeadais an Aontais le haghaidh cineálacha idirghabhál**a** in earnáil an ola olóige agus na n-ológ boird:

(a) EUR 10 666 000 in aghaidh na bliana **airgeadais** **dá dtagraítear in Airteagal 33 (AE) [an Rialachán Cothrománach]** don Ghréig;

(b) EUR 554 000 in aghaidh na bliana **airgeadais** **dá dtagraítear in Airteagal 33 (AE) [an Rialachán Cothrománach]** don Fhrainc; agus

(c) EUR 34 590 000 in aghaidh na bliana **airgeadais** **dá dtagraítear in Airteagal 33 (AE) [an Rialachán Cothrománach]** don Iodáil.

5. Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann a chinneadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT na leithdháiltí iomlána airgeadais dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 a aistriú chuig a gcuid leithdháiltí le haghaidh íocaíochtaí díreacha. Ní féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin.

Maidir le leithdháiltí na mBallstát a aistreofar chuig leithdháiltí le haghaidh íocaíochtaí díreacha, ní bheidh siad ar fáil feasta le haghaidh na gcineálacha idirghabhála dá dtagraítear **i** míreanna 3 agus 4.

6. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT suas le 3 % d**á** leithdháiltí [...] a úsáid le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna leagan amach in Iarscríbhinn IV, tar éis na méideanna atá ar fáil le haghaidh cadáis a asbhaint arna leagan amach in Iarscríbhinn VI, le haghaidh cineálacha idirghabhál**a** in earnálacha eile dá dtagraítear i Roinn 7 de Chaibidil III de Theideal III.

**Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an céatadán, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a mhéadú suas go dtí 5 %. Sa chás sin, bainfear an méid a chomhfhreagraíonn don mhéadú sin as an uasmhéid a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 86(5) agus ní bheidh an méid ar fáil a thuilleadh le leithdháileadh ar chineálacha idirghabhála a bhaineann le tacaíocht ioncaim chúpláilte dá dtagraítear inti.**

7. Féadfaidh na Ballstáit, in 202[...]**5**, a gcuid cinntí dá dtagraítear i mír 6 a athbhreithniú mar chuid d'iarraidh ar leasú ar a bPleananna Straitéiseacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 107.

8. Na méideanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach forfheidhmithe CBT de thoradh ar chur i bhfeidhm mhíreanna 6 agus 7, beidh siad ceangailteach sa Bhallstát lena mbaineann.

*Airteagal 83*

*Leithdháiltí airgeadais le haghaidh cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe*

1. Is é EUR [...] **60 544 439 600** an méid iomlán tacaíochta ón Aontas le haghaidh cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe faoin Rialachán seo don tréimhse ón 1 Eanáir 202[...]**3** go dtí an 31 Nollaig 2027, i bpraghsanna an lae inniu i gcomhréir leis an gcreat ilbhliantúil airgeadais do na blianta 2021 go dtí 2027[17].

2. Tiomnófar 0.25 % de na hacmhainní dá dtagraítear i mír 1 do ghníomhaíochtaí an chúnaimh theicniúil a mhaoiniú ar thionscnamh ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 7 den [...] Rialachán Cothrománach (AE), lena n-áirítear an líonra Eorpach le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 113(2) den Rialachán seo [...]. D'fhéadfadh baint a bheith ag na gníomhaíochtaí sin le **cláirthréimhsí** den Phlean Straitéiseach CBT a bhí ann roimhe agus a bheidh ann ina dhiaidh.

3. Leagtar amach in Iarscríbhinn IX an miondealú bliantúil de réir Ballstáit ar an méid dá dtagraítear i mír 1, tar éis an méid dá dtagraítear i mír 2 a asbhaint.

[17] Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM(2018)322 final.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 lena leasaítear Iarscríbhinn IX chun an miondealú bliantúil in aghaidh an Bhallstáit a athbhreithniú chun [...] forbairtí ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear na haistrithe dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 90, chun coigeartuithe teicniúla a dhéanamh gan na leithdháiltí a athrú ar an iomlán, nó chun aon athrú eile dá bhforáiltear le gníomh reachtach a chur san áireamh tar éis ghlacadh an Rialacháin seo.

*Airteagal 84*

*Ranníocaíocht CETFT*

An [...] **cinneadh** cur chun feidhme ón gCoimisiún lena bhformheastar Plean Straitéiseach CBT de bhun Airteagal 106(6), leagfaidh sé síos ranníocaíocht uasta CETFT leis an bplean. Ríomhfar ranníocaíocht ó CETFT ar bhonn shuim an chaiteachais phoiblí incháilithe.

*Airteagal 85*

*Rátaí ranníocaíochta ó CETFT*

1. Leis an bPlean Straitéiseach CBT bunófar **ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta** rátaí ranníocaíocht CETFT amháin is infheidhme maidir le gach idirghabháil **agus cúnamh teicniúil ar thionscnamh na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 112**.

2. **De mhaolú ar mhír 1**, seo a leanas an t-uasráta ranníocaíochta ó CETFT a bheidh ann:

**(aa) 85 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin lagfhorbartha de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 102(2) de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna];**

(a) [...]80 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin is forimeallaí **dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE** agus na hoileáin Aeigéacha is lú de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 229/2013;

[...]

**(ba) 60 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin trasdula de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 102(2) de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna];***

[...]

(d) 43 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin eile.

[...]

3. De mhaolú ar mhír**eanna 1 agus** 2, seo a leanas an t-uasráta ranníocaíochta CETFT a bheidh ann, **má tá an ráta i mír 2 níos ísle**:

**(aa) 65 % den chaiteachas poiblí incháilithe le haghaidh íocaíochtaí i leith srianta nádúrtha nó srianta limistéar-shonracha eile faoi Airteagal 66;**

(a) 80 % **den chaiteachas poiblí incháilithe le haghaidh íocaíochtaí faoi** [...] Airteagal 65 den Rialachán seo maidir le híocaíochtaí faoi Airteagal 67 den Rialachán seo, maidir le tacaíocht le haghaidh infheistíochtaí neamhtháirgiúla dá dtagraítear in Airteagal 68 den Rialachán seo, maidir le tacaíocht don Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht faoi **phointe (a)** d'Airteagal 71**(1)** den Rialachán seo agus maidir le [...] LEADER **faoi phointe (b) d'Airteagal 71(1) den Rialachán seo** dá ngairtear forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail in Airteagal 25 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna];

(b) 100% i gcás oibríochtaí arna maoiniú ó chistí arna n-aistriú chuig CETFT i gcomhréir le hAirteagal 15 agus le hAirteagal 90 den Rialachán seo.

**4. Is é 20 % an ráta íosta ranníocaíochta ó CETFT a bheidh ann.**

---

* Seiceáil ag teastáil níos déanaí ós rud é go bhfuil Rialachán na bhForálacha Coiteanna fós faoi chaibidil.

*Airteagal 86*

*Leithdháiltí uasta agus íosta airgeadais*

1. Cuirfear 5% ar a laghad, de ranníocaíocht CETFT leis an bPlean Straitéiseach CBT i leataobh le haghaidh LEADER, dá ngairtear forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail in Airteagal 25 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna].

2. Cuirfear 30 % ar a laghad, de ranníocaíocht iomlán CETFT le Plean Straitéiseach CBT, arna leagan amach in Iarscríbhinn IX, i leataobh le haghaidh idirghabhálacha a thabharfaidh aghaidh ar chuspóirí sonracha a bhfuil baint acu le cuspóirí comhshaoil agus aeráide, arna leagan amach i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6 [...] den Rialachán seo [...] .

   Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis na réigiúin is forimeallaí **dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE**.

3. Féadfaidh uasmhéid 4% de ranníocaíocht iomlán CETFT leis an bPlean Straitéiseach CBT arna leagan amach in Iarscríbhinn IX a úsáid chun gníomhaíochtaí an chúnaimh theicniúil a mhaoiniú ar thionscnamh na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 112.

   Féadfaidh ranníocaíocht CETFT a mhéadú go dtí 6 % le haghaidh Pleananna Straitéiseacha CBT i gcás ina mbeidh méid iomlán tacaíochta ón Aontas tagtha go dtí EUR [...]**1.1** [...] **b**illiún.

   Déanfar cúnamh teicniúil a aisíoc mar bheadh maoiniú ar bhonn ráta comhréidh, i gcomhréir le hAirteagal 125(1)(e) de Rialachán (AE[...]**,** Euratom**) 2018/1046** [...] i gcreat íocaíochtaí idirthréimhseacha de bhun Airteagal 30 de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach]. Is é an céatadán arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach CBT le haghaidh cúnamh teicniúil an chaiteachais iomláin arna dhearbhú a bheidh sa ráta comhréidh.

4. I gcás gach Ballstáit, cuirfear an t-íosmhéid, arna leagan amach in Iarscríbhinn X, i leataobh le haghaidh íocaíochta ar mhaithe leis an gcuspóir sonrach [...] arna leagan amach i bpointe (g) d'Airteagal 6 [...] . Bunaithe ar [...]an anailís SWOT[...] agus ar na riachtanais a shainaithint a dtabharfar aghaidh orthu, úsáidfear an méid sin le haghaidh **ceann amháin nó níos mó** de na cineálacha idirghabhála seo a leanas:

(a) an [...] **t**acaíocht [...] **i**oncaim [...] **f**horlíontach [...]d'**f**heirmeoir**í** [...] **ó**ga arna leagan síos in Airteagal 27;

(aa) na hinfheistíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 68 a dhéanann feirmeoirí óga faoi na coinníollacha a leagtar amach ann;

(b) na feirmeoirí óga a théann i mbun gnó dá dtagraítear i b**pointe (a) d**'Airteagal 69**(2)**.

5. Cuirfear teorainn 1[...]**3** % den mhéid arna leagan amach in Iarscríbhinn VII ar na leithdháiltí táscacha airgeadais maidir leis na hidirghabhálacha tacaíochta ioncaim chúpláilte dá dtagraítear i bhForoinn 1 de Roinn [...] **3** de Chaibidil II de Theideal III [...].

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, na Ballstáit a d'úsáid níos mó ná 13 % dá n-uasteorainn bhliantúil náisiúnta arna leagan amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin i gcomhréir le hAirteagal 53(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 chun críche tacaíochta cúpláilte deonaí, féadfaidh siad a chinneadh, chun críche tacaíochta ioncaim cúpláilte, níos mó ná 1[...]**3** % den mhéid arna leagan amach in Iarscríbhinn VII a úsáid. An céatadán a thagann as sin, ní sháróidh sé an céatadán a dhéanfaidh an Coimisiún a fhormheas maidir le tacaíocht chúpláilte dheonach maidir le bliain éilimh 2018.

An céatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír, d'fhéadfaí 2[...] **phointe céatadáin** a chur leis, ar an mhéad, ar choinníoll go ndéanfar an méid a chomhfhreagraíonn don chéatadán a sháraíonn an 1[...]**3** % a leithdháileadh ar an tacaíocht do bharraí próitéine faoi Fhoroinn 1 de Roinn [...]**3** de Chaibidil II de Theideal III.

Ní féidir an méid atá san áireamh sa Phlean Straitéiseach formheasta CBT a eascraíonn as cur i bhfeidhm an chéad**,** [...] an dara agus **an tríú** fomhír [...], **a shárú.**

**De mhaolú ar an gcéad agus ar an dara fomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh suas le EUR 3 mhilliún in aghaidh na bliana a úsáid chun an tacaíocht chúpláilte a mhaoiniú.**

6. Gan dochar d'Airteagal 15 de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], an t-uasmhéid iomlán a d'fhéadfaí a dheonú do Bhallstát sula gcuirtear Airteagal 15 den Rialachán seo, de bhun Fhoroinn 1 de Roinn [...] **3** de Chaibidil II de Theideal III den Rialachán seo i ndáil le bliain féilire, ní dhéanfaidh sé na méideanna atá socraithe sa Phlean Straitéiseach CBT a shárú i gcomhréir le mír [...] **5 den Airteagal seo**.

**6a. Leagfaidh na Ballstáit amach ina bPleananna Straitéiseacha CBT do na blianta féilire 2023 agus 2024 leithdháileadh táscach airgeadais do scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol dá dtagraítear i bhForoinn 4 de Roinn 2 de Chaibidil II de Theideal III de 20 % ar a laghad de na méideanna a leagtar amach in Iarscríbhinn VII sula ndéanfar aon aistriú dá bhforáiltear i bpointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 90(1).**

**Ní chuirfidh an leithdháileadh táscach airgeadais cosc ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**- cistí ón leithdháileadh seo a úsáid i gcomhréir leis an gcéad fhomhír le haghaidh idirghabhálacha eile i gcomhréir le hAirteagal 88(3), i gcás inar gá sin chun neamhúsáid cistí a sheachaint , ar choinníoll gur ídíodh na féidearthachtaí uile na cistí a úsáid do scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol dá dtagraítear i bhForoinn 4 de Roinn 2 de Chaibidil II de Theideal III, nó**

- cistí a aistriú, i gcás inar gá sin chun neamhúsáid cistí a sheachaint, i gcomhréir le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 90(1), lena n-úsáid le haghaidh idirghabhálacha i gcomhréir le hAirteagail 65, 67 agus 68, sa mhéid go dtugtar aghaidh leis na hidirghabhálacha sin ar na cuspóirí sonracha comhshaoil agus aeráide a leagtar amach i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6.

6b. Cuirfear 20 % ar a laghad de na méideanna a leagtar amach in Iarscríbhinn VII do na blianta féilire 2025, 2026 agus 2027 i leataobh, sula ndéanfar aon aistriú dá bhforáiltear i bpointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 90(1), le haghaidh scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol dá dtagraítear i bhForoinn 4 de Roinn 2 de Chaibidil II de Theideal III.

6c. I gcás méid a chuireann Ballstát i leataobh le haghaidh idirghabhálacha i gcomhréir le hAirteagail 65, 67 agus 68, sa mhéid go dtugtar aghaidh leis na hidirghabhálacha sin ar na cuspóirí sonracha comhshaoil agus aeráide a leagtar amach in bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6 agus ar leas ainmhithe dá dtagraítear i bpointe (i) den Airteagal sin, a rachaidh thar 30 % de ranníocaíocht iomlán CETFT mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, tar éis aon aistriú a dhéanamh dá bhforáiltear i bpointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 90(1), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh méid barrachais an leithdháilte airgeadais do na hidirghabhálacha sin a chur san áireamh, tríd an leithdháileadh táscach airgeadais dá dtagraítear i mír 6a nó i ríomh an mhéid dá dtagraítear i mír 6b a laghdú leis an méid barrachais.

Féadfaidh na Ballstáit an chéad fhomhír a chur i bhfeidhm ar choinníoll nach ndéanfar an leithdháileadh táscach airgeadais íosta dá dtagraítear i mír 6a nó an t-íosmhéid dá dtagraítear i mír 6b a laghdú níos mó ná 50 %.

Ní bheidh feidhm ag an teorannú a leagtar amach sa dara fomhír maidir le Ballstáit i gcás inar mó ranníocaíocht iomlán CETFT in aon bhliain féilire le haghaidh idirghabhálacha i gcomhréir le hAirteagal 65 ná 150 % den leithdháileadh táscach airgeadais íosta le haghaidh na n-éiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 28. I gcás na mBallstát sin, ní dhéanfar an leithdháileadh táscach airgeadais íosta dá dtagraítear i mír 6a ná an t-íosmhéid dá dtagraítear i mír 6b a laghdú níos mó ná 75 %.

7. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh ina bPlean Straitéiseach CBT sciar áirithe de leithdháileadh CETFT a úsáid chun tacaíocht a ghiaráil agus cur le Tionscadail Chomhshaoil Straitéiseacha chomhtháite [...] **dá bhforáiltear** faoin [Rialachán LIFE] agus chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú i ndáil le soghluaisteacht foghlama trasnáisiúnta le haghaidh daoine i réimse **na** talmhaíochta agus na forbartha tuaithe agus aird ar leith á chur ar fheirmeoirí óga, i gcomhréir leis an [Rialachán Erasmus].

*Airteagal 87*

*Caiteachas aeráide a rianú*

1. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit**,** déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar rannchuidiú an bheartais le cuspóirí an athraithe aeráide trí mhodheolaíocht shimplí choiteann a úsáid.

2. Déanfar ranníocaíocht leis an sprioc caiteachais a mheas trí ualuithe sonracha a chur i bhfeidhm arna ndifreáil bunaithe ar cé acu an rannchuidíonn an tacaíocht go mór nó go measartha le cuspóirí an athraithe aeráide, nó nach rannchuidíonn. Déanfar na hualuithe sin mar a leanas:

(a) 40 % le haghaidh an chaiteachais faoin Tacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuaine agus an Tacaíocht Ioncaim Fhorlíontach dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II, Roinn II, foranna 2 agus 3;

(b) 100 % le haghaidh caiteachas faoi na scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II, Roinn II, foroinn 4;

(c) 100 % le haghaidh caiteachas le haghaidh na n-idirghabhálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 86(2), **seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (d)**;

(d) 40 % le haghaidh caiteachas le haghaidh srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le ceantar áirithe dá dtagraítear in Airteagal 66.

*Airteagal 88*

*Leithdháiltí táscacha airgeadais*

1. Déanfaidh na Ballstáit, ina bPlean Straitéiseach CBT, leithdháileadh táscach airgeadais a leagan amach le haghaidh gach idirghabhála **agus le gach bliain**. [...] **Is éard a bheidh sa leithdháileadh táscach airgeadais sin** [...] **leibhéal na n-íocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leis don idirghabháil sa bhliain airgeadais ábhartha**.

2. [...]

**3. Ní chuirfidh na leithdháiltí táscacha airgeadais arna leagan amach ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 1 cosc ar na Ballstáit cistí ó na leithdháiltí táscacha airgeadais sin a úsáid mar chistí le haghaidh idirghabhálacha eile, gan an Plean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 107 a leasú, faoi réir chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo, agus go háirithe Airteagail 81, 82, 83, 84, 86 agus 89, agus le forálacha Rialachán (AE) Uimh. …/… [an Rialachán Cothrománach], agus go háirithe Airteagal 30(6)(b), agus faoi réir an mhéid seo a leanas:**

- **go n-úsáidfear leithdháiltí airgeadais le haghaidh idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad le haghaidh idirghabhálacha eile i bhfoirm íocaíochta dírí,**

- **go n-úsáidfear leithdháiltí airgeadais le haghaidh idirghabhálacha forbartha tuaithe le haghaidh idirghabhálacha eile d'fhorbairt tuaithe,**

- **nach n-úsáidfear leithdháiltí airgeadais le haghaidh idirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na beachadóireachta, in earnáil an fhíona, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird ach amháin le haghaidh idirghabhálacha eile san earnáil chéanna agus nach mbeidh tionchar ag an úsáid ar chláir oibríochtúla atá formheasta i gcás inarb ábhartha, agus**

- **go n-úsáidfear leithdháiltí airgeadais le haghaidh idirghabhálacha in earnálacha eile dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 39 le haghaidh idirghabhálacha in earnálacha eile dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 39 a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT agus nach ndéanfaidh an úsáid difear do chláir oibríochtúla formheasta.**

**Chun críoch na chéad fhleisce, féadfaidh na Ballstáit a bhfuil cinneadh déanta acu an tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuaine a dheonú bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta mar a leagtar síos iad in Airteagal 19, méadú líneach a dhéanamh ar na méideanna atá le híoc go comhréireach, ar fiú luach na dteidlíochtaí arna ngníomhaíochtú sa bhliain féilire iad, i gcás ina mbeidh aschuir idirghabhálacha eile níos ísle ná mar a bhí beartaithe. Beidh an méadú sin teoranta don mhéid a bhfuil gá leis le go seachnófar neamhúsáid cistí in idirghabhálacha eile.**

*Airteagal 89*

*[...] Aonadmhéideanna* ***beartaithe*** ***agus aschuir bheartaithe***

1. [...] **Leagfaidh na Ballstáit amach aonadmhéid beartaithe amháin nó níos mó maidir le gach idirghabháil a áirítear ina bPlean Straitéiseach CBT. Féadfaidh an t-aonadmhéid atá beartaithe a bheith aonfhoirmeach nó meánach, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit. Ciallaíonn 'aonadmhéid aonfhoirmeach beartaithe' an luach a mheastar a bheidh le híoc i gcás gach aschuir ghaolmhair. Ciallaíonn 'meán-aonadmhéid beartaithe' meánluach na n-aonadmhéideanna éagsúla a mheastar a bheidh le híoc i gcás na n-aschur gaolmhar.**

   **Maidir le hidirghabhálacha arna gcumhdach ag an gcóras comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 63(2) de Rialachán [an Rialachán Cothrománach], leagfar amach aonadmhéideanna aonfhoirmeacha, ach amháin i gcás nach bhfuil aonadmhéideanna indéanta nó iomchuí, arna gcinneadh ag na Ballstáit, i bhfianaise dhearadh agus raon feidhme na hidirghabhála. Sa chás sin, leagfar amach meán-aonadmhéideanna.**

**1a.** **Maidir le hidirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad, féadfaidh** na Ballstáit [...] **aonad**mhéid**eanna** [...] beartaithe uasta nó íosta, **nó an dá rud**, [...] a shocrú [...] i gcás gach **aonadmhéid atá beartaithe do gach** idirghabháil [...]

[...]

Is éard atá san [...] **'aonadmhéid íosta atá beartaithe agus san 'aonadmhéid uasta atá beartaithe'** na [...] **haonadmhéideanna íosta agus uasta a mheastar a bheidh le híoc i gcás gach aschur**.

**Agus na haonadmhéideanna uasta nó íosta atá beartaithe, nó an dá rud, á socrú ag na Ballstáit, féadfaidh siad bonn cirt a thabhairt do na luachanna sin leis an tsolúbthacht leithdháilte is gá chun neamhúsáid cistí a sheachaint.**

**Ní féidir an t-aonadmhéid réadaithe dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 121(4a) a bheith níos ísle ná an t-aonadmhéid atá beartaithe nó an t-aonadmhéid íosta atá beartaithe i gcás ina leagtar amach méid den sórt sin, chun barrachas leithdháiltí airgeadais le haghaidh cineálacha idirghabhála ar íocaíochtaí díreacha iad dá dtagraítear in Airteagal 81(1) a sheachaint.**

[...]

[...]

2. [...] **<u>Maidir le cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe, i gcás úsáid meán-aonadmhéideanna beartaithe, féadfaidh na Ballstáit meán-aonadmhéid uasta beartaithe a shocrú</u>**

**<u>Is é 'an meán-aonadmhéid uasta beartaithe' an méid uasta a mheastar a bheidh le híoc ar an meán le haghaidh na n-aschur gaolmhar.</u>**

**<u>3. I gcás ina socraítear aonadmhéideanna éagsúla le haghaidh idirghabhála, beidh feidhm ag míreanna 1a agus 2 maidir le gach aonadmhéid ábhartha a bhaineann leis an idirghabháil sin.</u>**

**<u>4. Leagfaidh na Ballstáit amach na haschuir bhliantúla atá beartaithe le haghaidh gach idirghabhála cainníochtaithe do gach aonadmhéid aonfhoirmeach nó meán-aonadmhéid atá beartaithe. Laistigh d'idirghabháil, féadfar na haschuir bhliantúla atá beartaithe a sholáthar ar leibhéal comhthiomsaithe maidir le gach aonadmhéid nó grúpa aonadmhéideanna.</u>**

*Airteagal 90*

*Solúbthacht idir leithdháiltí íocaíochta díreacha agus leithdháiltí ó CETFT*

1. Mar chuid dá dtogra le haghaidh Plean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 106(1), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) suas le [...] **<u>25</u>** % de leithdháileadh an Bhallstáit a aistriú le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna leagan amach in Iarscríbhinn IV tar éis na leithdháiltí a asbhaint maidir le cadás arna leagan amach in Iarscríbhinn VI i leith na mblianta féilire 202[...]**<u>3</u>** go dtí 2026 arna chur le leithdháileadh na mBallstát le haghaidh CETFT sna blianta airgeadais 202[...]**<u>4</u>** go 2027; nó

(b) suas le [...] **<u>25</u>** % de leithdháileadh an Bhallstáit le haghaidh CETFT sna blianta airgeadais 202[...]**<u>4</u>** go 2027 a aistriú chuig leithdháileadh an Bhallstáit le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna leagan amach in Iarscríbhinn IV le haghaidh na mblianta féilire 202[...]**<u>3</u>** go dtí 2026.

An céatadán a aistrítear ó leithdháileadh Ballstáit le haghaidh íocaíochtaí díreacha chuig a leithdháileadh le haghaidh CETFT dá dtagraítear i b**<u>pointe (a) den</u>** chéad fhomhír, féadfar é a mhéadú mar a leanas:

(a) suas le 15 phointe céatadáin ar choinníoll go n-úsáidfidh na Ballstáit an méadú comhfhreagrach le haghaidh idirghabhálacha airgeadais CETFT lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí sonracha comhshaoil agus aeráide dá dtagraítear i bpointe (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6[...];

(b) suas le 2 phointe céatadáin ar choinníoll go [...] n-úsáidfidh na Ballstáit an méadú comhfhreagrach i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 86 [...] **<u>(4).</u>**

**<u>An céatadán a aistrítear ó leithdháileadh Ballstáit le haghaidh CETFT chuig a leithdháileadh le haghaidh íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír, féadfar é a mhéadú go 30 % i gcás Ballstáit a bhfuil a gcuid íocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir faoi bhun 90 % de mheán an Aontais. Déantar an choinníoll sin a chomhlíonadh i gcás na dtíortha seo a leanas: An Bhulgáir, an Eastóin, an Spáinn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.</u>**

2. Na cinntí dá dtagraítear i mír 1, leagfar amach leo an céatadán dá dtagraítear i mír 1, agus féadfaidh sin athrú de réir na bliana féilire.

3. Féadfaidh na Ballstáit, [...] **<u>uair amháin sa bhliain ó</u>** 202[...]**<u>5</u>** amach, a gcuid cinntí dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú mar chuid d'iarraidh ar leasú ar a bPleananna Straitéiseacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 107.

# TEIDEAL V
# PLEAN STRAITÉISEACH CBT

## CAIBIDIL I
## CEANGLAIS GHINEARÁLTA

*Airteagal 91*

*Pleananna Straitéiseacha CBT*

Déanfaidh na Ballstáit pleananna Straitéiseacha CBT a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán seo chun tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme arna mhaoiniú ag CERT agus CETFT chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach a leagtar amach [...] in Airteagal 6.

**Bunóidh gach Ballstát Plean Straitéiseach CBT amháin le haghaidh iomlán a chríche féin, agus a chuid forálacha bunreachtúla agus institiúideacha á gcur san áireamh aige.**

**I gcás ina mbunaítear eilimintí den Phlean Straitéiseach CBT ar an leibhéal réigiúnach, déanfaidh an Ballstát an comhleanúnachas agus an chomhsheasmhacht a áirithiú le heilimintí an Phlean Straitéisigh CBT ar an leibhéal náisiúnta.**

Bunaithe ar an anailís SWOT dá dtagraítear in Airteagal 103(2) agus ar mheasúnú ar na riachtanas dá dtagraítear in Airteagal 96, bunóidh na Ballstá**i**t straitéis idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 97 sna Pleananna Straitéiseacha CBT, straitéis ina leagfar síos spriocanna cainníochtúla agus garspriocanna **ábhartha** chun na cuspóirí sonracha **ábhartha** a bhaint amach a leagtar amach [...] in Airteagal 6. **Socrófar** [...] na spriocanna trí ar a laghad [...] **na** táscairí torthaí coiteanna [...] a úsáid arna leagan amach in Iarscríbhinn **XI**I[...]**, i gcás inarb ábhartha le haghaidh idirghabhála sa Phlean Straitéiseach CBT. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a roghnú, chun na críche céanna, aon táscairí toraidh ábhartha eile a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó aon táscairí toraidh sonracha eile de chuid Phlean Straitéiseach CBT a chur san áireamh.**

**<u>Áireofar sa straitéis idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 97 luachanna tuartha maidir leis na táscairí toraidh ábhartha, arna roghnú ag na Ballstáit, a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus dó sin amháin.</u>**

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, leagfaidh na Ballstáit amach idirghabhálacha bunaithe ar na cineálacha idirghabhála arna leagan síos i dTeideal III.

Cumhdóidh gach Plean Straitéiseach CBT an tréimhse [...] ó 202[...]**<u>3</u>** go[...]2027.

*Airteagal 92*

*Uaillmhian bhreise maidir le cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol [...] agus leis an aeráid [...]*

1. Cuirfidh na Ballstáit rompu a rannchuidiú níos mó a dhéanamh ar an iomlán, trína bPleananna Straitéiseacha CBT, agus go háirithe trí eilimintí sa straitéis idirghabhála dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 97(2), chun na cuspóirí sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol[...] agus leis an aeráid[...] a ghnóthú arna leagan amach i bpointí (d), (e), agus (f) d'Airteagal 6[...] i gcomparáid lena ndéantar ar an iomlán chun an cuspóir a ghnóthú arna leagan síos i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 110(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 trí thacaíocht a fháil faoi CEFT agus faoi CETFT sa tréimhse 2014 go dtí 2020.

2. Míneoidh na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil, an dóigh a mbeidh sé beartaithe acu rannchuidiú níos mó a dhéanamh ar an iomlán arna leagan amach [...] i mír 1. Bunófar an sainmhíniú sin ar fhaisnéis ábhartha amhail na heilimintí dá dtagraítear i bpointí (a) go dtí (f) d'Airteagal 95(1) agus i bpointe (b) d'Airteagal 95(2).

*Airteagal 93*

[...]

*Airteagal 94*

*Ceanglais nós imeachta*

1. Déanfaidh na Ballstáit na Pleananna Straitéiseacha CBT a dhréachtú bunaithe ar nósanna imeachta trédhearcacha, i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil.

2. [...]

3. Eagróidh gach Ballstát[*] comhpháirtíocht [...] lena n-áirít[...]**ear** ar a laghad na comhpháirtithe a leanas:

   (a) údaráis phoiblí iomchuí, **lena n-áirítear údaráis ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le húdaráis inniúla le haghaidh saincheisteanna comhshaoil agus aeráide;**

   (b) comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta;

   (c) comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta agus i gcás inarb ábhartha, comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, na cearta bunúsacha, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn.

   Déanfaidh an Ballstát na comhpháirtithe sin rannpháirteach in ullmhú na bPleananna Straitéiseacha CBT.

4. Comhoibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún lena áirithiú gur ann do chomhordú éifeachtach i gcur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT, agus prionsabail na comhréireachta agus na bainistíochta comhroinnte á gcur san áireamh acu.

[*] Cuir aithris isteach chun a shoiléiriú gur féidir an chomhpháirtíocht a eagrú de réir mar is mian leis na Ballstáit.

# CAIBIDIL II
# INNEACHAR AN PHLEAN STRAITÉISIGH CBT

*Airteagal 95*

*Inneachar* ***n****a [...] bPleananna Straitéiseacha CBT*

1. I ngach ceann de Phleananna Straitéiseacha CBT beidh **ranna** faoin méid seo a leanas [...]:

   (a) [...] measúnú ar riachtanais;

   (b) [...] **an** straitéis idirghabhála;

   (c) [...] **na** heilimintí i gcoiteann i roinnt idirghabhálacha;

   (d) [...] **an** íocaíocht dhíreach[...], na hidirghabhálacha earnála agus forbartha tuaithe arna sonrú sa straitéis;

   (e) pleananna sprice agus airgeadais;

   (f) [...] **an** córas rialachais agus comhordaithe;

   (g) [...] na heilimintí lena ndéantar nuachóiriú CBT a áirithiú [...]**.**

   (h) [...]

2. I ngach ceann de Phleananna Straitéiseacha CBT beidh na hiarscríbhinní seo a leanas:

   (a) Iarscríbhinn I maidir leis an meastóireacht *ex ante* agus measúnú straitéiseach comhshaoil (SEA) **dá dtagraítear i dTreoir 2001/42/CE**;

   (b) Iarscríbhinn II maidir leis an anailís SWOT;

(c) Iarscríbhinn III maidir leis an gcomhairliúchán leis na comhpháirtithe;

(d) **<u>i gcás inarb ábhartha</u>**, Iarscríbhinn IV maidir leis an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis;

(e) Iarscríbhinn V maidir leis an maoiniú náisiúnta breise dá bhforáiltear laistigh de raon feidhme an Phlean Straitéisigh CBT.

3. Na rialacha mionsonraithe le haghaidh inneachar na ranna agus le haghaidh Iarscríbhinní na bPleananna Straitéiseacha CBT dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, leagtar síos iad in Airteagail 96 go dtí 103.

*Airteagal 96*

*Measúnú ar riachtanais*

Áireofar sa mheasúnú ar riachtanais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 95(1) na nithe seo a leanas:

(a) achoimre ar an anailís SWOT dá dtagraítear in Airteagal 103(2);

(b) sainaithint na riachtanas i ndáil le gach cuspóir sonrach arna leagan amach in Airteagal 6 bunaithe ar an bhfianaise ón anailís SWOT [...] **<u>agus cur síos orthu siúd</u>** a dtabharfar aghaidh orthu tríd an bPlean Straitéiseach CBT [...];

(c) maidir leis an gcuspóir sonrach tacú le hioncam feirme inmharthana agus le buanseasmhacht arna leagan amach i bpointe (a) d'Airteagal 6 [...], déanfar measúnú riachtanas i ndáil le bainistiú riosca;

(d) i gcás inarb [...] **<u>ábhartha</u>**, anailís ar [...] riachtanais [...] **<u>shonracha réigiún</u>** geografach, [...] mar atá na réigiúin is forimeallaí;

(e) riachtanais a chur in ord tosaíochta [...], lena n-áirítear údar fónta na gcinntí arna ndéanamh [...] a thabhairt, lena **<u>gcumhdaítear</u>** más ábhartha, **<u>na cúiseanna</u>** [...] maidir le cén fáth nach dtugtar aghaidh ar riachtanais áirithe arna sainaithint nó riachtanais a dtugtar aghaidh orthu go pointe áirithe sa Phlean Straitéiseach CBT.

Maidir leis na cuspóirí sonracha a bhfuil baint acu leis an gcomhshaol agus an aeráid dá dtagraítear i bpointe (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6 [...], cuirfear san áireamh sa mheasúnú na pleananna náisiúnta comhshaoil agus aeráide a eascraíonn as na hionstraimí reachtacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI.

Úsáidfidh na Ballstáit [...] na sonraí is déanaí [...] agus is iontaofa le haghaidh an mheasúnaithe sin.

*Airteagal 97*

*Straitéis idirghabhála*

1. Leagfar amach sa straitéis idirghabhála dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 95(1), le haghaidh gach cuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 6[...] agus a dtugtar aghaidh air sa Phlean Straitéiseach CBT, mar a leanas:

(a) sprioc[...] **agus garspriocanna ábhartha** do gach táscaire toraidh [...] ábhartha[...] **a úsáidtear le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta**. Tabharfar údar iomchuí maidir leis na spriocanna sin i bhfianaise an mheasúnaithe ar riachtanais dá dtagraítear in Airteagal 96. A mhéid a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i pointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6[...] , gheofar na spriocanna ó eilimintí an tsainmhínithe arna dtabhairt i bpointe[...] (a) [...] de mhír 2 den Airteagal seo;

**(aa) luachanna réamh-mheasta do gach táscaire toraidh ábhartha nach n-úsáidtear ach chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Tabharfar údar iomchuí maidir leis na luachanna réamh-mheasta sin i bhfianaise an mheasúnaithe ar riachtanais dá dtagraítear in Airteagal 96;**

(b) idirghabhálacha, bunaithe ar na cineálacha idirghabhála arna leagan amach i dTeideal III, [...] ceapfar iad chun aghaidh a thabhairt ar an gcás ar leith sa limistéar lena mbaineann, agus loighic fhónta le haghaidh idirghabhála á leanúint, agus arna dtacú ag an meastóireacht *ex ante* dá dtagraítear in Airteagal 125, an anailís SWOT dá dtagraítear in Airteagal 103(2) agus an measúnú ar riachtanais dá dtagraítear in Airteagal 96;

(c) eilimintí lena léirítear an chaoi a mbeidh na hidirghabhálacha **dá dtagraítear i bpointe (b)**, [...] in ann na spriocanna **a ghnóthú** agus [...] **go bhfuil leithdháileadh acmhainní airgeadais ar na hidirghabhálacha leordhóthanach chun na spriocanna arna leagan síos a ghnóthú**.

(d) [...]

2. **Léireofar** [...] sa straitéis idirghabhála comhsheasmhacht na straitéise agus comhoiriúnacht na n-idirghabhálacha síos trí na cuspóirí sonracha arna leagan amach in Airteagal 6[...] **tríd an méid seo a leanas a sholáthar**:

(a) forléargas ar ailtireacht chomhshaoil agus aeráide an Phlean Straitéisigh CBT ina ndéantar cur síos [...] **ar an gcaoi** a dtugann coinníollacht agus na hidirghabhálacha [...] **ábhartha** aghaidh [...] ar chuspóirí sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid dá dtagraítear [...] i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6[...], chomh maith leis an gcaoi leis an rannchuidiú níos mó ar an iomlán a ghnóthú arna leagan amach [...] in Airteagal 92**, agus sainmhíniú maidir leis an gcaoi a bhfuil sé ceaptha cur le spriocanna náisiúnta fadtéarmacha atá bunaithe cheana féin arna leagan amach sna hionstraimí reachtacha, nó ag eascairt astu, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI**;

(b) [...]

(c) maidir leis an gcuspóir sonrach [...] arna leagan amach i bpointe (g) d'Airteagal 6[...], tabharfar forléargas ar [...] na hidirghabhálacha ábhartha agus cuirfear na coinníollacha sonracha **<u>d'fheirmeoirí óga arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach CBT</u>** amhail iad siúd arna sonrú in Airteagail 22(4), 27, 69 agus 71(7) i láthair. Déanfaidh na Ballstáit tagairt d'Airteagal 86 [...]**<u>(4)</u>** go háirithe nuair a chuirfear an plean airgeadais i láthair i ndáil leis na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 69. Míneofar san fhorléargas freisin, **<u>go ginearálta</u>**, an t-idirghníomhú le hionstraimí náisiúnta d'fhonn comhsheasmhacht a fheabhsú idir an tAontas agus gníomhaíochtaí náisiúnta sa réimse sin;

(d) forléargas ar idirghabhálacha a bhaineann leis an earnáil, lena n-áirítear tacaíocht ioncaim chúpláilte dá dtagraítear i bhForoinn 1 de Roinn 3 de Chaibidil II de Theideal III agus [...] na hidirghabhálacha **<u>in earnálacha áirithe</u>** dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal III, lena dtugtar bonn cirt le díriú ar na hearnálacha lena mbaineann, liosta na n-idirghabhálacha in aghaidh na hearnála, a gcomhlántacht, chomh maith leis na spriocanna sonracha breise a d'fhéadfaí a bheith ann a bhaineann leis na hidirghabhálacha bunaithe ar na [...] cineálacha idirghabhála **<u>in earnálacha áirithe</u>** dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal III;

(e) **<u>i gcás inarb ábhartha,</u>** míniú maidir le cé na hidirghabhálacha [...] **<u>atá beartaithe</u>** d'fhonn rannchuidiú le cur chuige comhleanúnach agus comhtháite a áirithiú i ndáil le bainistiú riosca;

(f) **<u>i gcás inarb ábhartha,</u>** cur síos ar an idirghníomhú idir na hidirghabhálacha náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear dáileadh na leithdháiltí airgeadais in aghaidh na hidirghabhála agus in aghaidh an chiste.

*Airteagal 98*

*Eilimintí i gcoiteann i roinnt idirghabhálacha*

Sa [...] **roinn ar na** heilimintí i gcoiteann i roinnt idirghabhálacha dá dtagraítear in bpointe (c) d'Airteagal 95(1), áireofar na nithe seo a leanas:

(a) na sainmhínithe **agus na coinníollacha** arna soláthar ag na Ballstáit i gcomhlíonadh Airteagal 4(1), chomh maith leis na híoscheanglais le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí [...] díreacha de bhun Airteagal [...] **15a**;

(b) [...]

[...] **(aa)** maidir le gach caighdeán GAEC [...] **a liostaítear** in Iarscríbhinn III, cur síos ar an gcaoi a gcuirtear caighdeán an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas: achoimre ar an gcleachtas ar an bhfeirm, raon feidhme críochach, cineál feirmeoirí [...] **faoi réir an chaighdeáin**, agus **i gcás inar gá, cur síos ar an gcaoi a rannchuideoidh an cleachtas** [...] leis an bpríomhchuspóir [...] **maidir le caighdeán GAEC [...] a ghnóthú**;

[...]

(c) cur síos ar úsáid an 'chúnaimh theicniúil' dá dtagraítear in Airteagail [...] 86(3) agus 112 agus **cur síos** ar líonraí CBT dá dtagraítear in Airteagal 113;

(d) faisnéis eile maidir le cur chun feidhme go háirithe:

(i) gearrthuairisc ar an gcaoi a ndéantar luach na dteidlíochtaí íocaíochta a bhunú agus ar fheidhmiú an chúlchiste i gcás inarb infheidhme;

(ii) **i gcás inarb ábhartha**, an toradh measta ar an laghdú ar íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 15 a úsáid;

(iii) forléargas ar an gcomhordú, ar an gcríochú agus ar chomhlántachtaí idir CETFT agus cistí eile an Aontais atá gníomhach i gceantair thuaithe [...]**.**

*Airteagal 99*

*Idirghabhálacha*

Sa [...] **roinn ar** gach idirghabháil arna sonrú sa straitéis dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 95(1), áireofar:

(a) an cineál idirghabhála[...] a mbaineann sé léi;

(b) an raon feidhme críochach;

(c) [...] dearadh [...] na hidirghabhála sin**;** [...] **m**aidir le hidirghabhálacha comhshaoil agus aeráide, léireofar leis an ngaol le ceanglais coinníollachta go bhfuil na cleachtais **comhlántach agus** nach bhfuil aon fhorluí ann;

(d) na coinníollacha incháilitheachta;

**(da) táscaire toraidh amháin ar a laghad lena rannchuidíonn an idirghabháil astu siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn XII nó, i gcás nach bhfuil aon cheann de na táscairí sin infheidhme, táscaire amháin ar a laghad as na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn I, nó as aon táscairí toraidh sonracha eile de chuid Phlean Straitéiseach CBT. Ar mhaithe le hathbhreithniú feidhmíochta, áireoidh na Ballstáit aon táscaire toraidh is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn XII. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a roghnú, chun na críche céanna, aon táscairí toraidh ábhartha eile a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó aon táscairí toraidh sonracha eile de chuid Phlean Straitéiseach CBT a chur san áireamh. Chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme, áireoidh na Ballstáit aon táscairí toraidh ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I nár cuireadh san áireamh ar mhaithe le hathbhreithniú feidhmíochta;**

(e) agus maidir le gach idirghabháil a bhunaítear ar na cineálacha idirghabhála arna liostú in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, an chaoi a ndéantar forálacha ábhartha Iarscríbhinn 2 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht a urramú, arna shonrú in Airteagal 10 den Rialachán seo agus in Iarscríbhinn II den Rialachán seo, agus maidir le gach idirghabháil nach mbunaítear ar na cineálacha idirghabhála a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, cé acu an ndéantar forálacha ábhartha Airteagal 6.5 nó Iarscríbhinn 2 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht a urramú nó nach ndéantar, agus má dhéantar, an chaoi chuige sin;

(f) **táscaire aschuir amháin agus** na haschuir bhliantúla atá beartaithe le haghaidh na hidirghabhála, [...] **dá dtagraítear in Airteagal 89(4)**;

(g) an **t-aonadmhéid aonfhoirmeach nó an meán-aonadmhéid** atá beartaithe in aghaidh na bliana [...] **dá dtagraítear in Airteagal 89(1) agus, i gcás inarb ábhartha, an t-aonadmhéid íosta nó an t-aonadmhéid uasta atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 89(1a) agus (2);**[...]

**(ga) míniú ar an gcaoi a socraíodh na haonadmhéideanna a bheartaítear** [...] agus, **i gcás inarb ábhartha**, na [...] **haonadmhéideanna uasta nó íosta atá beartaithe nó an dá cheann** [...] **dá dtagraítear in Airteagal 89(1), (1a) agus (2),** [...]**;**

**(gb)** [...]**i** gcás inarb infheidhme[...]:

(i) an fhoirm agus an ráta tacaíochta;

(ii) **modh** ríomh**aireachta** [...] na n-aonadmhéid**eanna** tacaíochta agus [...] **a** ndeimhniúcháin [...] i **gcomhréir le** hAirteagal 76;

[...]

[...]

(h) an [...] leithdháileadh airgeadais bliantúil le haghaidh na hidirghabhála, dá dtagraítear in Airteagal 88. I gcás inarb infheidhme, soláthrófar miondealú ar mhéideanna atá beartaithe le haghaidh deontas agus méideanna atá beartaithe le haghaidh ionstraimí airgeadais;

(i) léiriú maidir le cé acu an dtagann an idirghabháil lasmuigh de raon feidhme Airteagal 42 CFAE nó nach dtagann agus an bhfuil sé faoi réir mheasúnaithe Státchabhrach.

*Airteagal 100*

*Pleananna sprice agus airgeadais*

1. Sa phlean sprice dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 95(1) beidh tábla ina mbeidh achoimre chruinn ina léireofar na spriocanna **agus na garspriocanna** dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 97(1) [...] .

2. Is éard a bheidh sa phlean airgeadais dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 95(1) tábla **forléargais** [...] **lena bhforáiltear don mhéid a leanas**:

   (a) leithdháiltí an Bhallstáit le haghaidh cineálacha idirghabhála a bhaineann le híocaíochtaí díreacha[...] dá dtagraítear in Airteagal 81(1) [...] maidir leis **na** cineálacha idirghabhála [...] le haghaidh fíona dá dtagraítear in Airteagal 82(1), le haghaidh beachadóireacht dá dtagraítear in Airteagal 82(2) agus maidir le cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 83(3);

   (b) Aistrithe **na** méideanna **dá dtagraítear i bpointe (a)** idir cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha agus cineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe i gcomhréir le hAirteagal 90 agus aon asbhaintí ó leithdháiltí an Bhallstá**i**t i leith cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha chun méideanna a chur ar fáil le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnálacha eile dá dtagraítear i Roinn VII de Chaibidil III de Theideal III i gcomhréir le hAirteagal 82[...]**(6)**;

(c) leithdháiltí an Bhallstáit le haghaidh [...] cineálacha idirghabhála maidir le hola olóige dá dtagraítear in Airteagal 82(4) agus leannlusanna dá dtagraítear in Airteagal 82(3), agus mura gcuirtear na cineálacha idirghabhála sin chun feidhme, an cinneadh lena gcuirtear na leithdháiltí comhfhreagracha san áireamh i leithdháileadh an Bhallstáit le haghaidh íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 82(5);

**(ca) i gcás inarb ábhartha, aistriú leithdháiltí Ballstáit as CETFT do thacaíocht faoi InvestEU, i gcomhréir le hAirteagal 75 den Rialachán seo, faoi Rialachán (AE) [Rialachán LIFE] nó faoi Rialachán (AE) [Rialachán Erasmus] i gcomhréir le hAirteagal 86(7) den Rialachán seo.**

**I dteannta na chéad fhomhíre, déanfar foráil i bplean mionsonraithe airgeadais do gach bliain airgeadais agus arna shloinneadh mar réamh-mheastacháin Ballstáit ar chur i gcrích íocaíochtaí do na táblaí seo a leanas atá i gcomhréir le pointí (f) agus (h) d'Airteagal 99:**

([...]**a**) miondealú ar leithdháiltí an Bhallstá**i**t le haghaidh cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha tar éis aistrithe de réir mar a shonraítear i bpointí (b) agus (c) **den chéad fhomhír** bunaithe ar leithdháiltí táscacha airgeadais in aghaidh an chineáil idirghabhála[...] agus in aghaidh na hidirghabhála, lena sonraítear na haschuir atá beartaithe, na meán-aonadmhéideanna nó na haonadmhéideanna aonfhoirmeacha **beartaithe** agus, **i gcás inarb ábhartha**, **na haonadmhéideanna uasta nó íosta nó an dá rud, i gcás gach idirghabháil dá** dtagraítear in Airteagal 89**(1) agus (1a)**. I gcás inarb infheidhme, beidh miondealú mhéid cúlchiste na dteidlíochtaí íocaíochtaí san áireamh.

Sonrófar an táirgeadh measta iomlán ar an laghdú ar íocaíochtaí **dá dtagraítear in Airteagal 15**.

Leagfar amach na leithdháiltí táscacha airgeadais sin agus na haschuir atá beartaithe a bhaineann leo agus na meán-aonadmhéideanna comhfhreagracha nó na haonadmhéideanna aonfhoirmeacha **atá beartaithe**, [...] agus an táirgeadh **measta** ar laghdú na n-íocaíochtaí, dá dtagraítear in Airteagail 15 agus 81(3), á chur san áireamh, sula ndéanfar laghdú na n-íocaíochtaí;

([...]**b**) miondealú ar na leithdháiltí [...] do **na** cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i [...] gCaibidil III de Theideal III in aghaidh na hidirghabhála agus beidh léiriú ann ar na haschuir atá beartaithe [...];

([...]**c**) miondealú ar leithdháiltí an Bhallstá**i**t le haghaidh forbairt tuaithe tar éis aistrithe chuig íocaíochtaí díreacha agus uathu, de réir mar a shonraítear i bpointe (b), in aghaidh an chineáil idirghabhála agus in aghaidh na hidirghabhála [...], lena n-áirítear na foriomlána don tréimhse, agus léireofar freisin an ráta ranníocaíochta CETFT is infheidhme, arna mhiondealú in aghaidh na hidirghabhála agus in aghaidh an chineáil réigiúin i gcás inarb infheidhme. I gcás ina n-aistrítear cistí ó íocaíochtaí díreacha, sonrófar an idirghabháil/na hidirghabhálacha nó cuid den idirghabháil arna mhaoiniú ag an aistriú sin. Sonrófar sa tábla seo freisin na haschuir atá beartaithe in aghaidh na hidirghabhála agus an meán-aonadmhéid nó an t-aonadmhéid aonfhoirmeach **atá beartaithe**, mar aon leis, i gcás inarb **ábhartha, an t-aonadmhéid uasta atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 89(1) agus (2). I gcás** inarb infheidhme, **áireofar sa tábla freisin** miondealú ar na [...] deontais agus ar na méideanna atá beartaithe le haghaidh ionstraimí airgeadais. Sonrófar ann na méideanna le haghaidh cúnamh teicniúil freisin;

[...]

**(ca) léirithe na n-idirghabhálacha a chuireann le ceanglais íosta caiteachais arna leagan síos in Airteagal 86.**

[...]

*Airteagal 101*

*Córais rialachais agus chomhordaithe*

Sa [...] **roinn** a[...]**r** na córais comhordaithe rialachais dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 95(1), áireofar:

(a) sainaithint na gcomhlachtaí rialachais uile dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal II de [...] Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], **chomh maith leis an Údarás Bainistíochta agus leis na húdaráis ar an leibhéal réigiúnach dá dtagraítear in Airteagal 110;**

(b) sainaithint na gcomhlachtaí [...] idirmheánacha agus an ról atá acu [...], dá dtagraítear in [...] **Airteagal 110(4)**;

(c) faisnéis maidir leis na córais rialaithe agus na pionóis dá dtagraítear i dTeideal IV de [...] Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach] lena n-áirítear:

  (i) an córas comhtháite riaracháin agus rialaithe dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal IV de [...] Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach];

  (ii) an córas rialaithe agus pionóis le haghaidh coinníollachta dá dtagraítear i gCaibidil IV de Theideal IV de [...] Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach];

  (iii) na comhlachtaí rialaithe inniúla atá freagrach as na seiceálacha;

(d) [...] **forléargas** ar an struchtúr faireacháin agus tuairiscithe.

*Airteagal 102*

*Nuachóiriú*

An [...] **roinn** a[...]**r** ar na heilimintí lena n-áirithítear nuachóiriú CBT dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 95(1), tabharfaidh sí aird ar eilimintí den Phlean Straitéiseach CBT, eilimintí a thacaíonn le nuachóiriú na hearnála talmhaíochta agus in CBT beidh an méid seo a leanas go háirithe:

(a) forléargas ar an gcaoi a gcuirfidh an Plean Straitéiseach CBT leis an gcuspóir ginearálta trasearnála a bhaineann le heolas, nuálaíocht agus digitiú a chothú agus a chomhroinnt **i réimse na talmhaíochta agus i gceantair thuaithe** agus an glacadh atá leo a spreagadh dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 5, go háirithe tríd an méid seo:[...] **tuairisc ar leagan amach eagraíochtúil AKIS agus ar an gcaoi a n-oibreoidh seirbhísí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 13, taighde agus líonraí CBT i gcomhar le chéile, agus an chaoi a gcuirfidh siad comhairle, sreabha eolais agus seirbhísí nuálaíochta ar fáil, agus ar an gcaoi a ndéanfar na gníomhaíochtaí eile dá dtugtar tacaíocht faoi Airteagal 72 a chomhtháthú in AKIS;**

[...]

(b) tuairisc ar [...] an gcaoi a n-úsáidfear teicneolaíochtaí **digiteacha** **sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe** chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht idirghabhálacha an Phlean Straitéisigh CBT.

*Airteagal 103*

*Iarscríbhinní*

1. In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 95(2), áireofar achoimre ar phríomhthorthaí na meastóireachta *ex ante* dá dtagraítear in Airteagal 125 agus ar an [...]SEA[...] dá dtagraítear i dTreoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] agus ar an gcaoi ar tugadh aghaidh orthu nó údar maidir leis an gcúis nár cuireadh san áireamh iad, agus nasc chuig tuarascáil iomlán na meastóireachta *ex ante* agus tuarascáil ar an SEA.

[18] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

2. Áireofar in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 95(2), anailís SWOT ar chúrsaí mar atá faoi láthair maidir leis an réimse a chumhdaítear faoin bPlean Straitéiseach CBT.

Bunófar anailís SWOT ar chúrsaí mar atá faoi láthair maidir leis an limistéar a chumhdaítear faoin **P**[...]hlean **S**[...]traitéiseach CBT agus, maidir le gach cuspóir sonrach a leagtar amach in Airteagal 6[...], [...] beidh **t**uairisc fhoriomlán ar chúrsaí mar atá faoi láthair maidir leis an limistéar a chumhdaítear faoin Phlean Straitéiseach CBT, bunaithe ar tháscairí comhthéacs coiteanna agus ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil eile atá cothrom le dáta amhail staidéir, tuarascálacha meastóireachta a rinneadh roimhe, anailís earnála agus ceachtanna a foghlaimíodh trí thaithí a fuarthas roimhe.

**I gcás inarb ábhartha, áireofar ar anailís SWOT anailís ar ghnéithe críochacha, ina dtabharfar aird ar na críocha sin ar díríodh isteach orthu go sonrach trí idirghabhálacha, agus anailís ar ghnéithe earnála, go háirithe do na hearnálacha sin atá faoi réir idirghabhálacha sonracha nó cláir earnála.**

[...]

[...]

Maidir leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 6[...], déanfaidh anailís SWOT tagairt do na pleananna náisiúnta a eascraíonn as na hionstraimí reachtacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI.

Maidir leis an gcuspóir sonrach feirmeoirí óga a mhealladh, a leagtar amach i bpointe (g) d'Airteagal 6[...], áireofar san **anailís** SWOT anailís ghearr ar rochtain ar thalamh, soghluaisteacht talún agus athstruchtúrú talún, inrochtaineacht [...] maoinithe agus creidiúintí, agus rochtain ar eolas agus comhairle.

Maidir leis an gcuspóir ginearálta trasearnála a bhaineann le heolas, nuálaíocht agus digitiú a chothú agus a chomhroinnt agus an glacadh atá leo a spreagadh arna leagan amach sa dara fomhír d'Airteagal 5, soláthróidh an anailís SWOT faisnéis ábhartha faoi fheidhmiú AKIS agus struchtúir ghaolmhara eile.

3. Áireofar ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 95(2) torthaí chomhairliúchán na gcomhpháirtithe agus gearrthuairisc ar an gcaoi a ndearnadh an comhairliúchán.

4. **I gcás inarb ábhartha,** in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 95(2), soláthrófar gearrthuairisc ar an íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis agus ar a chomhlántacht le hidirghabhálacha eile de Phlean Straitéiseach CBT.

5. In Iarscríbhinn V a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear i bpointe (e) **d**'Airteagal 95(2), beidh na nithe seo a leanas:

   (a) gearrthuairisc ar mhaoiniú breise náisiúnta a chuirtear ar fáil laistigh de raon feidhme an Phlean Straitéisigh CBT, lena n-áirítear méideanna in aghaidh na [...] **hidirghabhála** agus léiriú ar chomhlíonadh na gceanglas faoin Rialachán seo; **agus**

(b) [...]

(c) léiriú maidir le cé acu an dtagann an maoiniú breise náisiúnta lasmuigh de raon feidhme Airteagal 42 CFAE nó nach dtagann agus an bhfuil sé faoi réir mheasúnaithe Státchabhrach nó nach bhfuil.

***Airteagal 103a***

***Limistéir thuaithe***

**Chun críocha an Rialacháin seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT cad is 'limistéar tuaithe' ann, lena n-áirítear, má tá údar cuí leis, le haghaidh cineáil idirghabhála nó le haghaidh idirghabhála.**

*Airteagal 104*

*Cumhachtaí tarmligthe le haghaidh inneachar an Phlean Straitéisigh CBT*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 **suas go dtí an 31 Nollaig 2022** lena leasaítear an Chaibidil seo a mhéid a bhaineann le hinneachar an Phlean Straitéisigh CBT agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis**. Beidh an cumhachtú sin teoranta go docht d'aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhíonn ag na Ballstáit.**

*Airteagal 105*

*Cumhachtaí tarmligthe le haghaidh inneachar an Phlean Straitéisigh CBT*

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le cur i láthair na n-eilimintí a gcuirtear síos orthu in Airteagail 96 go 103 de na Pleananna Straitéiseacha CBT. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

# CAIBIDIL III

# PLEAN STRAITÉISEACH CBT A FHORMHEAS AGUS A LEASÚ

*Airteagal 106*

*Plean Straitéiseach CBT a fhormheas*

1. Cuirfidh gach Ballstát togra faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh Plean Straitéiseach CBT, **ina mbeidh** an t-inn[...]**eachar** [...] dá dtagraítear in Airteagal 95 tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 202[...]**2**.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bPlean Straitéiseach CBT atá beartaithe [...] **a mhéid a bhaineann** [...] **lena** iomláine [...] , [...] **a** chomhleanúnachas agus a chomhsheasmhacht le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, leis an Rialachán seo agus leis na forálacha arna nglacadh dá bhun agus le [...] Rialachán **(AE) [an Rialachán Cothrománach]**, [...] maidir **lena** éifeachtacht ó thaobh cur leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6 a ghnóthú [...] agus **lena** thionchar ar fheidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh agus saobhadh an iomaíochais[...]. Tabharfaidh an measúnú aghaidh, go háirithe, ar leordhóthanacht straitéis an Phlean Straitéisigh CBT, ar na cuspóirí sonracha comhfhreagracha, spriocanna, idirghabhálacha agus leithdháileadh acmhainní buiséadacha chun cuspóirí sonracha an Phlean Straitéisigh CBT a chomhlíonadh trí na hidirghabhálacha a bheartaítear arna bhunú ar an anailís SWOT agus ar an meastóireacht *ex ante*. **Beidh an measúnú bunaithe go heisiach ar ghníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí ar na Ballstáit.**

3. Ag brath ar thorthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an Coimisiún barúlacha a chur in iúl do na Ballstáit laistigh de 3 mhí ón dáta a gcuirfear an Plean Straitéiseach CBT faoina bhráid.

   Soláthróidh an Ballstát gach faisnéis bhreise is gá don Choimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, athbhreithneoidh sé an plean atá beartaithe.

4. Formheasfaidh an Coimisiún an Plean Straitéiseach CBT atá beartaithe ar choinníoll gur cuireadh an fhaisnéis is gá faoina bhráid agus [...] go bhfuil an Plean comhoiriúnach **<u>d'Airteagal 9 agus</u>** [...] do na ceanglais **<u>eile</u>** a leagtar amach sa Rialachán seo agus **<u>i Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach] mar aon leis</u>**[...] na forálacha arna nglacadh **<u>dá [...] mbun</u>**.

5. Déanfar gach Plean Straitéiseach CBT a fhormheas tráth nach déanaí ná [...] **<u>6</u>** mhí tar éis don Bhallstát lena mbaineann é a thíolacadh.

   Ní chumhdófar leis an bhformheas an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 101 agus in Iarscríbhinní I go IV a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear i bpointí (a) go dtí (d) d'Airteagal 95(2).

   I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh [...] **<u>B</u>**allstát iarraidh ar an gCoimisiún Plean Straitéiseach CBT nach bhfuil na heilimintí uile ann a fhormheas. Sa chás sin, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann in iúl cé na codanna den Phlean Straitéiseach CBT atá in easnamh agus soláthróidh sé spriocanna táscacha agus pleananna airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 100 le haghaidh an Phlean Straitéisigh iomláin CBT chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht iomlán an phlean a léiriú. Cuirfear na heilimintí den Phlean Straitéiseach CBT atá in easnamh faoi bhráid an Choimisiún mar leasú ar an bplean i gcomhréir le hAirteagal 107.

6. Déanfaidh an Coimisiún gach Plean Straitéiseach CBT a fhormheas trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme gan an nós imeachta choiste dá dtagraítear in Airteagal 139 a chur i bhfeidhm.

7. Ní bheidh éifeachtaí dlí ag Pleananna Straitéiseacha CBT go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún iad a fhormheas.

*Airteagal 107*

*Plean Straitéiseach CBT a fhormheas*

1. Féadfaidh na Ballstáit iarrataí a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun a bPleananna Straitéiseacha CBT a leasú.

2. Beidh údar cuí leis na hiarrataí ar leasú ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus leagfar amach iontu, go háirithe, an tionchar a mbeifear ag súil leis ó na hathruithe ar an bplean maidir leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6[...] a ghnóthú. Beidh an plean leasaithe ag gabháil leo lena n-áirítear na hiarscríbhinní nuashonraithe de réir mar is iomchuí.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhleanúnachas an leasaithe leis an Rialachán seo agus leis na forálacha arna nglacadh dá bhun chomh maith le [...] Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach] agus a rannchuidiú éifeachtach leis na cuspóirí sonracha.

4. Formheasfaidh an Coimisiún an Plean Straitéiseach CBT atá beartaithe ar choinníoll gur cuireadh an fhaisnéis is gá faoina bhráid agus [...] go bhfuil an Plean comhoiriúnach **d'Airteagal 9 agus** [...] do na ceanglais **eile** a leagtar amach sa Rialachán seo agus **i Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach] mar aon leis**[...] na forálacha arna nglacadh **dá [...] mbun**.

5. Féadfaidh an Coimisiún a chuid barúlacha a thabhairt ina leith laistigh de 30 lá ón dáta a cuireadh isteach an iarraidh ar leasú an Phlean Straitéisigh CBT. Soláthróidh an Ballstát an fhaisnéis bhreise ar fad is gá don Choimisiún.

6. Déanfar iarraidh ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT a fhormheas tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis don Bhallstát é a chur isteach [...].

7. Féadfar iarraidh ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT a thíolacadh [...] uair amháin in aghaidh na bliana féilire faoi réir díolúintí a d'fhéadfadh a bheith ann arna gcinneadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 109. **Ina theannta sin, féadfar trí iarraidh bhreise ar leasú an Phlean a thíolacadh le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le hiarrataí ar leasuithe chun na heilimintí atá in easnamh a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 106(5).**

**7a. De mhaolú ar mhíreanna 2 go 7 agus 8 go 9 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit, tráth ar bith, modhnuithe a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm ar eilimintí dá bPlean Straitéiseach CBT a bhaineann le hidirghabhálacha faoi Chaibidil IV de Theideal III, lena n-áirítear coinníollacha incháilitheachta na n-idirghabhálacha sin, nach n-eascróidh athruithe ar na spriocanna astu dá dtagraítear in Airteagal 97(1)(a). Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na modhnuithe sin faoin tráth a dtosóidh siad á gcur i bhfeidhm agus áireoidh siad iad ar an gcéad iarraidh eile ar leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le mír 1.**

8. Déanfaidh an Coimisiún gach leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT a fhormheas trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme gan an nós imeachta coiste dá dtagraítear in Airteagal 139 a chur i bhfeidhm.

9. Gan dochar d'Airteagal 80, ní bheidh éifeachtaí dlí ag leasanna ar Phleananna Straitéiseacha CBT go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún iad a fhormheas.

10. Ceartúcháin de chineál cléireachais nó eagarthóireachta amháin nó earráidí follasacha nach ndéanfaidh difear do chur chun feidhme an bheartais agus na hidirghabhála, ní mheasfar iad a bheith mar a bheadh iarraidh ar leasú ann. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na ceartúcháin sin.

*Airteagal 108*

*Teorainneacha ama a ríomh le haghaidh gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin*

Chun críocha na Caibidle seo, i gcás ina leagfar síos teorainn ama le haghaidh gníomhaíocht de chuid an Choimisiúin, cuirfear tús leis an tréimhse ama lena mbaineann nuair a thíolacfar an fhaisnéis uile a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus na forálacha a ghlactar dá bhun.

Ní áireofar ar an teorainn ama sin an tréimhse a thosóidh ar an dáta i ndiaidh an dáta ar a seolfaidh an Coimisiún a bhreathnóireachtaí nó a iarraidh ar dhoiciméid athbhreithnithe chuig an mBallstát agus a chríochnóidh ar an dáta a thabharfaidh an Ballstát freagra don Choimisiún.

*Airteagal 109*

*Cumhachtaí tarmligthe*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 [...] chun an Chaibidil seo a **fhorlíonadh** a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta maidir leis an gcur chuige agus na teorainneacha ama i dtaca le Pleananna Straitéiseacha CBT a fhormheas;

(b) [...] nósanna imeachta maidir leis an gcur chuige agus na teorainneacha ama i dtaca le Pleananna Straitéiseacha CBT a fhormheas agus iarrataí ar leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a thíolacadh agus a fhormheas;

(c) [...] cásanna eisceachtúla a chinneadh, ar cásanna iad nach gcuirfear san áireamh maidir leis an líon uasta leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 107(7).

# TEIDEAL VI
# COMHORDÚ AGUS RIALACHAS

*Airteagal 110*

*An tÚdarás Bainistíochta*

1. Ainmneoidh **gach** Ballstát [...] **údarás bainistíochta (dá dtagraítear sa Rialachán seo mar** "an tÚdarás Bainistíochta") le haghaidh [...] **a** Phlean Straitéiseach CBT[...] , **agus is é an t-údarás sin amháin a bheidh mar idirghabhálaí don Choimisiún**.

**Féadfaidh na Ballstáit, agus iad ag tabhairt aird ar a gcuid forálacha bunreachtúla, údaráis a ainmniú ar an leibhéal réigiúnach a bheidh freagrach as roinnt de na cúraimí, nó iad ar fad, dá dtagraítear i mír 2.**

Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar an córas ábhartha bainistithe agus rialaithe ar bhealach lena ndéantar leithdháileadh soiléir agus deighilt shoiléir feidhmeanna idir an tÚdarás Bainistíochta agus **údaráis agus** comhlachtaí eile a áirithiú. Beidh na Ballstáit freagrach as a áirithiú go bhfeidhmeoidh an córas go héifeachtach i rith thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT.

2. Beidh an tÚdarás Bainistíochta freagrach as bainistiú agus cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus ceart. Go háirithe, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh córas [...] **faisnéise** leictreonach ann [...] **dá dtagraítear in Airteagal 117**;

(b) i gcás tairbhithe agus comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme idirghabhálacha:

(i) go gcoinneofar ar an eolas iad faoina gcuid oibleagáidí a eascraíonn as an gcabhair a thugtar, agus go gcoinneofar córas cuntasaíochta ar leith nó cód cuntasaíochta leordhóthanach le haghaidh gach idirbheart a bhaineann le hoibríocht, **<u>i gcás inarb ábhartha</u>**;

(ii) go mbeidh siad ar an airdeall maidir leis na ceanglais a bhaineann le soláthar sonraí don Údarás Bainistíochta agus taifeadadh aschur agus torthaí;

(c) go dtabharfar do na tairbhithe lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí trí mheán leictreonach, [...] **<u>faisnéis shoiléir chruinn</u>** ar na ceanglais reachtúla bhainistithe agus ar na híoschaighdeáin **<u>GAEC</u>** [...] arna mbunú de bhun Roinn 2 de Chaibidil I de Theideal III a chuirfear i bhfeidhm ar leibhéal na feirme[...];

(d) go mbeidh an mheastóireacht *ex ante* dá dtagraítear in Airteagal 125 i gcomhréir leis an gcóras meastóireachta agus faireacháin agus [...] go [...] gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin í;

(e) go mbeidh an plean meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 126 curtha ar bun, go ndéanfar an mheastóireacht *ex post* dá dtagraítear san Airteagal sin laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa Rialachán seo, a áirithiú go ndéanfar meastóireachtaí den sórt sin i gcomhréir leis an gcóras faireacháin agus meastóireachta agus go gcuirtear faoi bhráid an Choiste Faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 111 agus faoi bhráid an Choimisiúin iad;

(f) go ndéanfar faisnéis agus doiciméid atá ag teastáil le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT i bhfianaise a chuspóirí sonracha agus a thosaíochtaí, a sholáthar don Choiste Faireacháin;

(g) go ndéanfar an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a tharraingt suas, lena n-áirítear táblaí faireacháin chomhiomlána, agus, tar éis [...] **an tuarascáil a chur faoi bhráid** an Choiste Faireacháin **le haghaidh tuairime**, go gcuirfear í faoi bhráid an Choimisiúin **i gcomhréir le hAirteagal 8(3)(b) de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán Cothrománach]**;

(h) go ndéanfar gníomhaíochtaí ábhartha leantacha bunaithe ar bharúlacha an Choimisiúin maidir leis na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht;

(i) go bhfaighidh an ghníomhaireacht íocaíochta an fhaisnéis iomchuí uile, go háirithe ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm agus ar aon rialuithe a dtugtar fúthu maidir le hidirghabhálacha a roghnaítear le haghaidh cistiúcháin, sula gceadófar íocaíochtaí;

(j) tairbhithe faoi idirghabhálacha arna maoiniú ag CETFT, amach ó idirghabhálacha a bhaineann le ceantair agus ainmhithe, an tacaíocht arna fáil a aithint, lena n-áirítear úsáid iomchuí shuaitheantas an Aontais i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 5;

(k) go ndéanfar poiblíocht le haghaidh an Phlean Straitéisigh CBT, lena n-áirítear tríd an líonra náisiúnta CBT tríd an méid seo a leanas a dhéanamh**:**

**(i)** tairbhithe ionchasacha, eagraíochtaí gairmiúla, na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, comhlachtaí a bhfuil baint acu le comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn, agus na heagraíochtaí neamhrialtasacha lena mbaineann, lena n-áirítear eagraíochtaí comhshaoil a chur ar an eolas faoi na féidearthachtaí atá á dtairiscint tríd an bPlean Straitéiseach CBT agus faoi na rialacha maidir le rochtain a fháil ar chistiú ón bPlean Straitéiseach CBT [...] **agus**

**(ii)** [...] tairbhithe agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoin tacaíocht ón Aontas don talmhaíocht agus d'fhorbairt tuaithe tríd an bPlean Straitéiseach CBT.

**Maidir le tacaíocht arna maoiniú ag CERT, de réir mar is iomchuí, bainfidh na Ballstáit úsáid as na huirlisí infheictheachta agus cumarsáide agus as na struchtúir arna n-úsáid ag CETFT.**

3. [...] **I gcás ina bhfuil údaráis ar an leibhéal réigiúnach dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1 atá freagrach as na cúraimí dá dtagraítear i mír 2,** áiritheoidh an tÚdarás Bainistíochta [...] **comhordú iomchuí idir na húdaráis sin d'fhonn comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a ráthú** i ndáil le **ceapadh agus cur chun feidhme** an Phlean Straitéisigh CBT [...].

4. [...] Féadfaidh **an** tÚdarás Bainistíochta **nó na húdaráis ar an leibhéal réigiúnach, dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1, cúraimí a tharmligean chuig comhlachtaí idirmheánacha. Sa chás sin, coinneoidh an t-údarás tarmligin** freagracht iomlán as éifeachtúlacht agus ceartaiseacht bhainistiú agus chur chun feidhme na gcúraimí sin **agus** [...] áiritheoidh sé go bhfuil forálacha iomchuí i bhfeidhm ionas go mbeidh sé ar chumas an chomhlachta eile gach sonraí agus faisnéis is gá a fháil chun na cúraimí sin a chur i gcrích.

5. **Féadfaidh** an Coimisiún [...] gníomhartha [...] **cur chun feidhme** a ghlacadh [...] **lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha chun** go gcuirfear i bhfeidhm na ceanglais faisnéise, phoiblíochta agus infheictheachta dá dtagraítear i bpointí (j) agus (k) de mhír 2.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

*Airteagal 111*

*Coiste Faireacháin*

1. [...] Bunóidh **gach** Ballstát coiste chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme **an** Phlean Straitéisigh CBT ('Coiste Faireacháin') [...] **laistigh de thrí mhí ón dáta a thugtar fógra do na Ballstáit faoin gcinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena bhformheastar** [...] Plean Straitéiseach CBT.

   Déanfaidh gach Coiste Faireacháin a rialacha nós imeachta a ghlacadh, **lena bhféadfar foráil d'fhochoistí a bhunú, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach**.

   Tiocfaidh an Coiste Faireacháin le chéile uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana agus déanfaidh sé athbhreithniú ar na saincheisteanna uile a dhéanann difear do dhul chun cinn an Phlean Straitéisigh CBT i dtaca lena spriocanna a ghnóthú.

   [...]

2. [...] Cinnfidh **gach** Ballstát comhdhéanamh an Choiste Faireacháin agus áiritheoidh sé go mbeidh ionadaíocht chothrom ar na húdaráis phoiblí ábhartha agus ar chomhlachtaí idirmheánacha agus ar ionadaithe na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 94(3).

   [...]

   Beidh ionadaithe ón gCoimisiún rannpháirteach in obair an Choiste Faireacháin mar chomhairleoirí.

**2a. Foilseoidh gach Ballstát na rialacha nós imeachta agus liosta chomhaltaí an Choiste Faireacháin ar líne, chomh maith leis na tuairimí arna n-eisiúint de bhun mhír 4.**

3. Déanfaidh an Coiste Faireacháin an méid seo a leanas a scrúdú go háirithe:

(a) dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT agus ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna;

(b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

(c) [...]

(d) an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh meastóireachtaí agus sintéis meastóireachtaí a dhéanamh agus aon bhearta leantacha mar gheall ar na torthaí;

(e) cur chun feidhme gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta [...]

(f) [...].

4. **Iarrfar** ar an gCoiste Faireacháin a thuairim a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

[...]

(b) an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáidtear chun na hoibríochtaí a roghnú;

(c) **an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí sonracha Phlean Straitéisigh CBT a bhaint amach mar a leagtar amach sna** tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht;

(d) an plean meastóireachta agus aon leasú **suntasach** air;

(e) togra ar bith ón [...]**Ú**darás [...]**B**ainistíochta maidir leis an leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT.

*Airteagal 112*

*Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ó [...] na Ballstáit*

1. Ar thionscnamh Ballstáit, féadfaidh CETFT tacú le gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo le haghaidh riar agus chur chun feidhme éifeachtach na tacaíochta i ndáil leis an bPlean Straitéiseach CBT, lena n-áirítear [...] na líonraí náisiúnta CBT dá dtagraítear in Airteagal 113(1) a [...] bhunú agus a oibriú. Féadfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa mhír seo a bheith ag baint le **<u>clárthréimhsí</u>** a bhí ann roimhe seo agus le tréimhsí den Phlean Straitéiseach CBT ina dhiaidh sin.

2. Féadfar tacú le gníomhaíochtaí údarás an Chiste Cheannasaigh i gcomhréir le míreanna (4), (5) agus (6) d'Airteagal 25 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] freisin, **<u>ar choinníoll go mbainfidh an fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] le tacaíocht ó CETFT</u>**.

3. Ní dhéanfar comhlachtaí deimhniúcháin a mhaoiniú trí chúnamh teicniúil ar thionscnamh [...] na mBallstát de réir bhrí Airteagal 11 **<u>de</u>** Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach].

*Airteagal 113*

*[...] **<u>L</u>**íonraí Eorpacha agus Náisiúnta Comhbheartais Talmhaíochta*

1. Bunóidh gach Ballstát [...]**<u>l</u>**íonra Náisiúnta Comhbheartais Talmhaíochta (líonra náisiúnta CBT) le haghaidh líonrú eagraíochtaí agus riarachán, comhairleoirí, taighdeoirí agus gníomhaithe eile nuálaíochta i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe ar an leibhéal náisiúnta 12 mhí ar a dhéanaí tar éis don Choimisiún an Plean Straitéiseach CBT a fhormheas.

2. Cuirfidh **<u>an Coimisiún</u>** líonra Eorpach le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta (líonra Eorpach CBT) ar bun le haghaidh líonrú na líonraí, na n-eagraíochtaí agus na riarachán náisiúnta i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe ar leibhéal an Aontais.

3. Beidh an méid seo a leanas mar chuspóirí ag líonrú trí líonraí CBT:

(a) rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí **ábhartha** uile a mhéadú i [...] gcur chun feidhme Pleananna Straitéiseacha CBT **agus, i gcás inarb ábhartha, ina gceapadh, mar aon le foghlaim idir piaraí a éascú**;

(b) [...] **cáilíocht chur chun feidhme Pleananna Straitéiseacha CBT a fheabhsú**;

(c) [...] **cur leis an bhfaisnéis atá ag an bpobal agus ag na tairbhithe ionchasacha CBT agus na deiseanna cistiúcháin**;

(d) nuálaíocht a chothú **i dtalmhaíocht agus forbairt tuaithe** agus tacú le cuimsiú gach geallsealbhóra, **agus leis an idirghníomhaíocht eatarthu**, sa mhalartú faisnéise agus sa phróiseas tógála faisnéise;

(e) [...]

(f) rannchuidiú le scaipeadh thorthaí Pleananna Straitéiseacha CBT**;**

**(fa) cúnamh a thabhairt do riaracháin na mBallstát i gcur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT agus san aistriú chuig samhail sheachadta bunaithe ar fheidhmíocht;**

**(fb) tacú le hacmhainneachtaí faireacháin agus meastóireachta na gcomhlachtaí ábhartha.**

**Tabharfar aghaidh ar na cuspóirí a leagtar amach i bpointí (fa) agus (fb) go háirithe trí líonra Eorpach CBT.**

4. Seo a leanas na cúraimí a bheidh ar [...]**l**íonraí CBT maidir leis na cuspóirí arna leagan amach i mír 3 a ghnóthú:

(a) faisnéis a bhailiú, a scaipeadh agus anailís a dhéanamh uirthi maidir le gníomhaíochtaí agus **dea-chleachtais a chuirtear chun feidhme nó** a fhaigheann tacaíocht faoi Phleananna Straitéiseacha CBT, **maille le hanailís ar fhorbairtí sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe is ábhartha maidir leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6**;

[...]

[...]

[...]

(e) ardáin, fóraim agus imeachtaí a chruthú chun malartú taithí idir geallsealbhóirí agus foghlaim idir piaraí a éascú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, malartuithe le líonraí i dtríú tíortha;

(f) faisnéis a bhailiú agus **scaipeadh na faisnéise sin a éascú chomh maith le** líonrú struchtúr agus tionscadal cistithe, amhail na grúpaí gníomhaíochta áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE)[Rialachán na bhForálacha Coiteanna], Grúpaí Oibríochtúla den Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le táirgiúlacht agus inbhuaine talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 114(4) agus struchtúir agus tionscadail choibhéiseacha;

(g) tacaíocht a thabhairt do thionscadail chomhair idir **Grúpaí Oibríochtúla CEN, [...] grúpaí gníomhaíochta áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]** nó struchtúir forbartha áitiúla chomhchosúla, lena n-áirítear comhar trasnáisiúnta;

(h) naisc a chruthú le straitéisí nó le líonraí eile arna maoiniú ag an Aontas;

(i) rannchuidiú le CBT a fhorbairt a thuilleadh agus le hullmhúchán aon tréimhse a bhaineann le haon Phlean Straitéiseach CBT a bheidh ann ina dhiaidh;

(j) i gcás líonraí náisiúnta CBT, a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí líonra Eorpach CBT agus rannchuidiú leo**;**

**(ja) i gcás líonra Eorpach CBT, rannchuidiú le fothú acmhainní le haghaidh riaracháin na mBallstát agus gníomhaithe eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT, lena n-áirítear próisis faireacháin agus meastóireachta, agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí líonraí náisiúnta CBT agus rannchuidiú leo**.

**5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach struchtúr agus oibríocht líonra Eorpach CBT. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).**

*Airteagal 114*

*An Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach [...]maidir le **t**áirgiúlacht agus [...] **i**nbhuaine [...]**t**almhaíochta*

1. [...]

2. Is é an aidhm a bheidh ag an **gComhpháirtíocht Eorpach um Nuáil (CEN) maidir le táirgiúlacht agus inbhuaine talmhaíochta** [...] nuálaíocht a spreagadh agus malartú eolais a fheabhsú. **Tacóidh CEN le AKIS dá dtagraítear in Airteagal 13(2) trí bheartais agus ionstraimí a nascadh chun dlús a chur le nuálaíocht.**

3. Rannchuideoidh CEN le cuspóirí sonracha a ghnóthú arna leagan amach [...] in Airteagal 6[...].

4. [...] Déanfaidh sí, go háirithe:

(a) breisluach a chruthú trí nasc níos láidre a chruthú idir taighde agus cleachtas feirmeoireachta agus úsáid níos leithne na mbeart nuálaíochta atá ar fáil a spreagadh;

(b) gníomhaithe nuálaíochta agus tionscadail a nascadh;

(c) réitigh nuálaíocha a thrasuí sa chleachtas ar bhonn níos tapúla agus níos forleithne; agus

(d) lucht eolaíochta a chur ar an eolas maidir leis na riachtanais taighde a bhaineann le cleachtas feirmeoireachta.

Beidh grúpaí oibríochtúla faoi CEN **arna dtacú faoin gcineál comhair idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 71** mar chuid de CEN. [...] Déanfaidh **gach grúpa oibríochtúil** plean a tharraingt suas le haghaidh tionscadail nuálaíocha [...] a bheidh le forbairt, [...] nó le cur chun feidhme. Bunófar **an tionscadal nuálaíoch** sin ar an tsamhail nuálaíochta idirghníomhach, arb iad seo a leanas na prionsabail ríthábhachtacha atá léi:

(a) réitigh nuálaíocha a fhorbairt a dhíríonn ar riachtanais feirmeoirí nó foraoiseoirí agus a théann i ngleic le hidirghníomhaíochtaí feadh an tslabhra soláthair san am céanna i gcás inarb áisiúil sin;

(b) comhpháirtithe a bhfuil eolas comhsheasmhach acu a thabhairt le chéile amhail feirmeoirí, comhairleoirí, taighdeoirí, fiontair nó eagraíochtaí neamhrialtasacha ar an gcaoi spriocdhírithe is oiriúnaí chun cuspóirí an tionscadail a ghnóthú; agus

(c) comhchinnteoireacht agus comhchruthú a dhéanamh feadh shlí an tionscadail.

**Féadfaidh grúpaí oibríochtúla gníomhú ar an leibhéal trasnáisiúnta, lena n-áirítear an leibhéal trasteorann.** D'fhéadfaí an nuálaíocht atá beartaithe a bhunú ar chleachtais nua agus ar chleachtais thraidisiúnta freisin i gcomhthéacs nua geografach nó comhshaoil.

Scaipfidh grúpaí oibríochtúla **achoimre ar** a bpleananna agus **ar** thorthaí a dtionscadal, go háirithe trí líonraí CBT.

# TEIDEAL VII
# FAIREACHÁN, TUAIRISCIÚ AGUS MEASTÓIREACHT

## CAIBIDIL I
## CREAT FEIDHMÍOCHTA

*Airteagal 115*

*Cur i bhfeidhm an chreata feidhmíochta*

1. [...] Déanfar **c**reat feidhmíochta **a bhunú faoi fhreagracht chomhroinnte na mBallstát agus an Choimisiúin**, lena bhféadfar faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT le linn chur chun feidhme an phlean.

2. Áireofar sa chreat feidhmíochta na heilimintí seo a leanas:

   (a) sraith táscairí coiteanna le haghaidh comhthéacs, aschur, toradh agus tionchar [...] **dá** [...] dtagraítear in Airteagal 7, sraith a úsáidfear mar bhonn le haghaidh faireachán, meastóireacht agus an tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht;

   (b) spriocanna agus [...] garspriocanna **débhliantúla** arna mbunú i ndáil leis an gcuspóir sonrach ábhartha trí na táscairí toraidh **ábhartha** a úsáid;

   (c) bailiú sonraí, stóráil agus tarchur;

   (d) tuairisciú rialta maidir le feidhmíocht, faireachán agus gníomhaíochtaí meastóireachta;

[...]

(f) [...] gníomhaíochtaí meastóireachta atá nasctha leis an bPlean Straitéiseach CBT [...]

[...]

*Airteagal 116*

*Cur i bhfeidhm an chreata feidhmíochta*

**Is** éard a bheidh i **gcuspóirí** [...]an chreata feidhmíochta:

(a) measúnú a dhéanamh ar thionchar, éifeachtacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus ar bhreisluach an Aontais maidir le CBT;

(b) [...]

(c) faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna na bPleananna Straitéiseacha CBT a ghnóthú;

(d) measúnú a dhéanamh ar thionchar, éifeachtacht, ábharthacht, agus ar chomhsheasmhacht idirghabhálacha na bPleananna Straitéiseacha CBT;

(e) tacú le comhphróiseas foghlama i dtaca le faireachán agus meastóireacht.

*Airteagal 117*

*Córas Leictreonach Faisnéise*

Bunóidh na Ballstáit córas faisnéise leictreonach [...] **slán** ina ndéanfaidh siad faisnéis ríthábhachtach a thaifeadadh agus [...] a **choinneáil** maidir le cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT, faisnéis atá riachtanach le haghaidh faireacháin agus meastóireachta, go háirithe [...] **maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ionsar na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach**, lena n-áirítear faisnéis maidir le gach tairbhí agus oibríocht.

*Airteagal 118*

*Faisnéis a sholáthar*

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh tairbhithe na tacaíochta faoi idirghabhálacha an Phlean Straitéisigh CBT agus grúpaí gníomhaíochta áitiúla **dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna]** faoina gcoinne féin, gach faisnéis is gá a sholáthar don Údarás Bainistíochta nó do chomhlachtaí eile arna dtarmligean chun feidhmeanna a dhéanamh ar a son, chun críocha faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an bPlean Straitéiseach CBT.

Áiritheoidh na Ballstáit go [...] mbunófar foinsí sonraí iontaofa le go mbeifí in ann dul chun cinn beartais a leanúint go héifeachtach i dtreo cuspóirí trí tháscairí aschuir, toraidh agus tionchair a úsáid.

*Airteagal 119*

*Nósanna imeachta faireacháin*

Déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta agus an Coiste Faireacháin faireachán ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT agus ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna an Phlean Straitéisigh CBT a ghnóthú ar bhonn [...] táscairí aschuir agus toraidh.

*Airteagal 120*

*Cumhachtaí cur chun feidhme le haghaidh an chreata feidhmíochta*

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i dtaca le hinneachar an chreata feidhmíochta. Sna gníomhartha sin beidh [...] na modhanna le haghaidh táscairí a ríomh agus na forálacha is gá chun cruinneas agus iontaofacht na sonraí arna mbailiú ag na Ballstáit a ráthú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

# CAIBIDIL II
# TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AR FHEIDHMÍOCHT

*Airteagal 121*

*Tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht*

1. [...] [...] Féadfaidh na Ballstáit, **i gcomhréir le hAirteagal 8(3) agus (4) de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach]**, [...] [...] tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a **sholáthar** maidir le cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT sa bhliain airgeadais roimhe sin. [...]

2. Sa tuarascáil bhliantúil dheireanach ar fheidhmíocht, a bheidh [...] **le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 8(3) agus (4) de Rialachán (AE) an Rialachán Cothrománach** faoin 15 Feabhra 2030, beidh achoimre ar na meastóireachtaí arna ndéanamh le linn na tréimhse cur chun feidhme.

3. Le go gceadófar í, beidh an fhaisnéis ar fad a éilítear i míreanna 4, **4a**, 5 agus 6, **agus nuair is ábhartha, 4b**, sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát **lena mbaineann** laistigh de 15 lá oibre [...] **ó thíolacadh** na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht i gcás nach bhfuil sí inghlactha **don athbhreithniú ar fheidhmíocht agus chun críocha faireachán**, agus mura ndéanfar sin measfar í a bheith inghlactha.

4. Leagfar amach sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil ríthábhachtach **maidir le** cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT trí thagairt a dhéanamh do shonraí airgeadais, táscairí aschuir agus toraidh [...].

**4a.** Áireofar ar [...] an **bhfaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear i mír 4** an méid [...] a leanas [...]**:**

**(a)** **na** haschuir [...] réad[...]**a**ithe**;**

**(b)** **an caiteachas a dearbhaíodh sna cuntais bhliantúla agus a bhaineann leis na haschuir dá dtagraítear i bpointe (a), sula gcuirfear aon phionóis nó laghduithe eile i bhfeidhm, agus i gcás CETFT, agus ath-leithdháileadh cistí a cuireadh ar ceal nó a gnóthaíodh de bhun Airteagal 55 de Rialachán [an Rialachán Cothrománach] á chur san áireamh;**

**(c)** **an cóimheas idir** [...] caiteachas **dá dtagraítear i bpointe (b) agus na haschuir ábhartha dá dtagraítear i bpointe (a) ('aonadmhéid réadaithe')** [...]**;**

**(d)** [...] torthaí agus an t-achar go dtí [...] na **garspriocanna** [...] **a chomhfhreagraíonn dóibh a shocraítear i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 97(1).**

**Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) a bhriseadh síos in aghaidh an aonadmhéid mar a leagtar amach é sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 99**.

**4b.** **I gcás idirghabhála nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 63(2) de Rialachán [an Rialachán Cothrománach], féadfaidh na Ballstáit, i dteannta na faisnéise dá bhforáiltear faoi mhír 4a, a chinneadh an méid seo a leanas a sholáthar i ngach tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht:**

**(a)** **an cóimheas idir iomlán na gcistí poiblí a gealladh d'oibríochtaí a ndearnadh íocaíochtaí ina leith sa bhliain airgeadais roimhe sin agus na haschuir réadaithe,**

**(b)** **líon gaolmhar na n-aschur agus an caiteachas.**

**Úsáidfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chun críocha Airteagail 38 agus 52 de Rialachán [an Rialachán Cothrománach] le haghaidh gach ceann de na blianta ina n-íocfar na hoibríochtaí gaolmhara.**

[...]

5. […] **Áireofar ar an bhfaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear i mír 4 [...] an méid seo a leanas:**

**(a)** sintéis ar staid chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT [...] **i ndáil leis** an mbliain airgeadais roimhe sin**;**

**(b)** aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht Phlean Straitéiseach CBT, go háirithe a mhéid a bhaineann le diallais ó gharspriocanna, i gcás inarb iomchuí, na cúiseanna atá leo agus, **i gcás inarb ábhartha,** cur síos a dhéanamh ar na bearta arna ndéanamh**.**

**5a. Chun críocha Airteagal 52(2) de Rialachán [an Rialachán Cothrománach], féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an méid seo a leanas a áireamh freisin faoin bhfaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear i mír 4:**

**(a) an t-údar cuí atá le haon fharasbarr den aonadmhéid réadaithe i gcomparáid leis an aonadmhéid comhfhreagrach atábeartaithe, nó, i gcás inarb infheidhme, an t-aonadmhéid uasta a bheartaítear dá dtagraítear in Airteagal 89 den Rialachán seo; nó**

**(b) i gcás ina gcinneann Ballstát úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 4b, bonn cirt le haon bharrachas san aonad réadaithe i gcomparáid leis an gcóimheas idir iomlán na gcistí poiblí a gealladh d'oibríochtaí a ndearnadh íocaíochtaí ina leith sa bhliain airgeadais roimhe sin agus an t-aschur réadaithe gaolmhar dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4b.**

**5b. Áireofar dlisteanú chun críche Airteagal 38(2) de Rialachán [an Rialachán Cothrománach] i gcás ina bhfuil an farasbarr dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 5a níos airde ná 50 %. De rogha air sin, i gcás ina gcinnfidh Ballstát úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 4b, ní áireofar údar ach amháin i gcás ina mbeidh an barrachas dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 5a níos airde ná 50 %.**

6. Maidir le hionstraimí airgeadais, le cois na sonraí a soláthrófar faoi mhír 4, soláthrófar faisnéis maidir leo seo a leanas:

(a) an caiteachas incháilithe de réir cineál táirge airgeadais;

(b) méid na gcostas bainistithe agus na dtáillí arna ndearbhú mar chaiteachas incháilithe;

(c) de réir cineál táirge airgeadais, an méid acmhainní príobháideacha agus poiblí arna n-úsáid le cois CETFT;

(d) ús agus gnóthachain eile arna nginiúint trí thacaíocht ó ranníocaíocht CETFT d'ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus acmhainní inchurtha i leith tacaíocht ó CETFT arna gcur ar ais dá dtagraítear in Airteagal 56 den Rialachán sin**;**[...]

**(e) luach iomlán na n-iasachtaí, na n-infheistíochtaí cothromais nó na n-infheistíochtaí cuasachothromais a rinneadh i bhfaighteoirí deiridh, a ráthaíodh le hacmhainní de chuid an Phlean Straitéisigh CBT, agus a íocadh go hiarbhír leis na faighteoirí deiridh.**

**I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit mír 4b a chur i bhfeidhm maidir le hionstraimí airgeadais, bainfidh an cóimheas idir iomlán na gcistí poiblí a ghealltar agus na haschuir réadaithe leis an tacaíocht a gheall na hionstraimí airgeadais do na faighteoirí deiridh sa bhliain airgeadais lena mbaineann.**

[...]

10. Déanfar na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht, mar aon le hachoimre do na saoránaigh ar a n-inneachar, a chur ar fáil don phobal.

**10a. Gan dochar do na nósanna imeachta imréitigh bhliantúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt maidir leis na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht atá inghlactha laistigh de mhí amháin óna gcur isteach. I gcás nach gcuireann an Coimisiún barúlacha in iúl laistigh den spriocdháta sin, measfar gur glacadh leis na tuarascálacha. Beidh feidhm ag Airteagal 108 maidir le teorainneacha ama a ríomh i dtaca le gníomhartha an Choimisiún *mutatis mutandis*.**

11. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir le cur i láthair inneachar na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

***Airteagal 121a***

***Athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht***

**1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú débhliantúil ar fheidhmíocht bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht.**

**2. I gcás ina léirítear le luach tuairiscithe ceann amháin nó níos mó de na táscairí toraidh atá mar chuid den athbhreithniú ar fheidhmíocht mar a leagtar amach i bpointe (da) d'Airteagal 99 go bhfuil easnamh níos mó ná 45 % ann ón ngarsprioc faoi seach don bhliain airgeadais 2025 agus 35 % don bhliain airgeadais 2027, cuirfidh na Ballstáit an t-údar atá leis an diall sin isteach. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na húdair chuí a cuireadh isteach, i gcás inar gá, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar Bhallstát lena mbaineann plean gníomhaíochta a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 39(1) de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], ina gcuirfear síos ar na gníomhaíochtaí feabhais atá beartaithe agus an t-achar ama a bhfuiltear ag súil leis.**

*Airteagal 122*

*Cruinnithe athbhreithnithe bliantúla*

1. [...] **Eagrófar** cruinniú athbhreithnithe **gach bliain** [...] **idir** an Coimisiún **agus gach Ballstát**, agus beidh an Coimisiún ina chomhchathaoirleach nó ina chathaoirleach ar an gcruinniú [...] **agus a** bheidh ann ar dháta nach luaithe ná dhá mhí tar éis don tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a bheith curtha faoina bhráid.

2. Beidh sé d'aidhm ag an gcruinniú athbhreithnithe bliantúil feidhmíocht [...] an **P**hlean **Straitéisigh CBT** [...] a scrúdú, lena n-áirítear an dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo na spriocanna atá leagtha síos a ghnóthú, agus scrúdú a dhéanamh ar aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht agus ar ghníomhaíochtaí a rinneadh nó a dhéanfar chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

# **CAIBIDIL IIa**
# **TUAIRISCIÚ DON ÍOCAÍOCHT BHARRSHONRACH DO CHADÁS**

***Airteagal 122a***
***Tuairisciú bliantúil***

**Faoin 15 Feabhra 2025 agus faoin 15 Feabhra gach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2030, agus an bhliain sin san áireamh, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún maidir le cur chun feidhme íocaíocht bharrshonrach do chadás a leagtar síos i bhForoinn 2 de Roinn 3 de Chaibidil II de Theideal III sa bhliain airgeadais roimhe sin: líon na dtairbhithe, méid na híocaíochta in aghaidh an heicteáir agus líon na heicteár arna n-íoc.**

# CAIBIDIL III

# CÓRAS DREASACHTAÍ LE hAGHAIDH DEA-FHEIDHMÍOCHT CHOMHSHAOIL AGUS AERÁIDE

[...]

[...]

# CAIBIDIL IV
# MEASTÓIREACHT AR PHLEAN STRAITÉISEACH CBT

*Airteagal 125*

*Meastóireachtaí ex-ante*

1. Déanfaidh gach Ballstát meastóireachtaí *ex ante* chun cáilíocht cheapadh a gcuid Pleananna Straitéiseacha CBT a fheabhsú.

2. Cuirfear meastóireacht *ex ante* i gcrích faoi fhreagracht an údaráis atá freagrach as an bPlean Straitéiseach CBT a ullmhú.

3. Tabharfar breithmheas ar an méid seo a leanas sa mheastóireacht *ex-ante*:

   (a) rannchuidiú an Phlean Straitéisigh CBT leis na [...] cuspóirí sonracha **<u>dá dtagraítear in Airteagal 6</u>**, agus riachtanais náisiúnta agus réigiúnacha agus an fhorbairt a d'fhéadfaí a bheith ann á gcur san áireamh chomh maith le ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme CBT i gclárthréimhsí roimhe sin;

   (b) comhsheasmhacht inmheánach an Phlean Straitéisigh CBT atá beartaithe agus an gaol le hionstraimí ábhartha eile;

   (c) comhsheasmhacht leithdháileadh acmhainní buiséadacha leis na cuspóirí sonracha s**<u>in dá dtagraítear in Airteagal 6 a dtugtar aghaidh orthu sa</u>**[...] Phlean Straitéiseach CBT;

   (d) an chaoi a rannchuideoidh na haschuir a bhfuil súil leo le torthaí;

   (e) cibé an bhfuil na spriocluachanna cainníochtaithe le haghaidh torthaí **<u>agus na garspriocanna</u>** **<u>iomchuí</u>** réadúil, ag féachaint don tacaíocht a shamhlaítear a thiocfaidh ó CERT agus CETFT;

[...]

(j) **<u>i gcás inarb ábhartha,</u>** an réasúnaíocht maidir le húsáid na n-ionstraimí airgeadais arna maoiniú ag CETFT.

4. [...] **<u>Féadfar</u>** a chuimsiú sa mheastóireacht *ex ante* na ceanglais maidir leis **<u>an</u>** [...] **<u>SEA</u>** a leagtar amach i dTreoir 2001/42/CE lena gcuirtear san áireamh na riachtanais don mhaolú ar an athrú aeráide.

*Airteagal 126*

*Meastóireacht ar Phleananna Straitéiseacha CBT le linn na tréimhse cur chun feidhme agus ex post*

1. Déanfaidh na Ballstáit measúnuithe ar na Pleananna Straitéiseacha CBT [...] chun cáilíocht cheapadh agus chur chun feidhme na bpleananna a fheabhsú [...]**<u>.</u>** [...] **<u>Déanfaidh na Ballstáit</u>** measúnú ar a **<u>bPleananna Straitéiseacha CBT</u>** i dtaca le héifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht, breisluach an Aontais agus an tionchar atá acu i ndáil lena rannchuidiú le cuspóirí ginearálta agus sonracha CBT agus leis na cuspóirí sonracha **<u>sin</u>** a leagtar amach in Airteagal 5 agus 6 [...] **<u>a dtugtar aghaidh orthu sa Phlean Straitéiseach CBT. Is leis an meastóireacht *ex-post* amháin a dhéanfar measúnú ar thionchar foriomlán an Phlean Straitéisigh CBT</u>**.

2. Cuirfidh na Ballstáit na meastóireachtaí i muinín saineolaithe neamhspleácha ó thaobh feidhme de.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta ar bun chun na sonraí is gá le haghaidh meastóireachtaí a tháirgeadh agus a bhailiú.

[...]

5. Déanfaidh na Ballstáit plean meastóireachta a tharraingt suas ina léirítear na gníomhaíochtaí meastóireachtaí a bheartaítear le linn na tréimhse cur chun feidhme.

6. Cuirfidh na Ballstáit an plean meastóireachta faoi bhráid an Choiste Faireacháin tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis glacadh an Phlean Straitéisigh CBT.

7. Beidh an tÚdarás Bainistíochta freagrach as meastóireacht ***ex-post*** chuimsitheach ar an bPlean Straitéiseach CBT a thabhairt i gcrích faoin 31[...] **Nollaig** 2031.

8. Cuirfidh na Ballstáit gach meastóireacht ar fáil don phobal.

# CAIBIDIL V
# MEASÚNÚ AR FHEIDHMÍOCHT ARNA DHÉANAMH AG AN gCOIMISIÚN

*Airteagal 127*

*Measúnú agus meastóireacht ar fheidhmíocht*

1. Bunóidh an Coimisiún plean meastóireachta ilbhliantúil ar CBT a dhéanfar faoina fhreagracht féin. **Cumhdófar sa mheastóireacht sin freisin na bearta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.**

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach lena scrúdófar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach an Aontais maidir le CERT agus CETFT faoi [...] **2026** agus na táscairí arna leagan amach in Iarscríbhinn I á gcur san áireamh. Féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as an bhfaisnéis uile is ábhartha atá ann cheana féin i gcomhréir le hAirteagal [...]128[...] de [...] **Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046**.

3. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht *ex post* lena scrúdófar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach an Aontais maidir le CERT agus CETFT.

4. Bunaithe ar fhianaise arna soláthar i meastóireachtaí ar CBT, lena n-áirítear meastóireachtaí ar Phleananna Straitéiseacha CBT, chomh maith le foinsí faisnéise ábhartha eile, cuirfidh an Coimisiún [...] **tuarascáil ar an meastóireacht eatramhach**, lena n-áirítear na chéad torthaí ar fheidhmíocht CBT, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, [...] **faoin 30 Meitheamh 2028**. Cuirfear an dara tuarascáil, lena n-áirítear measúnú ar fheidhmíocht CBT, isteach faoin 31 Nollaig [...] **2032**.

*Airteagal 128*

*Tuairisciú bunaithe ar chroí-thacar táscairí*

I gcomhréir leis [...] **an** gceanglas tuairiscithe atá ar an gCoimisiún de bhun Airteagal [...] **41(3)(h)(iii)** de [...] **Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046**, cuirfidh sé faisnéis maidir le feidhmíocht faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, faisnéis dá dtagraítear san Airteagal sin arna thomhas leis an gcroí-thacar táscairí arna leagan amach in Iarscríbhinn XII **den Rialachán seo**.

*Airteagal 129*

*Forálacha ginearálta*

1. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún [...] an [...] fhaisnéis **is gá** [...] **atá ar fáil le go mbeifear** in ann faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT **dá dtagraítear in Airteagal 127**.

2. Is ó fhoinsí sonraí fadbhunaithe go príomha a thiocfaidh na sonraí is gá le haghaidh na dtáscairí comhthéacs agus tionchair, amhail an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme agus Eurostat **nó trí chomhaontuithe le soláthraithe sonraí amhail an tAirmheán Comhpháirteach Taighde agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil**. [...]

3. [...] Úsáidfear sonraí ó chláir riaracháin, **amhail an córas comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], an córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 66 den Rialachán sin, agus cláir ainmhithe agus fíonghort,** a mhéid is féidir chun críocha staidrimh, i gcomhar le húdaráis staidrimh sna Ballstáit agus le Eurostat.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos na rialacha maidir leis an bhfaisnéis atá le cur isteach ag [...] na Ballstáit, agus an gá atá le haon ualach riaracháin míchuí a sheachaint á chur san áireamh aige, mar aon le rialacha maidir leis na riachtanais sonraí agus sineirgí idir na foinsí sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

# TEIDEAL VIII
# FORÁLACHA IOMAÍOCHTA

*Airteagal 130*

*Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le gnóthais*

I gcás ina ndeonaítear tacaíocht faoi Theideal III den Rialachán seo do chineálacha comhair idir ghnólachtaí, ní fhéadfar í a dheonú ach do chineálacha comhair den sórt sin a chomhlíonann na rialacha iomaíochais is infheidhme de bhua Airteagail 206 go dtí [...] **210** de [...] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

*Airteagal 131*

*Státchabhair*

1. Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Teideal seo, beidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le tacaíocht a thabhairt faoin Rialachán seo.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le [...] **tacaíocht a thugann** na Ballstáit de bhun an Rialacháin seo agus i gcomhréir leis, nó maidir leis an maoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 132 den Rialachán seo, faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE.

[...].

*Airteagal 132*

*Maoiniú náisiúnta breise*

[...] **I gcás tacaíocht a chuireann na Ballstáit ar fáil** maidir le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE agus [...] **atá** beartaithe maoiniú breise a sholáthar le haghaidh idirghabhálacha **forbartha tuaithe** a bhfuil tacaíocht ón Aontas formheasta ina leith tráth ar bith le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT, ní fhéadfar í a chur ar fáil ach amháin má [...] **chomhlíonann sí** an Rialachán seo [...] agus **má áirítear í** ar Iarscríbhinn V a ghabhann leis na Pleananna Straitéiseacha CBT [...] arna bhformheas ag an gCoimisiún.

***Airteagal 132a***

***Cabhair idirthréimhseach náisiúnta***

**Na Ballstáit a dheonóidh cabhair idirthréimhseach náisiúnta le linn na tréimhse 2015-2022, féadfaidh siad leanúint de chabhair idirthréimhseach náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a dheonú. Beidh méid iomlán na cabhrach teoranta don chéatadán seo a leanas de leibhéal na n-íocaíochtaí i ngach ceann de na himchlúdaigh airgeadais earnáilsonracha mar a d'údaraigh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 132(7) nó le hAirteagal 133a(5) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 in 2013:**

- **50% in 2023,**
- **45% in 2024,**
- **40% in 2025,**
- **35% in 2026,**
- **30% in 2027.**

*Airteagal 133*

*Bearta fioscacha náisiúnta*

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le bearta fioscacha náisiúnta lena gcinneann na Ballstáit diall ó rialacha ginearálta cánacha trí lámháil a fhágáil go ndéantar an bonn cánach a chuirtear i bhfeidhm maidir le feirmeoirí a ríomh ar bhonn tréimhse ilbhliantúil **d'fhonn an bonn cánach a réiteach thar thréimhse áirithe blianta**.

# TEIDEAL IX
# FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

## CAIBIDIL I
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 134*

*Bearta chun fadhbanna sonracha a réiteach*

1. Chun fadhbanna sonracha a réiteach, glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a mbeidh gá agus údar leo araon i gcás éigeandála. D'fhéadfadh maolú ar fhorálacha an Rialacháin seo a bheith i gceist leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, a mhéad agus a fhad a mbeidh fíorghá leis. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

2. I gcás ina n-éileofar sin le forais phráinne a mbeidh údar cuí leo, agus chun fadhbanna sonracha dá dtagraítear i mír 1 a réiteach agus leanúnachas [...] an **<u>Phlean Straitéisigh CBT</u>** a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach bonn, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 139(3).

3. Beidh éifeacht ag bearta a ghlacfar faoi mhír 1 nó 2 ar feadh tréimhse nach faide ná dhá mhí dhéag. Más ann, tar éis na tréimhse sin, do na fhadhbanna sonracha dá dtagraítear sna míreanna sin, féadfaidh an Coimisiún tograí iomchuí reachtach a thíolacadh chun réiteach buan a bhunú.

4. Féadfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aon bheart a ghlacfar faoi mhír 1 nó 2 laistigh de dhá lá oibre tar éis é a ghlacadh.

*Airteagal 135*

*Cur i bhfeidhm maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus maidir leis na hoileáin bheaga Aeigéacha*

1. **Ní bheidh feidhm ag Caibidil II de Theideal III maidir leis na réigiúin is forimeallaí.**

**2.** Maidir le híocaíochtaí díreacha a dheonaítear sna réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 **agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013,** [...], beidh feidhm ag pointí (a) agus (b) d'Airteagal 3 [...], pointí (a), (b) agus (d) **agus an dara habairt de phointe (c)**d'Airteagal 4(1), Roinn 2 de Chaibidil I, de Theideal III, [...] agus Teideal IX den Rialachán seo. Beidh feidhm ag pointí (a), (b) agus (d) d'Airteagal 4(1) [...] **agus** ag Roinn 2 de Chaibidil I de Theideal III, [...] gan aon oibleagáidí a bhaineann leis an bPlean Straitéiseach CBT.

[...]

# CAIBIDIL II

# CÓRAS FAISNÉISE AGUS SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

*Airteagal 136*

*Malartú faisnéise agus doiciméad*

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na [...] Ballstáit, córas faisnéise a bhunú chun go bhféadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit sonraí comhleasa a mhalartú ar bhealach slán.

2. Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil córas leictreonach slán iomchuí ann inar féidir an phríomhfhaisnéis agus na tuarascálacha fhaireachán agus ar mheastóireacht a thaifeadadh, a choinneáil agus a bhainistiú.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le hoibriú an chórais sin dá dtagraítear i mír 1. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 139(2).

*Airteagal 137*

*Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint*

1. Gan dochar d'Airteagail [96, 97 agus 98] de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta chun críocha a n-oibleagáidí bainistithe, rialaithe, faireacháin agus meastóireachta faoi seach faoin Rialachán seo agus, go háirithe, na hoibleagáidí a leagtar síos i dTeideal VI agus VII, agus ní dhéanfaidh siad na sonraí sin a phróiseáil ar bhealach nach luíonn leis an gcuspóir sin.

2. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha faireacháin agus meastóireachta faoi Theideal VII, trí úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach daingean dá dtagraítear in Airteagal 136, coinneofar anaithnid iad[...].

3. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le rialacha Rialachán (CE) Uimh. [...] **2018/1725** agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/679. Go háirithe, ní stórálfar na sonraí sin i bhfoirm lena mbeifear in ann ábhair shonraí a aithint go ceann tréimhse níos faide ná mar a bhfuil gá leis ar mhaithe leis an gcúis lenar bailíodh iad nó lena bpróiseálfar tuilleadh iad agus na tréimhsí íosta coinneála a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais a bhfuil feidhm leo á gcur san áireamh.

4. Cuirfidh na Ballstáit na hábhair sonraí ar an eolas go bhféadfaidh comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí de chuid an Aontais a sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le mír 1 agus sa mhéid sin go bhfuil sé de cheart acu leas a bhaint as na cearta cosanta sonraí dá bhforáiltear le Rialacháin (CE) Uimh. [...] **2018/1725** agus (AE) Uimh. 2016/679.

# CAIBIDIL III
# TARMLIGEAN CUMHACHTA AGUS FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 138*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 4, 7, 12, [...]32, 35, 36, 37, 41, 50,78, 81, **83,** 104 , **109** agus 141 a ghlacadh go ceann tréimhse seacht mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4, 7, 12, [...]32, 35, 36, 37, 41, 50, 78, 81, **83,** 104, **109** agus in Airteagal 141 a chúlghairm tráth ar bith. I gcás go ndéantar cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4, 7, 12, [...]32, 35, 36, 37, 41, 50, 78, 81, **83,** 104, **109** agus 141 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 139*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh 'Coiste an Chomhbheartais Talmhaíochta' cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

**I gcás gníomhartha dá dtagraítear in Airteagail 15(4), 23, 105, 120, 121(11), 129(4) agus 134(1), nuair nach dtabharfaidh an Coiste tuairim ar bith, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréacht-ghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

# CAIBIDIL V

# FORÁLACHA **IDIRTHRÉIMSEACHA AGUS** CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 140*

*Aisghairm*

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 202[...]**3**.

Leanfaidh sé, áfach, d'fheidhm a bheith aige, **faoi réir [an Rialacháin Idirthréimhsigh....XXX],** maidir le **cur chun feidhme na** gclár forbartha tuaithe [...] **de bhun Rialachán (AE) Uimh 1305/2013[*] suas go dtí an 31 Nollaig 2025. Beidh feidhm aige, faoi na coinníollacha céanna, maidir le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus arna íoc ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú na gclár forbartha tuaithe sin go dtí an 31 Nollaig 2025**.

Beidh feidhm ag Airteagal 32 agus ag Iarscríbhinn III de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 go fóill i ndáil le hainmniú na limistéar nár mhór aghaidh a thabhairt ar shrianta nádúrtha agus ar shrianta sonracha eile. Léifear tagairtí do na cláir forbartha tuaithe mar thagairtí do na Pleananna Straitéiseacha CBT.

**Go dtí go mbunófar na gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 113 den Rialachán seo, féadfaidh an gréasán Eorpach um fhorbairt tuaithe, an Gréasán Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht agus na gréasáin náisiúnta tuaithe dá dtagraítear in Airteagail 52, 53 agus 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a dhéanamh, i dteannta na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear sna hAirteagail sin, na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 113 agus in Airteagal 114 den Rialachán seo a dhéanamh.**

[*] Ní mór an chaoi a ndéantar tagairtí do Rialachán 1305/2013 sa ghníomh seo a scrúdú a thuilleadh ó thaobh an dlí nó ón taobh teicniúil de.

**Nuair a bhunófar na gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 113 den Rialachán seo, féadfaidh siad tabhairt faoi na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 52(3), in Airteagal 53(3) agus in Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, suas go dtí an 31 Nollaig 2025, sa bhreis ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 113 agus 114 den Rialachán seo, ar cúraimí iad a bhaineann le cur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.**

2. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 202**[...]3[...]**.

Mar sin féin, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige i ndáil le hiarratais ar chabhair a bhaineann le blianta éilimh a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 202[...]**3**.

[...].

***Airteagal 140a***

***Incháilitheacht cineálacha áirithe caiteachais a bhaineann le tréimhse an Phlean Straitéisigh CBT***

**1. Caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla i leith tairbhithe a thabhaítear faoi na bearta dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh 1257/1999 nó in Airteagail 39 nó 43 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle a fhaigheann tacaíocht faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, féadfaidh siad leanúint de bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíocht CETFT sa tréimhse 2023-2027, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:**

**(a) déantar foráil don chaiteachas sin sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir leis an Rialachán seo agus comhlíonann sé Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach];**

**(b) ráta ranníocaíochta CETFT na hidirghabhála a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir leis an Rialachán seo chun na bearta sin a chumhdach, tá sé infheidhme;**

(c) an córas comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], tá sé infheidhme maidir leis na gealltanais dhlíthiúla a thugtar faoi bhearta atá comhfhreagrach leis na cineálacha idirghabhála limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe a liostaítear i gCaibidlí II agus IV de Theideal III den Rialachán seo agus sainaithnítear go soiléir na hoibríochtaí ábhartha; agus

(d) na híocaíochtaí i ndáil leis na gealltanais dhlíthiúla dá dtagraítear i bpointe (c), déantar iad laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 42 de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach].

2. Caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla i leith tairbhithe a thabhaítear faoi na bearta dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle, féadfaidh siad leanúint de bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíocht CETFT sa tréimhse 2023-2027, faoi réir na gcoinníollacha seo:

(a) go dtugtar fógra faoin gcaiteachas sin don Choimisiún mar fhaisnéis bhreise sa chuid den Phlean Straitéiseach CBT atá tiomnaithe don straitéis idirghabhála, dá dtagraítear in Airteagal 97, agus trí chaiteachas a shonrú i bplean airgeadais an Phlean Straitéisigh CBT dá dtagraítear in Airteagal 100(2);

(aa) go gcomhlíonann sé Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige maidir leis an gcaiteachas sin*, agus

(b) is é an ráta is infheidhme an ráta ranníocaíochta CETFT a bhunaítear sa Phlean Straitéiseach CBT de bhun Airteagal 85(2)(d) den Rialachán seo.

3. Caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla i leith tairbhithe a thabhaítear faoi na bearta ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagail 22, 28, 29, 33 agus 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ón gComhairle, féadfaidh siad bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíocht CETFT sa tréimhse 2023-2027, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

---

* Ní mór tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh, ó thaobh an dlí agus ón taobh teicniúil de, ar an gceist faoin áit a dtabharfar isteach cur i bhfeidhm leantach Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

(a) déantar foráil don chaiteachas sin sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir leis an Rialachán seo agus comhlíonann sé Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach];

(b) ráta ranníocaíochta CETFT na hidirghabhála a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir leis an Rialachán seo chun na bearta sin a chumhdach, tá sé infheidhme;

(c) an córas comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach], tá sé infheidhme maidir leis na gealltanais dhlíthiúla a thugtar faoi bhearta atá comhfhreagrach leis na cineálacha idirghabhála limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe a liostaítear i gCaibidlí II agus IV de Theideal III den Rialachán seo agus sainaithnítear go soiléir na hoibríochtaí ábhartha; agus

(d) na híocaíochtaí i ndáil leis na gealltanais dhlíthiúla dá dtagraítear i bpointe (c), déantar iad laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 42 de Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach].

4. Caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla do thairbhithe arna dtabhú faoi na bearta dá dtagraítear in Airteagail 14 go 18, pointí (a) agus (b) d'Airteagal 19(1), Airteagal 20, Airteagail 23 go 27, 35, 38, 39 agus 39a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Airteagal 4 de Rialachán AE [XXXX/XXXX] [Rialachán idirthréimhseach][**]* ar feadh tréimhse níos faide ná 1 Eanáir 2026, féadfaidh siad bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíocht CETFT sa tréimhse 2023-2027, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) déantar foráil don chaiteachas sin sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir leis an Rialachán seo cé is moite d'Airteagal 68(3)(g) agus comhlíonann sé Rialachán (AE) [an Rialachán Cothrománach];

(b) ráta ranníocaíochta CETFT na hidirghabhála a leagtar síos sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir leis an Rialachán seo chun na bearta sin a chumhdach, tá sé infheidhme.

---

[**] Má tá Airteagal 4 mar chuid den Rialachán Idirthréimhseach nó mura mbeidh (ag brath ar ghlacadh Rialachán nua RFC).

***Airteagal 140b***

***Síneadh ama a chur le tréimhse cur i bhfeidhm na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear in Airteagail 29 go 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013***

**1. Eagraíochtaí táirgeoirí sainaitheanta nó a gcomhlachais san earnáil torthaí agus ghlasraí a bhfuil clár oibríochtúil acu dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a formheasadh ag Ballstát go ceann tréimhse is faide amach ná an 31 Nollaig 2022, cuirfidh siad, faoin 15 Meán Fómhair 2022, iarraidh faoi bhráid an Bhallstáit agus é d'éifeacht leis an iarraidh sin a iarraidh go ndéanfaí a gclár oibríochtúil:**

**(a) a mhodhnú chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh; nó**

**(b) a ionadú le clár oibríochtúil nua arna fhormheas faoin Rialachán seo; nó**

**(c) leanúint de bheith ag feidhmiú go dtí go mbeidh deireadh leis faoi na coinníollacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.**

**I gcás nach gcuirfidh na heagraíochtaí táirgeoirí sainaitheanta sin nó a gcomhlachais an iarraidh sin faoi bhráid an Bhallstáit faoin 15 Meán Fómhair 2022, tiocfaidh deireadh lena gclár oibríochtúil arna fhormheas faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 an 31 Nollaig 2022.**

**2. Na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, beidh feidhm leo go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2023. Leanfaidh Airteagail 39 go 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 de bheith i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2022 a mhéid a bhaineann le caiteachas a tabhaíodh agus le híocaíochtaí a rinneadh i gcomhair oibríochtaí a cuireadh chun feidhme de bhun an Rialacháin sin roimh an 16 Deireadh Fómhair 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagail 39 go 52 den Rialachán sin.**

**3. Amhail ón dáta a mbeidh feidhm dhlíthiúil le Plean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 106(7) den Rialachán seo, maidir le suim na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh den bhliain airgeadais faoi gach ceann de na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear in Airteagail 29 go 31 agus Airteagail 39 go 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus laistigh de gach ceann de na cineálacha idirghabhála d'earnálacha áirithe dá dtagraítear i bpointí (b) go (e) d'Airteagal 39 den Rialachán seo, ní rachaidh sí thar na leithdháiltí airgeadais a leagtar síos do gach bliain airgeadais le haghaidh gach cineál idirghabhála d'earnálacha áirithe dá dtagraítear i bpointí (b) go (e) d'Airteagal 39 den Rialachán seo.**

**5. Maidir leis na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear i míreanna 2 (c), 3 agus 2 den Airteagal seo, leanfaidh Airteagail 7(3), 9, 21, 43, 51, 52, 54, 59, 67, 68, 70 go 75, 77, 91 go 97, 99, 100, 102(2), 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 de bheith i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2022 a mhéid a bhaineann le caiteachas a thabhófar agus le híocaíochtaí a dhéanfar i gcomhair oibríochtaí a chuirfear chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 tar éis an dáta sin agus go dtí go dtiocfaidh deireadh leis na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear i míreanna 1 (c), agus 2 den Airteagal seo.**

*Airteagal 141*

*Bearta idirthréimhseacha*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 138 lena ndéanfar forálacha an Rialacháin seo a fhorlíonadh maidir leis na bearta is gá chun aon chearta a bheidh faighte agus aon ionchais dhlisteanacha tairbhithe a chosaint chun an t-aistriú a éascú ó na socruithe dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013**,** [...] (AE) Uimh. 1307/2013 **agus (AE) Uimh. 1308/2013** go dtí na socruithe siúd a leagtar síos sa Rialachán seo. Leagfar síos leis na rialacha idirthréimhseacha sin go háirithe na coinníollacha faoina bhféadfar an tacaíocht arna formheas ag an gCoimisiún faoi Rialachá**i**n (AE) Uimh. 1305/2013 **agus (AE) Uimh. 1308/2013** a chomhtháthú le tacaíocht dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear le haghaidh cúnamh teicniúil agus le haghaidh na meastóireachtaí *ex post*.

*Airteagal 142*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an **fichiú** lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*